


# Tuarascáil Bhliantúil an RSA 2012

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Tuarascáil Bhliantúil an RSA 2012

Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach

Maraíodh 162 duine in Éirinn i 2012 ar ár mbóithre. Ní timpistí a bhí iontu sin; d'fhéadfaí gach bás a chosc. Gortaíodh 485 go dona chomh maith, i mórán cásanna tharla tinnis a scrios saol an duine agus atá ag dul i bhfeidhm ar an duine aonair, ar a dteaghlach agus ar an bpobal. Cé gurb í 2012 an seachtú bliain i ndiaidh a chéile de laghduithe marthanacha ar bhásanna ar ár mbóithre agus an cúigiú bliain i ndiaidh a chéile sa chás go raibh taifead úr den líon ba lú básanna in Éirinn níor cheart dúinn a bheith bogásach nó a bheith ag ceiliúradh. Is ea, is Éire an cúigiú tír is sábháilte san Eoraip agus is fíor é gur ionann ráta básanna 2012 agus laghdú 12.9% ar bhásanna ar na bóithre, nó gur maraíodh 24 duine níos lú ná ar maraíodh sa bhliain 2011. Is é sin dul chun cinn maith ach nuair atá a mbeatha caillte ag 162 duine tá a lán eile le déanamh fós. Tá sé á éileamh ag daoine go mbeidh Éire ar an tír is sábháilte san Eoraip agus go deimhin is é sin an méid ba chóir don stát agus don tsochaí a sheachadadh.

Ba í an ghné ba shuntasaí i 2012 an fhíric gur tugadh an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 go 2013 chun críche. Bhí sprioc leagtha amach sa straitéis atá éagtha maidir le básanna ar na bóithre a laghdú go dtí nach mó ná 252 in aghaidh na bliana faoi dheireadh 2012. Baineadh é sin amach ceithre bliana iomlána roimh an dáta beartaithe. Tá muinín agam má bhíonn an leibhéal céanna tacaíochta poiblí, polaitiúla agus meán i gceist leis na gníomhartha a chuimsítear sa straitéis úr um shábháilteacht ar bhóithre agus má chuireann na gníomhaireachtaí páirtithe leasmhara éagsúla i bhfeidhm chomh díograiseach iad, go n-éiríodh go maith céanna léi. Déanfar tuilleadh básanna agus gortuithe dona a chosc. Má theipeann ar ghníomhaireacht ar bith nó má laghdaíonn siad a dtiomantas ní bheidh sé i bhfad sula rachaimid ar ais go dtí na seandóigheanna. Is fíor-riosca é sin, áfach, agus ní mór go seachnóimid filleadh ar na laethanta nuair a bhí os cionn 400 bás ar na bóithre in aghaidh na bliana.

Dúshlán mór do gach duine atá bainteach sa tsábháilteacht ar bhóithre agus do bhaill an phobail a úsáideann na bóithre is ea é an Straitéis úr um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013 – 2020 a chur i bhfeidhm le tiomantas, fócas agus dúthracht. Is é sin a dóigh chun bheith mar an tír is fearr agus is sábháilte san Eoraip. Is é sin an rud a chuireann cosc ar bhásanna agus ar ghortuithe.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ó tosaíodh ag féachaint do chur chuige straitéiseach maidir le sábháilteacht ar bhóithre in Éirinn i 1998. Tá laghdú 66% tagtha ar bhásanna ar na bóithre, i gcoinne cúlra um méadú céatadáin comhchosúil i líonta feithiclí. Tá a lán oibre le déanamh go fóill. Tá a lán beathaí le sábháil agus a lán gortuithe le cosc.

I mí Eanáir 2013 tugadh isteach an ceadúnas tiomána Cárta Phlaistigh úr ní hamháin sa tír seo ach ar fud an Aontais Eorpaigh. Go suimiúil, beidh an leagan Éireannach den cheadúnas úr á úsáid san fheachtas atá á dhéanamh ag an AE chun tabhairt isteach na gceadúnas tiomána cárta phlaistigh a chur chun cinn. Is é sin gotha beag ach gotha suntasach ón AE. Níos déanaí i 2013 déantar tabhairt isteach an cheadúnais féin a aistriú ó na hOifigí Mótarchánach Údaráis Áitiúil go dtí an RSA, nó an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána nó NDLS mar a thabharfar air. Go deimhin aistreofar an fhreagracht iomlán as bainistíocht an chórais um cheadúnais in Éirinn go dtí an RSA i 2013. Beidh sé sin ina mhórdhúshlán don RSA, ach tá muinín agam, i gcomhpháirtíocht leis na hÚdaráis Áitiúla agus le tacaíocht ón bpobal, go mbeimid ábalta aistriú éasca agus réidh a chur i gcrích.

Ní dhéanaimid dearmad choíche den chailliúint uafasach beathaí a tharla leis na tuairteanna bus i mBaile an Cheanntaigh agus i gClóirtheach. Mar thoradh ar na timpistí sin rinneadh leasú go iomlán agus go huile ar an gcóras trína ndéantar feithiclí iompair tráchtála agus paisinéirí a thástáil i gcomhair ródacmhainneachta sa tír seo. Sa chéim

**Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach**

dheiridh den phróisis sin tabharfar an fhreagracht iomlán don RSA as bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar an gCóras um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála ó Údaráis Áitiúla i 2013. Beidh athrú dearfach i gceist leis fosta ar an dóigh a ndéanfar na tástálacha iad féin a sheachadadh agus a riar.

In ainneoin na timpeallachta eacnamaíche dúshlánaí tá an RSA meáite ar leanúint de sheirbhís phoiblí den scoth a chur ar fáil dá chustaiméirí. Beidh sé mar aidhm ag an RSA a mhaoiniú féin a bheith aige go hiomlán faoi 2014 agus nach mbeidh maoiniú cáiníocóirí ón Státchiste de dhíth air feasta. Dá laghad airgid de chuid an cháiníocóra a theastaíonn i gcomhair an RSA a mhaoiniú is ea go ndéanfar an t-airgead sin a aitreorú go dtí caiteachas i gcodanna eile den tsábháilteacht ar bóithre ar a bhfuil aird de dhíth, go háirithe póilíneacht bóithre agus cothabháil ar bhóithre áitiúla.

Is é mo phostsa mar oifigeach cuntasaíochta maoirseacht a dhéanamh ar úsáid cheart buiséad, chun ionracas agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú agus chun a chinntiú go leanfaimid an beartas rialtais maidir le rialachas corparáideach. Glacaimse an fhreagracht as maoirseacht airgeadais an Údaráis. Leagadh amach staid airgeadais an Údaráis i gcuntais 2012 agus léiríodh na héifeachtúlachtaí a seachadadh dá gcustaiméirí ó bunaíodh an RSA i 2006.

Rinneadh feabhsuithe suntasacha a sheachadadh maidir leis an dóigh a ndearnadh seirbhísí dár gcustaiméirí a sheachadadh agus a mhaoiniú. Go ginearálta, ghlac an fhoireann leasuithe agus athruithe ar an earnáil phoiblí, le torthaí soléirithe don RSA, dá chustaiméirí, agus do na cáiníocóirí.

Ar an drochuair ní dhearnadh feabhsuithe seirbhíse don phobal i réimse na tástála tiománaithe a sheachadadh go hiomlán go fóill. Tá an-aiféala ar an Údarás mar gheall air sin agus is ábhar imní tromchúiseach é nach féidir leis an RSA nó na Ceardchumainn neamhaird a dhéanamh de níos mó. Teastaíonn seirbhís tástála tiomána chomhaimseartha in Éirinn toisc gurb é sin bonnchloch thábhachtach chun an chéad ghlúin eile tiománaithe a ullmhú. Tá Teagascóirí Tiomána Faofa (ADIanna) ardchaighdeáin in Éirinn anois mar aon le bunchóras oiliúna tiománaithe maith lena bhfuil torthaí soléirithe á mbaint amach. Ní mór go ndéanfaidh ár seirbhísí tástála tiomána a ngníomhartha i gComhaontú na Seirbhíse Poiblí a sheachadadh maidir leis an gceart um oiliúint agus tástáil tiománaithe in Éirinn.


Ar deireadh ba mhaith liom ómós a thabhairt do na gníomhaireachtaí agus do na grúpaí éagsúla a thug tacaíocht d'obair an RSA le linn na bliana. Admhaím obair chrua na ngníomhaireachtaí sin agus a gcuid foirne a sheachadann na seirbhísí amhail an NCT agus an Tástáil Teoirice Tiománaithe thar ceann an RSA. Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe a rinne iarracht bhreise chun an jab a dhéanamh go maith agus gan dearmad a dhéanamh ar an bhfócas ar an bhfáth a bhfuil an RSA ann, chun beathaí a shábháil agus chun gortuithe a chosc.

Bhí tacaíocht ónár máthair-Roinn agus ón Aire ina cumasóir iontach maidir lenár jab a fháil déanta agus táimid buíoch as a suim agus as a dtacaíocht leanúnach. Cuireann dúthracht agus fís Bhaill Bhoird an RSA maidir le maoirseacht a dhéanamh ar theacht chun cinn an RSA ó bhí 2006 ann buntaca faoi na torthaí atá leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil 2012.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach úsáideoir aonair bóithre, as aire níos fearr a thabhairt ar na bóithre i 2012. Rinne sé difear mór i do phobal. Anois agus muid ag breathnú ar aghaidh, an féidir liom an dúshlán a chur os do chomhair chun roinnt spriocanna pearsanta úra a leagan síos maidir leis an dóigh a n-úsáidfidh tú an bóthar i 2013? Déanfaidh athrú beag fiú difear mór ar an tsábháilteacht ar bhóithre agus ar ár sprioc náisiúnta chun na bóithre is sábháilte sa domhain a bheith againn a bhaint amach.

**An tUasal Noel Brett**
**An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# Ráiteas ón gCathaoirleach



Ag deireadh 2006, an bhliain sular lainseáladh tríú Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre, bhí beatha amháin á cailleadh againn gach lá ar na bóithre. Sé bliana ina dhiaidh sin, agus an straitéis seo á tabhairt chun deiridh, tá an líon laghdaithe go dtí trí bheatha á gcailleadh gach seachtain. Cé gur bás iomarca é bás amháin, ní mór a aithint mar thoradh ar do ghníomhartha, go bhfuil ceithre bheatha á sábháil agat gach seachtain i gcomparáid le 2006. Is gnóthachtáil iontach é sin agus rud ar cheart dóibh a bheith an-bhródúil as. Is é an dúshlán atá ann anois forbairt ar an rath sin.

Tá trí bheatha eile le sábháil againn gach seachtain.

Tá a fhios againn gur féidir linn tuilleadh dul chun cinn a dhéanmh toisc go bhfuil sé déanta sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír. Tosaíonn an tasc le cur i bhfeidhm Straitéis úr an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre ina gcuimsítear an tréimhse 2013 go 2020. Díreofar i bpríomhghnéithe den straitéis seo ar ghortuithe dona a laghdú, dul i ngleic le hathchiontaitheoirí agus bóithre níos sábháilte a fhorbairt.

Bliain dhúshlánach a bheidh i 2013. Tá cúlú sa tír. Tá mise agus mo chomhghleacaithe buartha faoin iarmhairt atá aige sin ar an tsábháilteacht ar bhóithre. D’fhéadfadh sé an obair mhaith atá déanta le deich mbliana anuas a chealú.

Tá na gníomhaireachtaí éagsúla atá bainteach sa tsábháilteacht ar bhóithre san iomaíocht i gcomhair acmhainní an Rialtais atá gann. Dá bhrí sin tá sé deacair ag roinnt daoine díriú ar an tsábháilteacht ar bhóithre nuair is é conas a íocfaidh siad a morgáiste, a thacóidh siad lena dteaghlach nó a choinneoidh siad a bpost a bpríomhbhuairt.
Nuair atá na réaltachtaí eacnamaíocha sin ag cur struis ar an tsábháilteacht ar bhóithre, áfach, ní stopann daoine ó bhás a fháil nó ó bheith fágtha faoi chithréim ar ár mbóithre. Ní dhéanann an bás nó gortú idirdhealú idir tréimhsí maithe eacnamaíocha agus drochthréimhsí eacnamaíocha.

Ní nuair a leanann iad siúd a bhíonn faoi thionchar óil nó drugaí ag tiomáint.
Ní nuair a dhiúltaíonn roinnt tiománaithe a bpáistí a shrianadh sa charr nó nuair a úsáideann siad fón póca agus iad ag tiomáint. Tá an líon básanna coisithe a tharlaíonn, go háirithe agus ólachán i gceist ina ábhar imní. Leanann tiománaithe óga fir de bheith ina gcúis ollmhór imní – tá sé os cionn sé huaire níos dóchúla go bhfaighidh siad bás ná grúpa ar bith eile.

Ná déan dearmad gur gortaíodh 485 duine (agus dúradh liom trí fhoinse iontaofa go bhfuil an figiúr sin measta faoina luach) go dona anuraidh i dtuairteanna. Is é sin 485 a d’fhulaingt gortú inchinne, cailleadh géige nó pairilis. 485 duine nach mbeidh a saolta, nó saolta a gcairde agus a dteaghlach mar an gcéanna choíche arís.

Is ábhar imní é an líon daoine aonair sa tionscal iompair ar bóthar a leanann d’fheithiclí dainséaracha a chur ar an mbóthar in iarracht chun costais a chiorrú. Tá an líon tiománaithe agus fostaithe atá bainteach i gcleachtas nach féidir é a mhíniú ach mar chalaois tacagraif d’fhonn dul timpeall ar na srianta ar uaireanta tiomána scáfar.
Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 221 cás a ionchúiseamh go rathúil sna Cúirteanna Dúiche i 2012. Bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh le sáruithe ar uaireanta tiománaithe, tacagraf agus rialacha um cheadúnú oibritheoirí.

## Ráiteas ón gCathaoirleach

Ghlac Cigirí Feithiclí an RSA páirt i 743 seiceáil cois bóthair i 2012 ina ndearnadh os cionn 7,000 feithicil a sheiceáil. Astu sin, bhí lochtanna ar bheagnach leath dóibh. Bhí 2 fheithicil as 5 cinn chomh lochtach sin agus go raibh beart láithreach ag teastáil lena n-aghaidh, amhail gaibhniú, deisiú ar an láithreán nó tástáil úr ar ródacmhainneacht. Lig dom na focail a scríobhadh níos luaithe sa tuarascáil seo a athrá. Déanfar oibritheoirí nó tiománaithe ar bith a fhaightear ag úsáid gléasanna chun tacagraif a mhí-ionramháil nó oibritheoirí nó tiománaithe ar bith ag falsú taifid tacagraif a ionchúiseamh. Agus ná bíodh siad ag dréim le trócaire ar bith ón RSA as cionta dá leithéidí a dhéanamh. Is cinnte nach bhfuilim ag iarraidh go mbeadh an bóthar á roinnt ag do theaghlachsa nó ag mo theaghlachsa le tiománaithe atá tuirseach nó a bhfuil 40 tona miotail nach bhfuil ródacmhainneach leo.

Is ábhar imní é fosta an líon carranna atá ar an mbóthar ar a bhfuil lochtanna dainséaracha. Rinne an NCT 8,500 carr a dheimhniú mar locht dainséarach a bheith orthu le dhá bhliain anuas.

Tá flít na bhfeithiclí sa tír seo ag éirí níos sine. Tá a lán de na carranna sin as ré an Tíogair Cheiltigh, agus tá a lán dóibh ann, ag éirí sean agus tá gá le cothabháil feithicle rialta a dhéanamh orthu. Mar iarracht airgead a choigilt, áfach, tá daoine ag déanamh faillí sa tasc riachtanach sin.

Is mian le gach duine bóithre níos sábháilte a bheith ann. Ach caithfidh gach duine a gcion a dhéanamh. Táimid bródúil as leanúint den chuid is mó de na rialacha, don chuid is mó den am, ach amháin b'fhéidir an riail a bheidh tábhachtach lá amháin nuair nach mbeimid ag dréim leis. Ní mór do gach duine a bheith feasach gurb iad féin atá freagrach go pearsanta, agus go bhféadfadh a nósanna pearsanta a bheith ina ndifear idir an bheatha agus an bhás.

**An tUasal Gay Byrne**

## Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| 02 | | Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach |
| 04 | | Ráiteas ón gCathaoirleach |
| 08 | 01 | Réamhrá |
| 16 | 02 | Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe |
| 30 | 03 | Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe |
| 76 | 04 | Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí |
| 104 | 05 | Seirbhísí Corparáideacha |
| 115 | | Aguisín |

# 1

# Réamhrá

## Bunú

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a bhunaigh an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Dílsíodh an RSA ar an 13 Meán Fómhair 2006 trí Ionstraim Reachtúil (I.R) Uimhir 477 de chuid 2006.

## Ár Misean

Is í aidhm an RSA beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is í Ag Obair chun Beatha Daoine a Shábháil an sprioc lenar ghlac Bord an RSA.

## Feidhmeanna

Tá na feidhmeanna as a bhfuil an RSA freagrach leagtha amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuimsíonn siad tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin fheithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre. Tá na feidhmeanna seo sannta faoi na stiúrthóireachtaí seo a leanas:

- Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
- Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas do Thiománaithe
- Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí
- Faigheann gach ceann acu tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha



## Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2012


Chaill 162 duine san iomlán a mbeatha in imbhuailtí bóthair sa bhliain 2011. Léiríonn sin 12.9% de thitim nó laghdú de 24 i líon na mbásanna ar bhóithre i gcomparáid leis an mbliain 1997* nuair a chaill 472 duine a mbeatha ar bhóithre na hÉireann.

Ba í 2012 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó thosaigh na taifid i 1959. Léirithe mar mheán míosúil, ba é líon na mbásanna i 2012 ná 14 sa mhí.

2006 ⇢ 30
2007 ⇢ 28
2008 ⇢ 23
2009 ⇢ 20
2010 ⇢ 18
2011 ⇢ 16


Is é príomhchuspóir Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais 2007-2012 ná líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú go líon nach mó ná 60 bás in aghaidh gach milliún den daonra faoi dheireadh na bliana 2012. Is ionann sin agus meánlíon de 21 bás ar na bóithre sa mhí nó 252 sa bhliain.

## Básanna Úsáideoirí Bóithre ar Bhóithre 2007 — 2012




*Is é 1997 an bhliain bhonnlíne sular tugadh isteach an Chéad Straitéis Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn.

## Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs, 1959—2012




FOINSE: RSA

## Básanna ar Bhóithre de réir Modh Taistil, 2001—2012

| Cineál Úsáideora | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Coisithe** | 86 | 64 | 70 | 74 | 73 | 81 | 49 | 40 | 44 | 45 | 29 |
| **Rothaithe** | 18 | 11 | 11 | 10 | 9 | 15 | 13 | 7 | 5 | 9 | 8 |
| **Gluaisrothaith** | 44 | 55 | 50 | 56 | 29 | 33 | 29 | 25 | 17 | 17 | 19 |
| **Úsáideoirí Carranna** | 200 | 172 | 208 | 222 | 226 | 171 | 160 | 146 | 130 | 95 | 95 |
| **Úsáideoirí FSP** | 1 | 0 | 0 | 6 | 3 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **Feithiclí Earraí** | 20 | 27 | 25 | 22 | 18 | 32 | 20 | 17 | 10 | 16 | 9 |
| **Daoine Eile nó Ní fios** | 7 | 6 | 10 | 6 | 7 | 5 | 8 | 2 | 5 | 3 | 1 |
| **Iomlán** | **376** | **335** | **374** | **396** | **365** | **338** | **279** | **238** | **212** | **186** | **162** |


## Seasamh na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre i gcomparáid le Tíortha Eile

De réir figiúirí sealadacha, tá Éire ar cheann de na tíortha is fearr san AE ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre. Tá Éire sa 6ú háit anois as 27 tír AE.


Bhí Éire ar na tíortha is mó a d'fheabhsaigh ó thaobh laghdú a dhéanamh ar líon na mbásanna ar bhóithre idir 2001 agus 2012.

D'ainneoin an fheabhsaithe sin, d'fhéadfaí i bhfad eile a dhéanamh, go háirithe i gcomparáid le tíortha eile (féach 2001 Rangú 2 bhás i ngach milliún). Tá figiúirí na hÉireann níos measa ná figiúirí na hÍsiltíre, na Ríochta Aontaithe agus na Sualainne. Is é an chiall atá le baint as sin ná go bhfuil neart le déanamh fós chun sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann a fheabhsú agus léiríonn an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas gur féidir dul chun cinn eile a dhéanamh, má bhíonn beartais agus bearta éifeachtacha i bhfeidhm agus má thacaítear leo.

### 2012 básanna de réir an mhilliúin[1]




1. http://europa.eu/rapid/press-release_IP-13-236_en.htm




## Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre, 2007 — 2012

Glacadh cur chuige straitéiseach i leith sábháilteacht ar bhóithre den chéad uair sa bhliain 1998. Foilsíodh an tríú straitéis sa bhliain 2007 (Straitéis Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012). Leagtar amach sa straitéis spriocanna cuimsitheacha agus aithníodh 126 beart a bhí le cur i gcrích le linn a tréimhse. Ba iad na príomhspriocanna:

- **Imbhuailtí, básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú 30%;**
- **Básanna ar an mbóthar a laghdú go 60 in aghaidh gach milliún daonra faoin mbliain 2012; agus go 50 nó faoina bhun sin sna blianta dá éis, le laghdú follasach i ngach bliain den straitéis;**
- **Gortuithe a laghdú de 25%;**
- **Spriocanna sonracha a shocrú chun luas a laghdú;**
- **Sprioc a shocrú chun úsáid criosanna sábhála a mhéadú.**

Idir 2007 agus 2012, laghdaigh líon na mbásanna de 52% agus ba é 35 in aghaidh gach milliúin daonra an ráta báis sa bhliain 2012. Rinneadh athbhreithniú ar Straitéis Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012. Seo a leanas torthaí an athbhreithnithe:

- **Thit líon na n-imbhuailtí marfacha idir feithiclí de bhreis is leath i dtréimhse na straitéise;**
- **Laghdaigh líon na n-imbhuailtí marfacha eile de thart ar thrian;**
- **Bhí ráta na n-imbhuailtí tromchúiseacha tuairiscithe sa bhliain 2011 faoi bhun leath den ráta ag tús thréimhse na straitéise;**
- **Is ionann tionchar na straitéise agus 686 imbhualadh marfach, 1312 gortú tromchúiseach agus 649 mion-imbhualadh a chosc;**
- **Tá cultúr sábháilteachta ar bhóithre neadaithe go daingean i measc an chuid sin den phobal a úsáideann na bóithre.**

Fuair an t-athbhreithniú, chomh maith, gur cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine formhór mór na mbeart a gealladh. Bhí sé níos deacra feidhmiú a dhéanamh ar bhearta a d'éiligh comhordú trasghníomhaireachta.

## Painéal Comhairleach Beartais don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Bunaíodh Painéal Comhairleach comhdhéanta de shaineolaithe ar shábháilteacht ar bhóithre mar thacaíocht d’obair an RSA i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú bearta beartais comhtháite i dtaca leis an straitéis.

**Déanfaidh an Grúpa Comhairleach:**

- **Cumarsáid agus comhairliúchán idir páirtithe leasmhara a éascú**
- **Rochtain ar eolas agus taighde a chur ar fáil**
- **Lámh chuidithe a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú a mbeartas.**

## Baill an Board



An tUasal Gay Byrne, Cathaoirleach



An tUasal Aaron MacHale




Myra Garrett Uas.



An tUasal Ronan Melvin



Aine Cornally Uas.



An tUasal Eddie Rock



Dr. Áine Carroll



An tUasal Sean Finan

## Foireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin



**An tUasal Noel Brett**
*Príomhfheidhmeannach*



**An tUasal Simon Buckley**
*Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhísí Corparáideacha*



**An tUasal Michael Rowland**
*Stiúrthóir; Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe*



**Denise Barry Uas.**
*Stiúrthóir; Forfheihmiú agus Caighdeáin Fheithiclí*



**An tUasal Declan Naughton**
*Stiúrthóir; Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe*

# 2

# Tástáil agus Ceadúnú Tiomána

Tá an Stiúrthóireacht Thástáil agus Cheadúnú na dTiománaithe freagrach as an gcóras um thástáil tiománaithe agus as bainistíocht a dhéanamh ar an gcóras um cheadúnú tiománaithe. Is é is cuspóir leis an Stiúrthóireacht a chinntiú go ndéantar úsáid na mbóithre níos sábháilte do gach duine tríd an mbealach a bhfoghlaimíonn tiománaithe le tiomáint agus trí na rialacha a gcloíonn siad leo agus iad ag tiomáint.

Is iad seo a leanas na cúraimí faoi leith as a bhfuil an Stiúrthóireacht freagrach:

**Seirbhís um thástáil tiomána a sheachadadh**
**Freagracht as an tseirbhís um cheadúnú tiomána**
**Bainistíocht ar sheachadadh na seirbhíse um Thástáil Teoirice Tiomána**
**Bainistíocht ar chóras na bpointí pionóis**



Tástáil agus Ceadúnú Tiomána

## An Tseirbhís Um Thástáil Tiománaithe 2012

Is é is cuspóir leis an tseirbhís um thástáil tiománaithe tástáil tiomána chóir agus éifeachtach a sheachadadh de réir Threoir an AE agus na reachtaíochta náisiúnta. Déantar tástálacha a sheachadadh ó 49 ionad ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheántréimhse feithimh náisiúnta de 10 seachtaine a choimeád do chustaiméirí agus baineadh é sin amach i rith 2012. Ag deireadh 2012, ba é 9.3 seachtaine an meántréimhse feithimh agus as an 40,879 duine a bhí ag feitheamh le tástáil, bhí 27,749 sceidealaithe i gcomhair coinne, ní raibh 2,753 duine ar fáil i gcomhair coinne tástála agus bhí 11,861 ag feitheamh le dáta coinne. Tá na tréimhsí feithimh amhail 31 Nollaig 2012 leagtha amach sa tábla thíos.

### Meántréimhse Feithimh i gcomhair Carranna amhail 31 Nollaig 2012

| Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh | Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh |
|---|---|---|---|
| **An tIarthar** | | **An tOirdheisceart** | |
| Baile Átha Luain | 10 | Ceatharlach | 8 |
| Biorra | 10 | Cluain Meala | 9 |
| Caisleán an Bharraigh | 9 | Dún Garbháin | 9 |
| An Clochán | 9 | Cill Chainnigh | 9 |
| Inis | 11 | An tAonach | 9 |
| Gaillimh | 9 | Port Laoise | 9 |
| Baile Locha Riach | 10 | Durlas | 9 |
| Ros Comáin | 11 | Tiobraid Árann | 11 |
| Tuaim | 10 | Port Láirge | 8 |
| | | Loch Garman | 11 |
| **An tIarthuaisceart** | | **Laighin Thuaidh** | |
| Baile an Átha | 9 | Dún Dealgan | 8 |
| Bun Cranncha | 10 | Fionnghlas | 9 |
| Cora Droma Rúisc | 9 | An Muileann gCearr | 8 |
| Cabhán | 8 | An Uaimh | 8 |
| Dún na nGall | 11 | Ráth Eanaigh | 9 |
| Litir Ceanainn | 8 | | |
| An Longfort | 9 | | |
| Muineachán | 11 | | |
| Sligeach | 10 | | |
| **An tIardheisceart** | | **Laighin Theas** | |
| Corcaigh | 8 | Guaire | 11 |
| Cill Eirne | 9 | An Nás | 10 |
| Cill Rois | 10 | Ráth Garbh | 9 |
| Luimneach | 9 | Tamhlacht | 9 |
| Mala | 9 | An Tulach Mhór | 11 |
| An Caisleán Nua Thiar | 9 | Cill Mhantáin | 9 |
| Sionainn | 8 | **Iomlán** | **9.3** |
| An Sciobairín | 11 | | |
| Trá Lí | 9 | | |

## Torthaí de réir na Catagóire Tástála Eanáir go Nollaig 2012

| Cineál Tástála | Iomlán na dTástálacha | Pas | % | Teip | % | As Lathair | Níor % | Tástálaíodh | * % | Éiríodh As | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A: Gluaisrothar | 3,097 | 1,663 | 68.61% | 761 | 31.39% | 445 | 14.37% | 110 | 3.55% | 118 | 3.81% |
| A1: Gluaisrothar Beag | 273 | 48 | 33.57% | 95 | 66.43% | 92 | 33.70% | 27 | 9.89% | 11 | 4.03% |
| B: Carr/Veain Éadr | 11,6784 | 44,861 | 49.31% | 46,125 | 50.69% | 17532 | 15.01% | 5586 | 4.78% | 2,680 | 2.29% |
| C: Trucail | 4,248 | 2,718 | 70.27% | 1,150 | 29.73% | 227 | 5.34% | 62 | 1.46% | 91 | 2.14% |
| C1: Trucail Éadrom/Veain Mhór | 154 | 91 | 70.00% | 39 | 30.00% | 13 | 8.44% | 6 | 3.90% | 5 | 3.25% |
| Cpc: Tástáil Phraiticiúil Cpc (Bus) | 785 | 736 | 97.23% | 21 | 2.77% | 19 | 2.42% | 6 | 0.76% | 3 | 0.38% |
| Cpc: Tástáil Phraiticiúil Cpc (Trucail/Altach) | 1,507 | 1373 | 96.01% | 57 | 3.99% | 49 | 3.25% | 15 | 1.00% | 13 | 0.86% |
| D: Bus | 1,370 | 865 | 68.65% | 395 | 31.35% | 52 | 3.80% | 21 | 1.53% | 37 | 2.70% |
| D1: Mionbhus | 493 | 302 | 67.71% | 144 | 32.29% | 24 | 4.87% | 14 | 2.84% | 9 | 1.83% |
| Eb: Carr/ Veain Éadrom Agus Leantóir | 1,056 | 695 | 81.00% | 163 | 19.00% | 83 | 7.86% | 88 | 8.33% | 27 | 2.56% |
| Ec: Trucail Altach | 2,112 | 1,403 | 71.65% | 555 | 28.35% | 79 | 3.74% | 33 | 1.56% | 42 | 1.99% |
| Ec1: Trucail Éadrom/ Eain Mhór & Leantóir | 22 | 15 | 88.24% | 2 | 11.76% | 2 | 9.09% | 2 | 9.09% | 1 | 4.55% |
| Ed: Bus Agus Leantóir | 1 | 1 | 100.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% |
| Ed1: Mionbhus & Leantóir | 3 | 3 | 100.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% |
| M: Móipéid | 38 | 7 | 36.84% | 41,414 | 63.16% | 12 | 31.58% | 6 | 15.79% | 1 | 2.63% |
| W: Feithicil Oibre/Tarracóir | 6 | 2 | 100.00% | 0 | 0.00% | 3 | 50.00% | 1 | 16.67% | 0 | 0.00% |
| **Iomlán** | **131, 949** | **54, 783** | **52.52%** | **49, 519** | **47.48%** | **18, 632** | **14.12%** | **5,977** | **4.53%** | **3038** | **2.30%** |

***Bíonn seo i gceist nuair a theipeann ar iarrthóir tástála coinníoll de chuid na tástála a chomhlíonadh m.sh. ceadúnas foghlaimeora as dáta**

**Tábla 2B. I 2012, ba ionann líon na dtástálacha a rinne iarrthóirí a rinne ceachtanna EDT (oiliúint riachtanach do thiománaithe) agus 17,275.**

| Cineál Tástála | Iomlán na dTástálacha | Pas | % | Teip | % | As Lathair | % | Níor Tástálaíodh | * % | Éiríodh As | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| B: Carr/Veain Éadrom | 17,275 | 8,777 | 55.20% | 7,123 | 44.80% | 249 | 1.44% | 697 | 4.03% | 429 | 2.48% |

## Torthaí na Tástála Tiomána de réir Inscne i gcomhair 2012

| | Fír | | | | Mná | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Pas | Teip | % Pas | Iomlán | Pas | Teip | % Pas | Iomlán |
| Iomlán | 31,672 | 25,093 | 55.79% | 56,765 | 23,111 | 24,426 | 48.62% | 47,537 |





## Torthaí na Tástála Tiomána de réir na Catagóire Aoise 2012

| Aoisghrúpa | Teip | Pas | Iomlán | % Pas |
|---|---|---|---|---|
| 16 — 21 bliain | 13,715 | 19,039 | 32,754 | 58% |
| 22 — 25 bliain | 8,347 | 10,421 | 18,768 | 56% |
| 26 agus Níos Sine | 27,457 | 25,323 | 52,780 | 48% |
| Iomlán | 49,519 | 54,783 | 104,302 | 53% |

dtt RSA
Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

adi RSA
Approved Driving Instructor

**Tástáil agus Ceadúnú Tiomána**

## Ceadúnú Tiomána

Tá córas ceadúnúcháin coitianta ar fud Bhaill Stáit an AE. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ceadúnas tiomána Éireannach bailí i ngach Ball Stáit. Tá an RSA freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais um cheadúnú tiománaithe lena n-áirítear idirbheartaíocht ar chúrsaí maidir le ceadúnú tiomána ar leibhéal an AE. Is faoi na húdaráis áitiúla (údaráis cheadúnúcháin) atá an fhreagracht as ceadúnais foghlaimeora agus ceadúnais tiomána a eisiúint trí líonra na nOifigí Mótarchánach. I mí Iúil 2011 tharmlig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an fhreagracht chuig an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) as ceadúnas tiomána polacarbónáite a thabhairt isteach in Éirinn an 19 Eanáir 2013.

Tá feidhmeanna an RSA á leathnú chun a ról úr mar údarás ceadúnúcháin agus eisiúint ceadúnas a chur san áireamh. D'fhonn an ról fairsingíoch sin a éascú rinneadh ullmhúchán i gcomhair an athraithe i rith 2012, lena n-áiríodh aonad ceadúnúcháin tiomanta a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar na hathruithe. Rinneadh obair le linn na bliana maidir leis an athrú ó cheadúnas/cead páipéir go dtí ceadúnas/cead de chárta plaisteach.

Tugadh faoi phróiseas soláthair chun cuideachta a fhostú chun Aonad um Sheachadadh Cártaí Plaisteacha a fhorbairt agus a fheidhmiú ina ndéanfar na ceadúnais tiomána/ceadúnais foghlaimeora cárta phlaistigh. Rinneadh comórtais soláthair ar leithligh maidir le seirbhís chuntair tosaigh agus seirbhís phróiseála ceadúnais láraithe cúloifige a fhoilsiú agus a dhámhachtain i 2012 chomh maith. Tugtar deis leis an athrú athruithe a dhéanamh agus feabhas a chur ar eispéireas an chustaiméara amach anseo – áireofar air sin uaireanta oscailte lasmuigh de na gnáthuaireanta agus aistriú go dtí seachadadh seirbhísí ar líne. Toisc go bhfuiltear ag súil go mbeidh an tseirbhís neodrach ó thaobh costais de, le struchtúr praghsála úr ina léireofar an fíorchostas a bhaineann leis an tseirbhís úr um cheadúnú a sholáthar, d'fhógair an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUasal Leo Varadkar, méadú ar chostas na gceadúnas tiomána agus na gceadúnas foghlaimeora i mí na Nollag 2012, agus ba é sin an chéad mhéadú ar tháillí ceadúnais ó bhí 1989 ann.

**Ullmhaíonn agus eisíonn an RSA treoirlínte maidir le feidhmiú na seirbhíse um cheadúnais tiomána, trí imlitreacha chuig Oifigí Mótarchánach ar fud na tíre. Imlitreacha maidir leis na cúrsaí seo a leanas, arna n-eisiúint chuig Oifigí Mótarchánach i 2012:**

- **Socracht maidir leis an riail sé mhí i gcomhair iarrthóirí Chatagóir EB**
- **Tuairisc ar radharc na súl**
- **Méadú ar tháille na Tástála Teoirice Tiománaithe i bhfeidhm ó 12 Aibreán, 2012**
- **An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2010; Dícháiliúcháin Tiomána faoi Thionchar Dí**
- **Srianta ar cheadúnais tiomána na Ríochta Aontaithe (teidlíochtaí EC1)**
- **Inniúlacht Leighis chun Tiomána; Tiománaithe Ghrúpa 1, Treoirlínte**
- **Athruithe ar cheadúnais tiomána de bhun Threoir an AE maidir le Ceadúnú**
- **Méaduithe táillí maidir le ceadúnais tiomána agus ceadúnais foghlaimeora**
- **Athrú go dtí Formáid Cártaí Plaisteacha**

## Ceadúnais Tiomána Reatha an 31 Nollaig 2012 de réir Cineáil i ngach Údarás Ceadúnúcháin

| Údarás Áitiúil | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Bliantúla | Ceadúnais Tríbhliantúla | 10 mBliana | Líon Iomlán na gCeadúnas Tiomána |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhairlí Contae** | | | | | |
| Ceatharlach | 3,919 | 142 | 3,288 | 29,325 | 36,674 |
| An Cabhán | 4,322 | 119 | 4,273 | 34,393 | 43,107 |
| An Clár | 6,052 | 243 | 7,817 | 60,287 | 74,399 |
| Corcaigh* | 28,084 | 933 | 32,454 | 253,440 | 314,911 |
| Dún na nGall | 7,442 | 400 | 9,987 | 79,545 | 97,374 |
| Gailimh* | 13,303 | 393 | 14,653 | 124,831 | 153,180 |
| Ciarraí | 7,812 | 209 | 10,291 | 73,588 | 91,900 |
| Cill Dara | 12,400 | 259 | 9,212 | 101,492 | 123,363 |
| Cill Chainnigh | 5,603 | 274 | 5,658 | 45,105 | 56,640 |
| Laois | 4,466 | 227 | 4,063 | 34,359 | 43,115 |
| Liatroim | 1,594 | 92 | 2,174 | 16,103 | 19,963 |
| Luimneach | 6,898 | 305 | 8,470 | 69,904 | 85,577 |
| an Longfort | 2,236 | 67 | 2,442 | 18,288 | 23,033 |
| Lú | 6,714 | 229 | 6,341 | 54,070 | 67,354 |
| Maigh Eo | 6,698 | 339 | 8,618 | 65,872 | 81,527 |
| An Mhí | 9,686 | 242 | 9,246 | 87,792 | 106,966 |
| Muineachán | 2,990 | 102 | 3,950 | 30,931 | 37,973 |
| Uíbh Fhailí | 4,484 | 216 | 4,240 | 35,815 | 44,755 |
| Ros Comáin | 3,221 | 149 | 4,613 | 32,125 | 40,108 |
| Sligeach | 3,106 | 181 | 4,535 | 33,174 | 40,996 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 4,108 | 217 | 4,982 | 35,986 | 45,293 |
| Tiobraid Árann Theas | 5,574 | 187 | 5,982 | 42,963 | 54,706 |
| Port Láirge | 3,186 | 108 | 4,379 | 32,624 | 40,297 |
| An Iarmhí | 4,881 | 195 | 4,832 | 41,052 | 50,960 |
| Loch Garman | 8,456 | 696 | 9,319 | 70,618 | 89,089 |
| Cill Mhantáin | 7,769 | 316 | 8,283 | 66,642 | 83,010 |
| **Comhairlí Cathrach** | | | | | |
| Baile Átha Cliath* | 75,976 | 2,198 | 68,204 | 521,773 | 668,151 |
| Luimneach | 3,163 | 129 | 3,199 | 22,087 | 28,578 |
| Port Láirge | 3,191 | 67 | 2,795 | 22,218 | 28,271 |
| Iomlán | 257,334 | 9,234 | 268,300 | 2,136,402 | 2,671,270 |
| **Athrú ó 31.12.11** | **-14,094** | **896** | **24,337** | **-6,428** | **4,711** |

*** Cathair agus Contae**

GET THE POINT NOT THE POINTS!

## An Coinbhinsiún Eorpach um Dhícháiliúcháin Tiomána

Ó 28 Eanáir 2010 i leith, tá an Coinbhinsiún Eorpach um Dhícháiliúcháin Tiomána á fheidhmiú in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Ciallaíonn sé sin gur féidir dícháiliúchán tiomána ó chion tráchta a rinne sealbhóir ceadúnais a chónaíonn in Éirinn sa Ríocht Aontaithe ar an dáta sin nó ina dhiaidh a aithint anseo agus ní bheidh cead ag an tiománaí tiomáint in Éirinn. Mar an gcéanna, beidh dícháiliúcháin a gearradh in Éirinn ar shealbhóirí ceadúnais a chónaíonn sa Ríocht Aontaithe i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe chomh maith. In Éirinn cuirtear an dícháiliúchán i bhfeidhm trí na Cúirteanna.

## Fógra maidir le Dícháiliúcháin Fhrithpháirteacha idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, 2012

| Fógraí | Iomlán |
|---|---|
| De dhícháiliúcháin in Éirinn chuig an RA | 19 |
| De dhícháiliúcháin sa RA go hÉirinn | 0 |
| De dhícháiliúcháin i dTuaisceart Éireann go hÉirinn | 101 |
| De dhícháiliúcháin in Éirinn go TÉ | 72 |
| **Iomlán** | **192** |

## Pointí Pionóis

Tugadh pointí pionóis isteach in Éirinn in 2002. Is é is cuspóir leis an gcóras seo feabhas a chur ar iompraíocht tiománaithe agus feabhas a chur ar an tsábháilteacht ar ár mbóithre. Baineann táille sheasta (fíneáil) le formhór na gcionta pointí pionóis ach bíonn toghairm uathoibríoch chuig an gcúirt mar thoradh ar líon beag díobh sin gan an rogha táille a íoc san áireamh. Nuair a chuirtear i leith duine go bhfuil cion déanta aige/aici, gheobhaidh sé/sí Fógra Táille Seasta ó na Gardaí agus beidh 56 lá aige/aici chun an fhíneáil a íoc. Tagann méadú 50% ar an bhfíneáil mura ndéantar an íocaíocht laistigh den chéad 28 lá. Mura bhfaightear íocaíocht ar bith laistigh den 56 lá, cuirtear tús le himeachtaí cúirte. Cuirtear pointí pionóis i bhfeidhm ar thaifid ceadúnas tiomána na ndaoine a íocann an táille sheasta agus iad siúd a chiontaítear as na cionta pointí pionóis sa chúirt. Déantar na pointí pionóis a mhéadú i ndiaidh cion cúirte, .i. faigheann duine a chiontaítear sa chúirt as cion tiomána róghasta ceithre phointe agus cuirtear dhá phointe i bhfeidhm ar íocaíocht táille seasta.

Sa chás go ndéantar pointí pionóis a thaifeadadh ar thaifead ceadúnas tiomána, eisítear fógra 28 lá roimh an am a chuirfear na pointí i bhfeidhm. Ní chuirfear na pointí i bhfeidhm ach ar cheadúnas tiomána reatha amháin. Mura bhfuil ceadúnas ag an duine nó má bhíonn an ceadúnas as dáta, beidh na pointí i bhfeidhm ón gcéad dáta ar a sealbhófar/ar a n-athnuafar an ceadúnas. Fágtar na pointí ar cheadúnas reatha ar feadh tréimhse trí bliana. Má thiomsaítear 12 phointe ar cheadúnas, déantar an sealbhóir ceadúnais a dhícháiliú ó thiomáint ar feadh tréimhse sé mhí agus baintear na pointí sin ón taifead ina dhiaidh sin. Nuair a dhícháiltear tiománaí ceanglaítear air/uirthi a cheadúnas/ceadúnas a ghéilleadh don údarás ceadúnúcháin cuí laistigh de 14 lá ón bhfógra maidir leis an dícháiliúchán a fháil. Is cion é mura ngéilltear ceadúnas agus is cion é fosta a bheith ag tiomáint agus tú dícháilithe.

Go dtí deireadh 2011, bhain 43 cion le córas na bpointí pionóis agus ba chionta iad go léir a bhain le sábháilteacht. Ag deireadh 2012 bhí 48 cion sa chóras. Ó 3 Lúnasa, 2012 i leith cuireadh seacht gcion úra i bhfeidhm. Bhain cúig cinn díobh siúd le cionta úra a bhaineann le srianta sábháilteachta páistí i bhfeithiclí, gá le tiománaithe bus criosanna sábhála a chaitheamh agus meáchain feithiclí. Rinne dhá cheann díobh cionta pointí pionóis a bhí ann cheana a athsholáthar agus a athshonrú.

## Tábla 1 Cionta lena dTabhaítear Pointí Pionóis agus Fógraí Táille seasta le héifeacht ón 3 Lúnasa 2012

| Cionta lena dTabhaítear Pointí Pionós | Pointí Pionóis ar íocaíocht | Pointí Pionóis ar chiontú | Muirear Seasta € | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Méid íochta i 28 lá | Méid íochta sa chéad 28 lá eile |
| Feithicil (carr) a úsáid gan deimhniú tástála | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Tiomáint feithicle sula leigheasfar locht contúirteach | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a thiomáint sula leigheastar lochtanna baolacha | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a úsáid gan deimhniú ródacmhainneachta | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Droichid a thuartáil, srl | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Fón Póca a bheith i do láimh agus tú ag tiomáint | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Scoitheadh baolach | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh gníomhú de réir comhartha ó Gharda | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh feithicil a stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh slí a ghéilleadh ag comhartha géill slí/líne géill slí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Líne bhán leanúnach a thrasnú | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Iontráil tiománaí i limistéar de bhóthar le marcáil ghreanta, m.sh. lána laghdaithe carrbhealaigh | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh do shoilse tráchta | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh do rialacha tráchta ag crosaire comhréidh iarnróid | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Feithicil a thiomáint ar mhótarbhealach i gcoinne sruth tráchta | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint ar an ngualainn chrua ar mhótarbhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Feithicil a thiomáint ( faoi réir luasteorann de 90 ciliméadar san uair nó níos lú) ar an lána lasmuigh ar mhótarbhealach nó ar dhébhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh tiomáint ar thaobh na láimhe clé den bhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh géilleadh do riachtanais ag acomhail, m.sh. gan a bheith sa lána ceart ag casadh isteach ar bhóthar eile | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh géilleadh do riachtanais maidir le cúlú feithiclí m.sh. ag cúlú ó mhionbhóthar isteach ar phríomhbhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar chosán | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar raon rothar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh casadh ar chlé ag iontráil timpealláin | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar stiall mheánach m.sh. teorainn idir dhá dhébhealach | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh stopadh ag comhartha maor scoile | 1 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh stopadh nuair a iarann ball den Gharda Síochána ort stopadh | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh achar cuí a fhágáil idir tusa agus an fheithicil romhat | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint gan aird chuí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha ag acomhail | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta coiscthe | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le comharthaí fan ar chlé/fan ar dheis | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le marcanna lána tráchta | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Iontráil mhídhleathach ar shráid aontreo | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint feithicle agus tú infheidhme | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a pháirceáil in ionad baolach | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Sárú dualgas nuair a tharlaíonn timpiste | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Tiomáint róghasta | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint gan árachas | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Loiceadh tiománaí cairr nó feithicil earraí crios sábhála a chaitheamh | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí ag ligean do phaisinéir faoi 17 mbliana d'aois suí i bhfeithicil gan crios sábhála a chaitheamh | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí cairr nó feithicil earraí ag ligean do pháiste faoi 3 bliana d'aois taisteal ann gan srian sábháilteachta páiste cuí a bheith air/uirthi | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí cairr nó feithicil earraí ag ligean do pháiste os cionn 3 bliana d'aois taisteal ann gan srian sábháilteachta páiste cuí a bheith air/uirthi | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí cairr nó feithicil earraí ag ligean do pháiste bheith srianta le srian sábháilteachta páiste aghaidh ar chúl feistithe le suíochán cosanta ag mála aeir gníomhach os a chomhair | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí bus gan crios sábhála air/uirthi | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Ag úsáid Feithicle —(a.) a bhfuil a meáchan neamhluchtaithe os cionn an uasmheáchain cheadaithe (b.) a bhfuil a meáchan luchtaithe os cionn an uasmheáchain cheadaithe, nó (c.) a thras-seolann cuid ar bith di meáchan níos mó ná an uasmheáchain cheadaithe ar talamh | 1 | 3 | 200 | 300 |
| Feictear tiománaí ag tiomáint go míchúramach | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Cionta um Thiomáint ar Meisce (i ngach cás nuair atá an BAC idir 50mg agus 80mg alcól in aghaidh 100 millilítear fola) | 3 | n/a | 200 | |

**12 Phointe Pionóis = Dícháiliúchán Uathoibríoch!**

*** Láithreas Éigeantach sa Chúirt**

## Miondealú ar Phointe Pionóis de réir Cineáil amhail 31 Nollaig 2012

| Cineál Cionta | Líon na bhFógraí a Eisíodh |
|---|---|
| 22-35mg alcól in aghaidh 100ml san anáil | 405 |
| 50-80mg alcól in aghaidh 100ml san fhuil | 78 |
| 67-107mg alcól in aghaidh 100ml san fhual | 57 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M1 | 1,341 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M2 | 16 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil M3 | 14 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N1 | 142 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N2 | 36 |
| Loiceadh duine fásta Crios Sábhála a chaitheamh, Cat. Feithicil N3 | 58 |
| Sárú dualgas nuair a tharlaíonn tionóisc | 1,635 |
| Sárú riail tiomána sa lána lasmuigh ar mhótarbhealach | 752 |
| Tiomáint go míchúramach | 5,460 |
| Sárú riachtanas ag acomhail | 23 |
| Sárú riachtanas maidir le cúlú | 69 |
| Líne bhán leanúnach/líne bhán bhriste a thrasnú | 9,807 |
| Tiomáint bhaolach laghdaithe go tiomáint mhíchúramach | 2791 |
| Tiomáint i gcoinne sruth tráchta ar mhótarbhealach | 77 |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/neamh-charrbhealach – mótarbhealach | 575 |
| An tUaslucht Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 9 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí (Úinéir) | 2 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí | 4 |
| An tUasmheáchan Sáraithe ag an Tiománaí | 4 |
| An tUasmheáchan Neamhluchtaithe Sáraithe ag an Tiománaí | 1 |
| Loiceadh an Tiománaí a chinntiú go bhfuil Paisinéir faoi 17 mbliana ag caitheamh crios sábhála | 124 |
| Loiceadh an tiománaí páiste faoi 3bliana a chur i Srian Sábháilteachta Páiste | 155 |
| Loiceadh an tiománaí páiste os cionn 3bliana a chur i Srian Sábháilteachta Páiste | 98 |
| An tOllmheáchan Ceaptha Feithicle Sáraithe ag an Tiománaí/Úinéir | 1 |
| Níos mó ná an tUaslucht Tras-seolta ag an Tiománaí/Úinéir | 3 |
| Tiomáint feithicle agus tú infheidhme | 5 |
| Tiomáint feithicle agus fón póca i do láimh | 99,606 |
| Tiomáint le taobh/trasna stéille meánaí | 805 |
| Tiomáint feithicil bhaolach lochtach | 99 |
| Tiomáint ar/trasna raon rothar | 45 |
| Tiomáint ar chosán/trasna cosáin | 151 |
| Tiomáint feithicle sula leigheastar locht | 3 |
| Tiomáint gan aird chuí | 15,249 |
| Iontráil limistéir le marcáil ghreanta | 3,321 |
| Loiceadh gníomhú de réir comhartha ó Gharda | 24 |
| Loiceadh cloí le comharthaí fan ar Dheis/fan ar Chlé | 64 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha | 599 |
| Loiceadh cloí le comhartha tráchta Cosc ar Iontráil | 801 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta coiscthe | 9,982 |
| Loiceadh cloí le marcanna ar lánaí tráchta | 1,597 |
| Loiceadh tiomáint ar thaobh na láimhe clé | 438 |
| Loiceadh cloí le rialacha ag crosaire comhréidh iarnróid | 14 |
| Loiceadh cloí le soilse tráchta | 22,131 |
| Loiceadh stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 1,103 |
| Loiceadh stopadh do Gharda | 689 |
| Loiceadh stopadh do chomhartha maor scoile | 25 |
| Loiceadh casadh ar chlé ar thimpeallán | 85 |
| Loiceadh slí a ghéilleadh | 469 |
| Loiceadh slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | 387 |
| Dualgas ginearálta luais — stop ag achar feiceálach | 39 |
| Gan aon deimhniú ródacmhainneachta | 930 |
| Gan srian sábháilteachta páistí sa suíochán tosaigh – páiste | 1,008 |
| Gan srian sábháilteachta páistí sa suíochán cúil – páiste | 2,117 |
| Gan árachas — (úsáideoir) | 21,189 |
| Gan crios sábhála — tiománaí | 45,304 |
| Gan crios sábhála sa suíochán tosaigh — páiste | 1,351 |
| Gan crios sábhála sa suíochán cúil — páiste | 3,300 |
| Cion a bhaineann le Scoitheadh | 2,838 |
| Feithicil a pháirceáil in ionad baolach | 36 |
| Laghdaithe go Tiomáint gan aird chuí | 520 |
| Tiomáint róghasta | 696,087 |
| Busanna ag dul róthapa Cosc ar phaisinéirí ina seasamh | 1 |
| Droichead a thuartáil le feithicil | 1 |
| Úsáid feithicle gan deimhniú NCT | 5,991 |
| **Iomlán** | **962,141** |

## Miondealú ar Thiománaithe de réir Líon na bPointí Pionóis a Fuarthas agus de réir Contae amhail 31 Nollaig 2012

| Contae** | Líon na dTiománaithe | | | | | | | | | | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1pp | 2pp | 3pp | 4pp | 5pp | 6pp | 7pp | 8pp | 9pp | 10pp | 11pp | 12pp* | |
| Ceatharlach | 67 | 5,303 | 21 | 1,087 | 22 | 265 | 9 | 51 | 5 | 10 | 1 | 3 | 6,844 |
| An Cabhan | 58 | 5,939 | 38 | 1,176 | 38 | 204 | 3 | 36 | 2 | 11 | 3 | 1 | 7,509 |
| An Clár | 79 | 11,922 | 50 | 2,693 | 73 | 566 | 19 | 140 | 6 | 25 | 3 | 3 | 15,579 |
| Corcaigh | 992 | 39,967 | 471 | 7,902 | 434 | 1,554 | 88 | 414 | 43 | 74 | 8 | 24 | 51,971 |
| Dún na nGall | 92 | 10,783 | 50 | 1,753 | 53 | 327 | 20 | 66 | 6 | 11 | 2 | 2 | 13,165 |
| Gaillimh | 216 | 18,829 | 82 | 3,532 | 169 | 667 | 21 | 147 | 13 | 37 | 3 | 8 | 23,724 |
| Ciarraí | 72 | 10,629 | 40 | 1,770 | 26 | 290 | 7 | 76 | 17 | 12 | 2 | 4 | 12,935 |
| Cill Dara | 194 | 21,545 | 109 | 5,008 | 129 | 1,084 | 22 | 276 | 15 | 47 | 5 | 5 | 28,439 |
| Cill Chainnigh | 69 | 8,912 | 49 | 1,957 | 35 | 447 | 6 | 103 | 4 | 15 | 1 | 1 | 11,599 |
| Laois | 40 | 5,571 | 21 | 1,059 | 37 | 211 | 11 | 53 | 5 | 16 | 1 | 4 | 7,029 |
| Liatroim | 18 | 3,073 | 2 | 615 | 6 | 119 | 3 | 23 | 2 | 2 | | | 3,863 |
| Co.Co. Luimnigh | 148 | 13,219 | 74 | 2,761 | 71 | 485 | 17 | 97 | 13 | 19 | 2 | | 16,906 |
| An Longfort | 29 | 3,525 | 16 | 774 | 26 | 163 | 7 | 38 | 1 | 8 | 1 | 2 | 4,590 |
| Lú | 91 | 9,593 | 49 | 1,808 | 59 | 370 | 8 | 70 | 5 | 9 | 2 | 1 | 12,065 |
| Maigh Eo | 64 | 8,709 | 40 | 1,513 | 37 | 274 | 5 | 45 | 2 | 6 | 1 | | 10,696 |
| An Mhí | 268 | 17,186 | 139 | 3,606 | 136 | 788 | 30 | 158 | 13 | 33 | 1 | 8 | 22,366 |
| Muineachán | 65 | 4,305 | 27 | 628 | 29 | 115 | 1 | 21 | 1 | 4 | | | 5,196 |
| Uíbh Fhailí | 41 | 5,839 | 19 | 1,104 | 40 | 216 | 10 | 50 | 2 | 12 | 1 | 2 | 7,336 |
| Ros Comáin | 55 | 6,212 | 19 | 1,330 | 15 | 270 | 5 | 53 | 2 | 12 | 1 | | 7,974 |
| Sligeach | 52 | 6,390 | 26 | 1,335 | 31 | 271 | 5 | 55 | 6 | 12 | 1 | 2 | 8,186 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 47 | 5,610 | 33 | 1,040 | 42 | 191 | 6 | 37 | 2 | 10 | 1 | | 7,019 |
| Tiobraid Árann Theas | 119 | 6,892 | 49 | 1,226 | 41 | 250 | 6 | 47 | 7 | 10 | 1 | 1 | 8,739 |
| Co. Co. Phort Láirge | 47 | 5,453 | 20 | 1,093 | 18 | 206 | 6 | 35 | 1 | 7 | | 2 | 6,888 |
| An Iarmhí | 51 | 7,390 | 26 | 1,414 | 36 | 302 | 8 | 83 | 4 | 25 | | 4 | 9,343 |
| Loch Garman | 106 | 13,342 | 67 | 2,994 | 84 | 731 | 28 | 175 | 13 | 36 | 7 | 10 | 17,593 |
| Cill Mhantáin | 179 | 14,183 | 126 | 3,531 | 78 | 774 | 12 | 180 | 19 | 37 | 3 | 5 | 19,127 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 3,363 | 95,043 | 1,547 | 21,511 | 1,228 | 4,992 | 379 | 1,360 | 165 | 358 | 61 | 62 | 130,069 |
| Comhairle Cathrach Luimnigh | 89 | 4,050 | 43 | 867 | 42 | 181 | 11 | 44 | 5 | 5 | | 1 | 5,338 |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | 27 | 4,046 | 15 | 911 | 19 | 184 | 6 | 52 | 1 | 6 | | 3 | 5,270 |
| Níl líon tiománaí | 5,455 | 239,028 | 1,434 | 56,974 | 36,534 | 59 | 3 | 8 | 1 | | | | 339,496 |
| **Iomlán** | **12,193** | **612,575** | **4,702** | **134,972** | **39,588** | **16,556** | **762** | **3,993** | **371** | **869** | **112** | **158** | **826,854** |

*** Bíonn dícháiliúchán ar feadh sé mhí mar thoradh ar 12 phointe**

**** Tagraíonn Contae don chontae inar eisíodh an ceadúnas tiomána**

## Miondealú ar Thiománaithe de réir Cineál Ceadúnais

| Ceadúnais Iomlána | Ceadúnais Foghlaimeora | Líon na gCeadúnasr |
|---|---|---|
| 456, 126 | 31,232 | 339,496 |

## An Tástáil Teoirice Tiománaithe

Ní mór do dhuine a bhfuil ceadúnas foghlaimeora céaduaire á lorg acu tástáil teoirice a phasáil. I measc na dtopaicí tá: eolas faoi shábháilteacht ar na bóithre, cúrsaí teicniúla a bhaineann le sábháilteacht ar na bóithre, cúrsaí comhshaoil agus gnéithe dlíthiúla a bhaineann le tiomáint. Tá tástálacha ar leith ann i gcomhair busanna, trucailí, gluaisrothar, carr agus feithiclí oibre. Ní mór do thiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí tástálacha teoirice ar leith a dhéanamh mar chuid den Deimhniú um Inniúlacht Ghairmiúil do Thiománaithe (CPC Tiománaí).

Mhéadaigh an táille maidir leis an tástáil teoirice tiománaithe go dtí €45 agus maidir leis an tástáil teoirice CPC go dtí €72 i mí Aibreáin 2012.

GET THE POINT
NOT THE POINTS!

## Gníomhaíocht um Thástáil Teoirice Tiománaithe i 2012

| | Carr/Feithiclí Oibre | Gluaisrothair | Trucailí | Busanna |
|---|---|---|---|---|
| Líon na nIarratas a Fuarthas | 76,857 | 5,089 | 5,722 | 2,259 |
| Líon na dTástálacha Sceidealaithe | 75,095 | 4,976 | 5,520 | 2,209 |
| Líon na dTástálacha a Rinneadh | 68,759 | 4,566 | 5,071 | 2,069 |
| Líon na dTástálacha a Gnóthaíodh | 52,417 | 3,675 | 4,192 | 1,797 |
| Líon na dTástálacha Teipthe | 16,319 | 890 | 877 | 271 |
| Líon na dTástálacha ar Feitheamh (Neamhiomlán) | 23 | 1 | 2 | 1 |
| As Láthair | 6,340 | 410 | 502 | 139 |
| **Pasráta** | **76.23%** | **80.49%** | **82.67%** | **86.85%** |



dtt RSA
Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test



# 3

# Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe



## Fógraíocht

Forbraítear feachtais an RSA maidir le feasacht um shábháilteacht ar bhóithre i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus pleananna póilíneachta bóithre TISPOL (Gréasán Póilíneachta na hEorpa). Leis sin cinntítear go ndéantar na teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chomhtháthú le hiarrachtaí forfheidhmiúcháin na nGardaí agus iarrachtaí póilíneachta ar thrácht bóithre ar fud an AE.

I 2012, lainseáladh ceithre mhórfeachtas úra. Pléadh na ceisteanna um shábháilteacht ar bhóithre seo a leanas iontu; Úsáideoirí Leochaileacha Bóthair, Coisithe ar Meisce, Fóin Phóca agus Tiomáint, agus Rialacha an Bhóthair (comharthaí bóthair agus marcálacha bóthair úra).

Lean feachtais teilifíse an RSA ag feidhmiú go láidir agus léirítear i dtaighde maidir lena n-éifeachtúlacht go measann formhór na ndaoine go bhfuil siad riachtanach chun meonta agus iompraíocht ar na bóithre a athrú.

| | Feachtais a raibh an-tionchar acu |
|---|---|
| Fógraí teilifíse ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 54% |
| Forfheidhmiú na nGardaí | 46% |
| Pionóis a d'fhorchuir na cúirteanna | 45% |
| Dlíthe ar thrácht bóthair | 40% |
| Cumhdach na nuachta | 39% |
| Innealtóireacht Bóithre | 31% |
| Dearadh agus gnéithe cairr | 29% |
| Oideachas sna scoileanna | 28% |

Measann formhór na bhfreagróirí go bhfuil fógraíocht na sábháilteachta ar bhóithre ar an bhfachtóir is mó a bhfuil tionchar aige maidir le beathaí a shábháil ar na bóithre agus tá an dearcadh sin ag 54% díobh. Méadaítear an leibhéal sin tacaíochta go 91% nuair chuirtear na daoine a deir go raibh 'An-Tionchar' ag na fógraí san áireamh.

## Feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2012

### Feachtas um Úsáideoirí Leochaileacha Bóthair — 'VIEW'

Úsáidimid go léir an bóthar ar bhealaí éagsúla. Mar sin feicimid go léir go difriúil é. Agus nuair a dhéanann tú dearmad ar an dóigh a bhfeiceann daoine eile an bóthar, is é sin nuair a tharlaíonn tuairteanna. Is é sin téama ar bhfeachtais ina ndírítear ar Úsáideoirí Leochaileacha Bóthair, a lainseáladh i 2012. Is é sin le rá, na daoine is mó atá i mbaol ar ár mbóithre. Agus, ag amanna éagsúla, ciallaíonn sé sin gach duine. Bíonn gach duine ina choisí ag am éigin. Is rothaithe agus/nó tiománaithe a lán againn fosta. Mar sin, nuair a smaoinímid ar úsáideoirí leochaileacha bóthair, is ag smaoineamh orainn féin atá muid. Taispeánann fógraíocht na teilifíse sraith neastimpistí – tá seanfhear ag siúl in éadaí dorcha ar bhóthar tuaithe, tiománann tiománaí isteach i gcosán rothaí nach bhfeiceann sí, agus cuirtear fear óg ag dul chun a chuid oibre agus é tuirseach ar seachrán ag solas dearg. Agus na scéalta sin á n-insint, áfach, is é an duine céanna é/í an duine is ionann is cúis leis an timpiste agus an duine is ionann a bhí ina íospartach.

Má smaoiníonn tú ar do chuid iompraíochta maidir leis na bealaí éagsúla ina n-úsáideann tú an bóthar, tarlaíonn dhá rud. Ar an taobh amháin, coinníonn tú cuimhne i gcónaí ar na botúin a dhéanann tú go furasta mar úsáideoir bóthair. Cuireann sé i gcuimhne duit a bheith airdeallach d'úsáid daoine eile as an mbóthar. Cuireann sé i gcuimhne duit cé chomh dofheicthe a thig leat a bheith ó pheirspictíochtaí áirithe, agus an dóigh a gcailleann daoine a bhfócas chomh furasta agus an dóigh a ndéanann siad dearmad dá bhfuil thart orthu. Ar an taobh eile, cuireann sé i gcuimhne dúinn go bhféadfadh gur tusa é an duine sin chomh furasta. Táimid ag iarraidh ar dhaoine iad féin a shuí ina n-áit. Smaoinigh ar an dóigh a n-úsáideann daoine an bóthar. Bí cúramach agus tuisceanach, agus mar thoradh air sin, ní fheicimid an oiread básanna gan ghá ar ár mbóithre.

**Torthaí an Fheachtais:**

- **Chomhaontaigh 58% go láidir go gcaithfidh siad a bheith níos cúramaí ar an mbóthar le rothaí agus coisithe i ndiaidh an fógra a fheiceáil;**
- **Chomhaontaigh 52% de dhaoine go láidir leis an ráiteas go bhfuil siad leochaileach ar an mbóthar ar bhealaí éagsúla ag amanna éagsúla.**



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## Feachtas úr Fóin Phóca agus Tiomaint — 'PERSPECTIVE'

Tá sé ceithre huaire níos dóchúla go mbeidh tuairt agat le d'fhón póca. Agus nuair a smaoiníonn tú go n-imríonn seachrán tiomána ról i 20—30% de na himbuailtí bóthair ar fad, is ceist é úsáid fóin agus tiomáint nach mór dúinn go léir smaoineamh go difriúil air.

Sa lá inniu, éilíonn na fóin phóca níos mó agus níos mó dár n-airde. Ó ghlaonna go dtí teachtaireachtaí téacs go dtí an t-idirlíon a úsáid, caithimid níos mó ama ná riamh agus ár bhfócas iomlán tugtha dár bhfóin. D'fhéadfá rá go bhfuil sin thar a bheith míbhéasach, ach agus tú ag tiomáint is féidir leis a bheith marfach.

Inár bhfeachtas Fóin Phóca & Tiomáint 'PERSPECTIVE' a lainseáladh i 2012, taispeántar an dóigh go díreach a gcuirimid ár n-aird ar fad ar fhóin phóca. Ar ár bhfógra teilifíse, feicimid an domhan ó pheirspictíocht dhifriúil – peirspictíocht úsáideoir fón póca. Is domhan cúngaithe agus clástrafóibeach é, agus ní féidir linn díriú ar a bhfuil thart orainn. Ní go dtí go gcuirimid ár bhfóin uainn, gur féidir linn rudaí a fheiceáil go hoibiachtúil, agus ar a bhfuil thart orainn a fheiceáil go sábháilte.

Iarraimid ar thiománaithe an dóigh a dtugann a bhfóin phóca a n-aird ar shiúl ón tasc idir láimhe a aithint. Agus ní raibh sé riamh chomh tábhachtach d'aird iomlán a bheith agat nuair atá tú freagrach as beathaí úsáideoirí bóthair eile. Cuireadh an léargas céanna i bhfeidhm i bhfoirmeacha éagsúla ar fud chainéil uile na meán, an raidió, ar líne, faoin aer srl.

Is buanmheabhrúchán é ar an ríthábhacht a bhaineann le d'intinn a dhíriú ar an mbóthar an t-am ar fad, agus, mar a chuireann an fógra i gcuimhne dúinn: ní mharóidh sé tú má chuireann tú d'fhón uait.

**Torthaí an Fheachtais:**

- **Chomhaontaigh 71% de dhaoine go láidir go dtugtar orthu smaoineamh arís de bharr an fheachtais faoi chomhrá a bheith acu ar fhón póca le duine éigin atá ag úsáid fón póca agus iad ag tiomáint;**
- **Chomhaontaigh 69% de dhaoine go láidir go dtugtar orthu smaoineamh arís de bharr an fheachtais faoi fhón póca a bheith a úsáid agus iad ag tiomáint.**





**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**


**Feachtas um Chomharthaí agus Marcálacha Úra Bóthair**
Lainseáladh feachtas fógraíochta teilifíse úr i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) i mí na Samhna 2012. Is é an cuspóir feasacht a spreagadh agus oideachas a chur ar fáil d'úsáideoirí bóthair maidir le láithreacht 'Línte Rabhaidh' agus comharthaí tráchta ar bhóithre poiblí.

Bhí marcálacha bóthair á dtabhairt suas chun dáta agus á bhfeabhsú ag an NRA ar fud na hÉireann i ndiaidh an Lámhleabhar Comharthaí Tráchta náisiúnta, a d'fhoilsigh an Roinn Iompair a thabhairt suas chun dáta. Mar chuid den obair sin tugadh líne bhán bhriste úr isteach agus táthar á húsáid ar bhóithre náisiúnta áirithe ar fud na hÉireann. Líne bhán níos faide is ea an líne bhriste úr (Líne Rabhaidh) agus tá níos lú spásanna/bristeacha idir na marcálacha líne báine. (Faoi láthair tá na línte bána briste atá ann cheana déanta de línte 3 mhéadar agus bearna 9 méadar ag teacht ina dhiaidh sin. Tá líne 4 mhéadar sna 'Línte Rabhaidh' úra agus bearna 2 mhéadar ag teacht ina dhiaidh sin). Tá an 'Líne Rabhaidh' úr deartha chun rabhadh a thabhairt do thiománaí sa chás go bhfuil an infheictheacht ar aghaidh srianta, nó sa chás go bhfuil guais éigin eile os a gcomhair.

Le cois na 'Línte Rabhaidh' bhí roinnt Comharthaí Tráchta úra ar a cuireadh béim san fhógra á dtabhairt isteach. Áiríodh orthu sin comharthaí tráchta úra 'COSC AR IONTRÁIL', 'TÚS LEIS AN LÁNA MALL', agus 'DEIREADH LEIS AN LÁNA MALL'. Táthar ag leasú Rialacha an Bhóthair chun treoir ar na comharthaí úra sin a chur san áireamh.

**Coisithe ar meisce — 'The Way Back'**
I mí na Nollag 2012, lainseáladh feachtas úr um shábháilteacht ar bhóithre ina ndírítear ar an dainséar le coisithe a bhfuil alcól ólta acu. Ní fadhb úr é sin. Toisc gur díríodh sa díospóireacht leis na deichbhlianta anuas ar thiomáint faoi thionchar óil, tá faillí mhór déanta maidir leis an réimse sin den tsábháilteacht ar bhóithre. Is léir tríd na bhfiríc, áfach, gur fadhb mhór é: bhí alcól ólta ag dhá thrian de na coisithe a maraíodh ar na bóithre.

Is staitistic threascrach é sin, agus ní ceann úr é. Nuair a bhíonn tú ar meisce, bíonn do chomhordú, d'fhócas, do scileanna luaile agus d'fheasacht ar a bhfuil thart ort go léir lagaithe. Nuair a lagaítear na cumais sin bíonn tú chomh nochta ar an mbóthar agus is féidir leat a bheith. San fheachtas teilifíse úr, ina ndírítear ar an gceist maidir le Coisithe ar Meisce, feictear an difear suntasach idir an bealach amach le haghaidh oíche amuigh ag ól agus an bealach ar ais abhaile. Toisc go bhfuil tú lagaithe, beidh an bealach a shiúlann tú ar ais ina bhealach an-difriúil, agus ina bhealach i bhfad níos dainséaraí.



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

San fhógra teilifíse, feicimid fear ag siúl ó imeall sráidbhaile bhig go dtí teach tábhairne. Ar a chúl, athraíonn an bóthar, ag bogadh amach go mistéireach agus go drochthuarach isteach sa bhóthar. Scoilteann an cosán coincréite agus pléascann sé óna síoga, bogann an ghualainn chrua tarmac mar thonnta, agus bogann sé an landair idir an bóthar agus an ghualainn chrua. Tá an bealach abhaile athraithe cheana. Feicimid arís an fear ag deireadh na hóiche, ábhairín ar meisce, agus feicimid é réidh le himeacht abhaile ar an gcosán seo atá ag claonadh isteach agus amach ó bhóthar dorcha. Níl sé róshocair ar a chosa, agus tuigimid go bhfuil an dóigh a bhfuil athrú crutha ar an mbóthar cosúil leis an dóigh a siúlfaidh ár gcoisí ar meisce air anois. Siúlann ár gcoisí leis agus tá mothú baol dainséir ann.

Cuireann na teachtaireachtaí ar an scáileán i gcuimhne dúinn go raibh alcól ólta ag dhá thrian de na coisithe a maraíodh ar ár mbóithre, agus nach bhfuil an bealach ar ais abhaile chomh simplí sin. Críochnaítear an fógra le glao simplí chun gnímh. Ag dul amach? Déan plean i gcomhair an bhealaigh abhaile. Ciallaíonn sé sin dóigh ar ais abhaile a eagrú, síob, nó tacsaí nó hacnaí a roinnt le fáil ar ais abhaile sábháilte.
Is é is aidhm leis an bhfeachtas tabhairt ar choisithe óga (17—24) agus níos sine (50+) fireannacha a bhfuil an baol is mó ag baint leo agus a chreideann gur féidir leo ól agus fáil abhaile go sábháilte (má bhíonn siad cúramach) an dainséar a bhaineann leis sin a aithint trí insint díobh go raibh alcól ólta ag dhá thrian de na coisithe a maraíodh ar bhóithre na hÉireann. Go sonrach táimid ag iarraidh ar dhaoine a síob abhaile a eagrú sula dtéann siad amach ag ól.

**An Taighde Taobh Thiar den Fheachtas:**

Admhaíonn leath na ndaoine go siúlann siad abhaile i ndiaidh díobh bheith ag ól agus astú sin, go mbíonn 4 dheoch nó níos mó ag an bhformhór. In anailís le déanaí, a rinne an RSA, maidir le himscrúduithe Gardaí ar bhásanna coisithe, idir 2005 & 2007 dearbhaíodh:

- **Sa chás go mbaintear de cásanna nach raibh faisnéis BAC ar bith ann ina leith, léiríonn na figiúirí go raibh alcól ólta ag 66% de na coisithe a maraíodh;**
- **Astu sin bhí beagnach 52% trí huaire os cionn na teorann;**
- **Tharla formhór na n-imbhuailtí i gceantair thuaithe, ag an deireadh seachtaine agus ar bhóithre dorcha nach raibh lasta.**

I suirbhé Millward Brown Lansdowne a rinneadh thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí na Samhna 2009 dúirt 21% de na freagróirí gur ól siad 5 dheoch alcóil nó níos mó agus gur shiúil siad abhaile.



Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe


**Torthaí an Fheachtais:**


- Comhaontaíodh 61% go láidir go;
  'Mar thiománaí, tá sé níos dóchúla anois go mbeidh mé níos cúramaí ar an mbóthar maidir le coisithe'.
- Comhaontaíodh 53% go láidir go;
  'Tá sé níos soiléire dom anois go bhfuil mé mo chur i mbaol trí shiúl abhaile i ndiaidh alcól a ól'.
- Comhaontaíodh 47% go láidir go;
  'Tá sé níos dóchúla anois go n-eagróidh mé síob abhaile sula dtéim amach ag ól'.

Mar aon leis na feachtais úra rinneadh na feachtais teilifíse seo a leanas a reáchtáil i 2012 chomh maith

## 'Crashed Lives'

Rinne an RSA a fhógraí teilifíse agus raidió'Crashed Lives' ar éirigh go han-mhaith leo a chraoladh in Earrach agus Geimhreadh 2012. Craoladh bunsraith 2007 d'eagarthóireacht teilifíse 'Crashed Lives' ar scáileáin teilifíse le linn mhí an Mhárta. Áiríodh orthu sin eagarthóireacht 'Conor', 'Sarah', 'James' agus 'Comhairleoir'. Sa dara sraith tugadh trí fhíorscéal ina raibh Siobhán O'Brien, Marjorie Flood agus an Dr. Áine Carroll a craoladh roimh thréimhse na Nollag 2012.






## Sábháilteacht Gluaisrothar

Rinneadh fógra teilfíse um Shábháilteacht gluaisrothar an RSA 'Underneath' a reáchtáil le linn na tréimhse ardriosca in Iúil. Tugadh 18,000 seaicéad ard-infheictheachta in eisiúint Mheán Fómhair den Bike Buyers Guide.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

### An Cód Sábhála

Rinneadh Feachtas Teilifíse an RSA maidir leis an gCód Sábhála atá dírithe ar an dóigh le dul trasna an bhóthair a theagasc do pháistí a chraoladh ar an teilifis agus i bPictiúrlanna le linn 2012.



### Feachtas um Fheasacht ar Cheamaraí Sábháilteachta

Bhí feachtas 'Ceamaraí Sábháilteachta' an RSA/na nGardaí ar ais ar an aer le linn Aibreáin agus Lúnasa. Áiríodh air sin an fógra teilifíse 40 seic, fógra Raidió agus fógraíocht ar líne. Reáchtáladh an feachtas seo chun iarrachtaí forfheidhmiúcháin Eorpacha agus Náisiúnta maidir le díriú ar luas a chomhlánú.

### Tiománaí níos Fearr níos Sábháilte

Craoladh fógraí teilifíse an RSA maidir le Tiomáint ar Mhótarbhealaí agus Timpeallláin i mí Feabhra. Craoladh na fógraí 'Keep your distance and Turn right' i mí Iúil. Rinneadh an fógra raidió Sábháilteacht ar an Mótarbhealach a chraoladh ar an raidió náisiúnta agus áitiúil thar an tréimhse céanna. Shroich an feachtas seo 95% den daonra aosaigh.




### Feachtas maidir le Sábháilteacht Turasóirí ar Bhóithre

I 2012 rinneadh feachtas úr um fhaisnéis phoiblí, chun oideachas a chur ar fáil do thurasóirí a thugann cuairt ar Éirinn maidir leis an ngá a bheith sábháilte agus na bóithre á n-úsáid acu a fhorbairt i gcomhair leis an nGarda Síochána. Áiríodh san fheachtas rannán úr ar fhaisnéis do thurasóirí maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar láithreán Gréasáin an RSA. Trí fhógraíocht ar líne a dhírigh ar láithreáin Ghréasáin faisnéise do thurasóirí sa bhaile agus thar lear treoraíodh daoine chuig láithreán Gréasáin an RSA. Lena chois sin, rinneadh fógraíocht in irisí eitilte agus bróisiúir turasóirí. Cuireadh an teachtaireacht 'keep left' chun cinn i láithreáin speisialta lasmuigh ag calafoirt agus aerfoirt. Cuireadh fógraí i láithreacha éileamh bagáiste agus láithreacha na n-eitiltí isteach sna haerfoirt chomh maith.

### Fógra in aghaidh tiomána faoi thionchar drugaí

Rinneadh an fógra in aghaidh tiomána faoi thionchar drugaí ina ndírítear ar an dainséar le cannabas a úsáid agus tú ag tiomaint ('Night Out') a chraoladh le linn mhí na Bealtaine 2012.



Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

**'Cycle Smart, Cycle Safe'**
Ní raibh rothaíocht riamh chomh coitianta. Is spraoi é agus níl sé costasach. Laghdaíonn rothaíocht truailliú agus maolaíonn sé brú tráchta. Tá rothaíocht an-sábháilte chomh maith, ar an gcoinníoll go leanann rothaithe de roinnt rialacha gnáthchéille nuair a bhíonn siad amuigh ar na bóithre. Ba é sin an bonn le feachtas 'Cycle Smart, Cycle Safe' i 2012, ina gcuimsítear ceithre scannán ghairide chomhairleacha a lainseáladh ar láithreán Gréasáin an RSA agus ar a gCainéal Youtube. Cuimsítear na príomhghnéithe rothaíochta uile sna scannáin seo agus cad is dea-chiall rothaíochta ann go simplí.

**Sna ceithre fhíseán cuimsítear an méid seo a leanas:**

1. **Seiceáil Trealaimh: Anseo cuimsítear tógáil cheart rothair agus an trealamh riachtanach sábháilteachta. Tugtar comhairle sa scannán fosta ar roghnú agus caitheamh clogaid chuí-fhaofa agus ar an tábhacht le héadaí ard-infheictheachta;**
2. **Rialacha an Bhóthair: Ní mór do rothaithe cloí leis na rialacha céanna bóthair a chloíonn gach úsáideoir bóthair eile leo;**
3. **An Bóthar a Roinnt: Sa scannán seo cuimsítear ábhair lena n-áirítear conas is ceart do thiománaithe carranna páirceáilte a scoitheadh, rothaíocht i dtrácht trom agus an tábhacht le fad sábháilte a choinneáil ó fheithiclí móra;**
4. **Comharthaíocht: Anseo, is féidir le rothaithe foghlaim faoi nósanna imeachta maidir le comharthaíocht mar is ceart i gcomhair tiompú agus timpealláin a úsáid, mar aon leis na gnéithe rabhaidh um dhéileáil le feithiclí agus tú ag comharthú.**



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

### An Feachtas 'Change One Thing'


Chun 'Decade of Action' 2011-2020 na Náisiún Aontaithe a shonrú agus chun taispeáint go bhfuil Éire ina ceannaire maidir le sábháilteacht ar bhóithre lainseáil an RSA a fheachtas 'Change One Thing'. Le haghaidh Decade of Action na Náisiún Aontaithe, ní mor dúinn an dóigh a n-úsáideann daoine an bóthar a athrú, agus ní hamháin an dóigh an ndeir siad go n-úsáideann siad é. Chun é sin a dhéanamh, táimid ag iarraidh ar dhaoine chomh leochaileach is a bhfuil siad ar an mbóthar a aithint agus an méid cumhachta atá acu gach uair a úsáideann siad carr, rothar nó cosán a aithint fosta. Má tá tú buartha faoin tsábháilteacht ar bhóithre, is fútsa atá sé do pháirt a dhéanamh.

Níl againn ach rud amháin a athrú. Leis an smaoineamh cumasaithe sin amharcann daoine ar a n-iompraíocht féin i gcoibhneas le cad é an dea-chleachtas agus cinneadh a dhéanamh iad féin faoin cibé nós sábháilteachta ar bhóithre ar mian leo féin a ghlacadh.

Is feachtas ar líne atá san fheachtas, ag www.changeonething.ie le gníomhaíocht meán sóisialta bainteach. Is é is cuspóir leis tabhairt ar dhaoine gealltanas a dhéanamh (go poiblí agus/nó i measc a ndaoine muinteartha) iompraíocht riosca a athrú ina n-úsáid féin ar na bóithre, a chuideoidh le bóithre na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte do gach duine a úsáideann iad.

Chun an feachtas sin a chur chun cinn labhair an RSA le roinnt 'Ambasadóirí um Shábháilteacht ar Bhóithre' agus cheap sé iad. Áirítear ar na hambasadóirí reatha, a thaifead teachtaireacht ghairid físe agus gealltanas mar aon le teachtaireacht ghairid a thaifeadadh agus a craoladh ar an Raidió, tá na láithreoirí raidió Ray d'Arcy, Today FM agus Rick O'Shea, 2FM; an t-aisteoir Keith McErlean; an tráchtaire spóirt atá éirithe as, Michael o'Muircheartaigh agus Pat Spillane.





## An Feachtas 'What's the Difference' Keep the Race in Its Place'

Rinneadh sraith úr de cheithre fhíseáin ghairide inar dtugadh chun suntais an difear idir carr railí agus gnáthcharr a lainseáil ar líne i mí an Iúil. San fhíseán tá an comhalta boird Aaron McHale, Craig Breen, Tiománaí Curaidh Acadamh WRC 2011 agus Toni Kelly, tiománaí railí, as Dún na nGall. Tá na físeáin óstáilte ar Chainéal Youtube an RSA agus rinneadh iad a chur chun cinn go mór ar leathanaigh éagsúla meán sóisialta an RSA. Breathnaíodh ar na físeáin ar láithreán Youtube an RSA 10,500 uair. Neadaíodh na físeáin i bhfeidhmchlár agus láithreán Gréasáin fón cliste iRally idirnáisiúnta agus breathnaíodh orthu ansin 43,354 uair go dtí seo i 68 tír. Ba sa Ríocht Aontaithe a bhí 38.3%, 22.3% in Éirinn: 60.6% de na hamhairc ar fad le chéile.




## Físeáin ar Thástálacha Tiomána

Táirgeadh sraith úr d'fhíseáin faisnéise dhá nóiméad i 2012 chun an próiseas chun iarratas a dhéanamh ar an tástáil tiomána phraiticiúil agus chun é a dhéanamh a mhíniú. Tá na físeáin ar fáil le féachaint orthu ar láithreán Gréasáin an RSA agus ar chainéil na meán sóisialta.

## Feachtais Raidió 2012

### Fógra Raidió 'ADI'

Reáchtáil an RSA a fhógra raidió maidir le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) a chuireann i gcuimhne do thiománaithe úra nár cheart díobh ach ADI faofa a úsáid agus ceachtanna á ndéanamh acu.

### Fógra Raidió 'Driver CPC'

Reáchtáil an RSA a fhógra raidió 30 soicind i mí Feabhra agus i mí Iúil ar an ngá lena dteidlíochtaí CPC Tiománaithe a choinneáil a chur i gcuimhne do thiománaithe busanna agus trucailí trí cheann dá laethanta oiliúna a dhéanamh le haghaidh 2012 faoin spriocdhátha 10 Meán Fómhair.

### Fógra Raidió 'Harvest'

Rinneadh comhfheachtas an RSA agus an IFA ag tabhairt rabhaidh d'úsáideoirí bóthair faoin méadú i bhfeithiclí talmhaíochta thar mhíonna an tsamhraidh ar an mbóthar poiblí a reáchtáil arís i 2012. Áiríodh air athchraoladh an chomhfhógra raidió 30 soicind i mí na Bealtaine agus i mí Iúil, gníomhaíocht sprice ar scáileáin teilifíse i láithreacha feirme ar fud na tíre agus an cheist um chomhráiteas.

### An bhfuil do Charr Réidh le haghaidh an Gheimhridh

Rinneadh an eagarthóireacht raidió 30 soicind ar a dtugtar 'Is your vehicle ready for winter?' a chraoladh ar na stáisiúin raidió náisiúnta agus idirnáisiúnta go léir i mí Dheireadh Fómhair. Craoladh sraith de shé theachtaireacht raidió nó 'stoing' 15 soicind ar an raidió áitiúil chomh maith ag soláthar nodanna bunúsacha ar thiomáint sa gheimhreadh i ndiaidh feasacháin nuachta agus tuairiscí Tráchta.

### Lasadh Soilse i rith an Lae

Rinneadh an feachtas raidió 30 soicind ag maíomh ar ghluaistéanaithe tiomáint i gcónaí lena gceannsoilse maolaithe a chraoladh i mí na Samhna. Bhí dhá stoing raidió (10" & 15") ag gabháil leis an bhfógra chomh maith inar díríodh ar mhí-úsáid lampaí ceo ag gluaisteánaithe.

### Feachtas um Aimsir Chrua

D'úsáid an RSA roinnt stoing raidió 15 shoic ar an raidió náisiúnta agus áitiúil i mí na Nollag 2012 i gcoinne go dtarlódh sneachta nó oighear, i ndiaidh thionól na hOifige Pleanála Éigeandála Náisiúnta agus réamhaisnéis ó Met Éireann.

### 'Keep the Race in its Place'

Tháinig an RSA agus Motorsport Ireland le chéile chun díriú ar sheacht n-imeacht railí ardphróifíle i 2012 agus ar theachtaireachtaí a thabhairt ar shábháilteacht ar bhóithre. D'eisigh an dá eagraíocht comhtheachtaireacht maidir le sábháilteacht chuig leantóirí a bhí ag freastal ar an imeacht spóirt chun an teachtaireacht 'Keep the Race in its Place' a thabhairt. Áiríodh leis chomh maith fógra raidió 30 soic ar an raidió áitiúil agus ar chláir fhógraí fógraíochta shoghluaiste thart ar an ionad rása.

**Ba iad na himeachtaí railí ar díríodh orthu:**

- Railí Chorcaí Thiar
- Railí an Láir Tíre
- Railí Mhaigh Eo
- Railí Chill Airne
- Railí Dhún na nGall
- Railí Bhiorra
- Railí Loch Garman

D'fhreastail ionsamhlóir tar-rollta criosanna sábhála agus tionteálaí an RSA ar roinnt de na himeachtaí sin chomh maith.

### Tuirse Tiománaithe

Craoladh an fógra raidió 30 soic 'Driver Fatigue' ina raibh Charlie Mitchell ar feadh tréimhse dhá sheachtain ag tús mhí Lúnasa. Tugadh a lán am aeir don fheachtas thar an tréimhse ard-riosca Dheireadh Seachtaine Saoire Bainc Lúnasa.

### Raidió um Thiomáint don Obair

Rinneadh fógra raidió 30 soic an RSA ina maíodh ar fhosaithe Treoirlínte um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA a úsáid le haghaidh na háite oibre a chraoladh i mí Feabhra.

### Eisíonn an RSA & na Gardaí Comhachainí le haghaidh Lá Fhéile Pádraig

Ag díriú ar dheireadh seachtaine saoire bainc Lá Fhéile Pádraig d'eisigh an RSA agus na Gardaí comhachainí chuig úsáideoirí bóthair gan tiomáint faoi thionchar óil choíche. Tugadh tacú ina leith sin le taighde a rinne an RSA ina léiríodh laghdú 12.8% i líon na n-imbhuailtí a tuairiscíodh sa chás go raibh alcól ina fhachtóir roimh an tuairt. Tháinig laghdú ar imbhuailtí marfacha a bhain le halcól ó 28.33% i 2005 go 15.53% i 2007. Tugadh Tástáil Alcóil Shainordaitheach (MAT) isteach i mí Iúil 2006

## Feachtais Caidrimh Phoiblí

Rinneadh 'Seachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre' a reáchtáil ó Dé Luain 8 Deireadh Fómhair go dtí Dé Domhnaigh 14 Deireadh Fómhair. Thosaigh an tseachtain le Léacht Bliantúil Acadúil an RSA um Shábháilteacht ar Bhóithre i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCPI), Uimh. 6 Sráid Chill Dara. Seachtain.

**Ba é téama an léachta 'Feidhmiúlacht Leighis chun Tiomána'. I measc gníomhaíochta eile a bhí ar bun ar fud na tíre le linn 'Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre' bhí:**

- Fócas athnuaite ar shábháilteacht boinn rotha mar chuid de thionscnaimh arna reáchtáil ag Irish Tyre Industry Association. Bhí seiceálacha boinn rotha ar fáil ar fud na tíre ag ionaid boinn rotha rannpháirteacha, mar aon le pacáiste sábháilteachta saor in aisce;
- An glao ar iontrálacha sna Gradaim bhliantúla 'Leading Lights in Road Safety' Dé Céadaoin 10 Deireadh Fómhair. Tionóladh na Gradaim in Farmleigh Dé Céadaoin 12 Nollaig.
- Sraith seimineár 'Driving for Work' arna reáchtáil ag an RSA, HSA agus ag an nGarda Síochána. Bhí na seimineáir leath lae sin deartha chun cuidiú le húinéirí, bainisteoirí agus maoirseoirí gnó tuiscint a bheith acu ar an dóigh ar féidir le bainistíocht éifeachtúil ar rioscaí bóthair a bhaineann leis an obair a bheith tairbhiúil don bhunlíne;
- Tionóladh 'Beep Beep Day!', lá feasachta um shábháilteacht ar bhóithre do pháistí i mbeagnach 1,400 réamhscoil ar fud na tíre Dé hAoine 12 Deireadh Fómhair. Chleachtaigh páistí 5 mbliana d'aois agus níos óige bunteachtaireachta sábháilteachta ar bhóithre leis na leabhair scéalta um shábháilteacht ar bhóithre 'Simon and Friends', amhráin, cluichí agus gníomhaíochtaí. Scaipeadh faisnéis maidir le sábháilteacht páistí i gcarranna ar thuismitheoirí chomh maith. Comhordaíonn an RSA an t-imeacht go náisiúnta agus eagraíonn Coistí Contae agus Cathrach Cúram Leanaí iad go háitiúil;
- Feachtas iRadio/RSA/an Gharda Síochána 'I is the Limit;
- Lainseáil an chomórtais scannáin 'Keep Drama off the Roads' le Setanta Insurance a thug cuireadh do scannánóirí ag teacht i gcrann chun script a chur isteach mar fhreagairt ar théama sábháilteachta ar bhóithre. Ba é an téama sin 'Texting and Driving' agus fógrófar iontráil an bhua go luath i 2013. Gheobhaidh an buaiteoir €3000 mar aon leis an deis oibriú le foireann léiriúcháin chun a choincheap a fheiceáil i bhfís;
- Reáchtáil an RSA sraith de chúig thabhartas in aisce ar a leathanaigh Facebook agus Twitter ar fud Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre.

### Cork—Your Road to Safety

Rinneadh 'Cork—Your Road to Safety', an dara tionscnamh i sraith tionscnaimh chontae-bhunaithe i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus páirtithe leasmhara áitiúla ag obair le chéile chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre sa phobal a lainseáil an 28 Feabhra, in Ospidéal Ollscoil Chorcaí. Shonraigh an t-imeacht lainseáil Ghrúpa Oibre nuabhunaithe Chorcaí um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## Oibríocht Tiománaithe faoi Oiliúint

D'eisigh an Garda Síochána, an RSA agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) comhráiteas inar soláthraíodh torthaí ghníomhaíocht na nGardaí le déanaí inar dhírigh siad ar thiománaithe faoi oiliúint. Tuairiscíodh sa ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin nach raibh céatadán suntasacha dóibh siúd a stopadh ag cloí leis na coinníollacha a bhaineann lena gCead Foghlaimeora. As na 2200 tiománaí a seiceáladh, ní raibh sealbhóir ceadúnais iomláin le 43% (946) díobh, agus ní raibh plátaí L á dtaispeáint ag 30% (660) díobh. Ghin an scéal clúdach suntasach sna meáin agus anailís eagarthóireachta.



## Comhdháil Idirnáisiúnta an RSA

Ar an Luain 10 Aibreán, thug an príomhshaineolaí domhanda ar shábháilteacht ar bhóithre, an Tiarna Peter North, aitheasc do bheagnach 200 toscaire ag Comhdháil Bhliantúil Idirnáisiúnta an RSA i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ba é an téama sa chomhdháil, a bhí faoi chathaoirleacht an Bhreithiúnais Michael Pattwell (éirithe as), Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche, ná 'Iompraíocht Atitimeach agus Athshlánú Tiománaithe'. Rinneadh tuairisciú fairsingíoch ar an gcomhdháil sna meáin cloíte agus na meáin chraolta

## Ag Tiomáint thar Lear

D'eisigh an RSA agus Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) comhachainí Dé Céadaoin 9 Bealtaine ina maíodh ar dhaoine a bhí ag taisteal thar lear thar mhíonna an tsamhraidh gan an tsábháilteacht ar bhóithre a fhágáil sa tolglann imeachta. Léiríodh i bhfigiúirí a fuarthas ón Roinn Gnóthaí Eachtracha go bhfuair suas le 193 saoránach Éireannach bás thar lear i 2011, laghdú 18 nduine i gcomparáid le figiúirí 2010. Tharla roinnt díobh sin de bharr imbhuailtí bóthair. Léirítear i dtaighde eile gur maraíodh 9 nÉireannach ann féin i dtuairteanna bóthair san Astráil ó bhí 2010 go 2012. Gortaíodh roinnt eile go dona i dtuairteanna bóthair san Astráil fosta.

## Seimineár 'Safe and Sober' an ETSC


Thionóil Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) a dara seimineár is fiche 'Safe and Sober' i mBaile Átha Cliath an Déardaoin 24 Bealtaine. Bhí an seimineár comhóstáilte ag an ETSC, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HAS) agus an Garda Síochána, agus is cuid é d'fheachtas an ETSCC ar thiomáint faoi thionchar óil, le béim faoi leith ar fhostóirí. Tugadh clúdach fairsingíoch i leith an tionscadail sna meáin.

## Saoire Bainc an Mheithimh

Chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht leis an nGarda Síochána agus comhlachtaí stáit eile chun feasacht a spreagadh maidir le sábháilteacht ar bhóithre thart ar na mór-imeachtaí éagsúla a bhí ar siúl ar fud na tíre thar dheireadh seachtaine saoire bainc an Mheithimh. Áiríodh orthu sin, imeacht Bavaria City Racing, Maratón Chorcaí, Mionmharatón na mBan agus Féile Bloom, imeachtaí spóirt srl.

## Foláirimh Aimsire Crua

Rinne an RSA a chóras rabhadh aimsire um shábháilteacht ar bhóithre a choinneáil le Met Éireann i 2012 agus d'eisigh siad a lán foláireamh chuig úsáideoirí bóthair chun rabhadh a thabhairt dóibh maidir le drochriochtaí bóthair.



Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

### An tSeachtain Náisiúnta Rothar — Dé Sathairn 16 go Dé Domhnaigh 24 Meitheamh

Mar chuid den tSeachtain Náisiúnta Rothar a reáchtáladh ó Dé Sathairn 16 go Dé Domhnaigh 24 Meitheamh, d'eisigh an RSA achainí ag maíodh ar gach rothaí a bheith níos cúramaí ar an mbóthar. Iarradh ar thiománaithe meas a bheith acu ar rothaithe agus an bóthar a roinnt go sábháilte. Cuireadh an tSeachtain Rothar chun cinn ar leathanaigh meán sóisialta an RSA agus bhí tabhartas in aisce á tháirg acu. Tugadh os cionn 500 mála sreangán ard-infheictheachta frithchaiteach amach chuig leantóirí Facebook an RSA.




### Gradaim Meán na Mac Léinn

Thug an RSA urraíocht i leith an Ghradaim 'Iriseoireacht a bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre' ag Gradaim Meán na Mac Léinn 2012. Is é is cuspóir an ghradaim sin píosa oibre a rinneadh i meán ar bith agus a chur leis an tsábháilteacht ar bhóithre a shainaithint, agus i mbliana ba é dhá Iriseoir raidió an-chumasacha a bhuaigh é, Barry Lenihan agus Ciaran O'Connor as DCU. Clár faisnéise a bhí ina bpíosa ag amharc 'taobh thiar de na staitisticí' maidir le básanna bóthair in Éirinn, inar tugadh cuntas gairid ar a lán tuairteanna bóthair agus breathnaíodh ar a n-éifeachtaí ina dhiaidh sin. Is féidir an tsraith ceithre pháirt a íoslódáil ó láithreán Gréasáin an RSA. Cuireadh chun cinn fosta é ar láithreán meán sóisialta an RSA.

### Ceiliúradh na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisearaigh

D'eisigh an RSA ráiteas i lár an Mheithimh ag maíomh ar dhaltaí a bheith sábháilte ar an mbóthar le linn a gceilúrtha i ndiaidh a scrúduithe. D'iarr an RSA ar thuismitheoirí chomh maith a chur i gcuimhne dá n-aosaigh óga an bóthar a úsáid go sábháilte, cibé acu mar thiománaí, paisinéir, coisí nó úsáideoir eile bóthair.

### 'Operation Slow Down'

Chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht leis an nGardaí Síochána Dé Máirt an 3 Iúil chun tacú le lainseáil an fheachtais forfheidhmiúcháin 'Operation Slow Down'. Cuireadh an oibríocht suas mar fhreagairt ar an méadú i mbásanna ar na bóithre sa chéad leath den bhliain i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2011.

### Athbhreithniú Sé Mhí ar Shábháilteacht ar Bhóithre

I mí an Iúil scaoil an RSA figiúirí maidir leis an gcéad sé mhí i 2012, inar léiríodh nach raibh criosanna sábhála á gcaitheamh ag 23% de thiománaithe agus 29% de na paisinéirí a maraíodh, nuair a tharla an t-imbhualadh. Bhí sé ina ábhar imní fosta an méid daione nach raibh ag caitheamh crios sábhála agus a caitheamh amach as an bhfeithicil. Mar thoradh ar fhoilsiú na bhfigiúirí bhí clúdach cuimsitheach cló agus raidió ann agus athneartaíodh an teachtaireacht um shábháilteacht ar bhóithre go poiblí ag tráth ina raibh méadú suntasach ar bhásanna ar na bóithre.

### Fógra maidir le Pointí Pionóis Úra

I mí Lúnasa, d'eisigh an RSA comhráiteas leis an Roinn Iompair inar fhógair an tAire Varadkar tabhairt isteach pointí pionóis i leith cionta éagsúla crios sábhála (agus meáchain). Gineadh clúdach suntasach sna meáin phríomhshrutha maidir leis an gceist. Bhí ardán meán sóisialta an RSA an-ghnóthach ag tabhairt freagra ar fhiosruithe poiblí maidir leis an topaic thart ar thráth an fhógra.


Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

**Lainseáil an fheachtais'Back to School' le Electric Ireland**
Chuaigh an RSA agus Electric Ireland le chéile don tríú bliana as a chéile chun 85,500 veist ard-infheictheachta a scaipeadh ar gach páiste ag tosú sa scoil i mbliana. Bhí na veisteanna i bpacáistí sábháilteachta ar bhóithre 'Back to School' an RSA a scaipeadh ar bhunscoileanna ar fud na tíre. I dtaighde úr a foilsíodh i gcomhair na lainseála taispeánadh laghdú 77.8% i líon na bpáistí (0-14 bliana d'aois) a maraíodh ar bhóithre na hÉireann sa tréimhse 1997 go 2010. Tharraing lainseáil an fheachtais a lán suime ó na meáin.

**Sábháilteacht ar an Mótarbhealach**
D'eisigh an RSA preaseisiúint i mí Feabhra inar iarradh ar thiománaithe nach bhfuil cinnte faoi thiomáint ar an mótarbhealach nó ar thimpeallán breathnú ar cheachtanna a dhéanamh le Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) chun a scileanna a athnuachan. D'fhás gréasán bóithre náisiúnta na hÉireann go 5,515kms. Áirítear ar sin 1,187 km de ghréasán mótarbhealach. Anois tá gréasán mótarbhealach a nascanna ár mór-ionaid uirbeacha go léir in Éirinn.

**Lainseáil Lámhleabhar do Thiománaithe faoi Oiliúint**
An 11 Meitheamh lainseáil an RSA ceithre Lámhleabhar úr do Thiománaithe faoi Oiliúint. Forbraíodh na lámhleabhair chun cuidiú le tiománaithe faoi oiliúint agus iad ag ullmhú i gcomhair a dtástála tiomána. Tugtar faisnéis agus comhairle luachmhar sna lámhleabhair ar cheithre chatagóir fheithicle; an Carr, Gluaisrothar, Trucail agus Bus. Tugadh roinnt lámhleabhar amach saor in aisce do leantóirí Leathanach Facebook Tástála Tiomána an RSA.



## Gradaim

**An Gradam 'An Preas Réigiúnach is Fearr'**

Fuair an RSA an gradam 'An Preas Réigiúnach is Fearr' ag Gradaim Nuachtáin Náisiúnta na hÉireann as a fhógra in aghaidh tiomána faoi thionchar drugaí i gcomhair an fheachtais um channabas.

**Gradaim na Meán Digiteach**

Fuair an RSA an gradam ag 'Gradaim Bhliantúla na Meán Sóisialta' i Márta. Faightear an gradam seo as sármhaitheas i dtáirge, seirbhís nó láithreán Gréasáin na meán digiteach a chruthaigh comhlacht nó institiúid stáit chun sochaí na hÉireann a spreagadh chun teicneolaíocht na meán digiteach a chuimsiú. Measadh go raibh iontráil an RSA 'Embracing Digital to Reduce Road Deaths' ar an bhfeachtas is fearr Rialtais go dtí an Pobal le bliain anuas. Cuireann an RSA ar an ngearrliosta i nGradaim ríomhsheirbhísí an Rialtais, Gradam ríomh-Sheirbhísí Rialtais Mheáin Shóisialta na hÉireann.



## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre & na Meáin Shóisialta le linn 2012

**Príomhleathanaigh Meán Sóisialta an RSA**
Leis na brathchainéil meán sóisialta don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le linn 2012 cruthaíodh éifeachtúlacht an chainéil maidir leis an gcomhrá a spreagadh thart ar phríomhspriocanna cumarsáide na heagraíochta. Toisc go bhfuil suas le 30,000 úsáideoir ar an bpobal anois ar Facebook, agus 2,000 eile ar Twitter; tá ollphobal úsáideoirí bóthair atá rannpháirteach go gníomhach agus atá ag fáil ár dteachtaireachtaí gach uile lá. Le linn na bliana, bhí an fócas ar bhreisluach a sheachadadh d'fhonn muinín na n-úsáideoirí a fháil ionas go mbeidh siad níos toilteanaí ár dteachtaireachtaí a roinnt. Tá roinnt feidhmchlár feidhmiúil forbartha, a dhéanann níos fusa é don úsáideoir bóthair a bheith níos eolasaí faoi shábháilteacht ar bhóithre.

**Áirítear ar chuid de na gnéithe sin:**

- **Tá an leathanach Facebook aitheanta anois mar acmhainn le haghaidh ábhar Ard-Infheictheachta. Tugadh amach roinnt tabhartas in aisc le linn na bliana ag soláthar feistis sábhála dár leantóirí Facebook go léir. I 2012, tugadh amach 9,750 banda muinchille ard-infheictheachta, 300 mála sreangán tarraingthe, agus 5,900 veist ard-infheictheachta a seachadadh le linn Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre;**
- **Forbraíodh an Ghiuirléid Aimsire ar Facebook as an léargas a bhain leis an méadú i leibhéil chomhrá thart ar foláirimh aimsire a théann i bhfeidhm ar iompraíocht daoine ar ár mbóithre. Cuireann an feidhmchlár Facebook ar chumas an úsáideora eolas ar a n-aimsir áitiúil a fháil, agus athraíonn dathanna dhearadh an fheidhmchláir ag brath ar na riochtaí aimsire san áit sin. Cuireann an feidhmchlár ar ár gcumas foláirimh aimsire phráinneacha a chur leis más gá;**
- **D'fhonn aiseolas a choisteáil ón bpobal maidir leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013—2020 cruthaíodh Feidhmchlár Facebook chun aighneachtaí foirmiúla ar Straitéis 2013—2020 an RSA a ghabháil. Rinneadh os cionn 77 aighneacht;**
- **Tacú leis an Seó Bóthair 'Check It Fits' ar Facebook le léarscáil ghníomhach de na háiteanna ina raibh an seó bóthair ar siúl, agus bhí ábhair bróisiúir ábhartha ann a bhí ar fáil lena íoslódáil. Spreagadh úsáideoirí chomh maith chun clárú chun a DVDanna ar Shábháilteacht Páistí a fháil a seachadadh i ndiaidh an fheachtais 'Check It Fits';**
- **Tacaíodh le Lá Cuimhneacháin an Domhain in 2011 le balla fíorúil cuimhneacháin spreagtha trí Facebook. Leanadh ar aghaidh leis seo go dtí 2012, agus i mí na Samhna, cruthaíodh leagan fisiceach den bhall seo a úsáideadh in ábhar photocall le haghaidh fheachtas na bliana seo. tugadh ómós do os cionn 900 íospartach tríd an bhfeidhmchlár go dtí seo.**

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

Gineann cuntais Facebook agus Twitter an RSA toirteanna arda comhrá. Cé go bhfuil úsáideoirí bóthair, i roinnt cásanna, ag cur dúshláin os comhair an RSA chun freagairt a thabhairt ar cheisteanna faoi leith, gan an pobal meán sóisialta seo, ní bheadh bealach poiblí ar bith ag an RSA chun freagairt a thabhairt agus chun cuidiú lena ndearcadh níos fearr a fhorbairt ar ár bhfeachtais agus ar ár gceisteanna um shábháilteacht ar bhóithre i gcoitinne. Leanfaidh sé sin de bheith ina phríomhfhócas dár ngníomhaíochta ag dul isteach i 2013, ag cur ó mhaith seintimintí diúltacha ar bith agus ag déanamh tacadóirí don RSA as comhrá dearfach. Is é sin an rud a fhíorsheachadfaidh athrú iompraíochta.

**Tá cuid de na príomhthorthaí a baineadh amach i 2012, leagtha amach sna staitisticí agus sna méadrachtaí a úsáideadh chun rath a mheas:**

- Leantóirí Facebook: 29,054
- Úsáideoirí Gníomhacha Seachtainiúla Facebook: 6.85%
- Úsáideoirí Gníomhacha Míosúla Facebook: 23.5%
- 'Likes'ar Facebook (ar Thráchtanna): 37,371
- Tráchtanna agus Postálacha Balla ó Úsáideoirí Facebook: 5,773
- Rannta Facebook: 9,455
- Leantóirí Twitter: 1,983
- Ath-tvuíteanna de Tvuíteanna an RSA: 2,350
- '@RSAIreland' luaite ar Twitter: 1,126
- Fiosruithe Tomhaltóirí a Láimhseáladh trí na Meáin Shóisialta: 2,925
- Bhí 31% den leantóirí Facebook idir na haoiseanna 18 agus 24, formhór na rannta.

**Áirítear ar gradaim dá n-ainmníodh an RSA nó a bhuaigh an RSA le linn 2012 maidir leis an obair go dtí seo timpeallacht meán sóisialta:**

- Gradaim na Meán Sóisialta 2012 — Geimhreadh — Nuálaíocht Rialtais go Tomhaltóir
  Tá sé d'aidhm leis an ngradam seo sármhaitheas a thabhairt i dtáirge, seirbhís nó láithreán Gréasáin na meán digiteach atá cruthaithe ag comhlacht nó institiúid rialtais chun sochaí na hÉireann a spreagadh chun teicneolaíocht na meán digiteach a chuimsiú. Ba é iontráil an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre 'Embracing Digital to Reduce Road Deaths' Iontráil an Bhua le haghaidh seo, fógartha an 30 Márta, 2012;
- Gradaim na ríomh-Sheirbhísí Rialtais 2012 — Iomaitheoir Deiridh — An Úsáid is Fearr as na Meáin Shóisialta. Tá sé d'aidhm le Gradaim na ríomh-Sheirbhísí Rialtais tagarmharcanna a aitheanta i gcomhair sármhaithis i seirbhísí agus i gcaighdeáin ríomh-sheirbhísí Rialtais na hÉireann. Bhí an RSA ina n-Iomaitheoirí Deiridh as a straitéis meán sóisialta le haghaidh chatagóir na Meán Sóisialta i ngradaim 2012, a tionóladh an 29 Márta, 2012;
- Gradaim na Meán 2012 — Iomaitheoir Deiridh — An Úsáid is Fearr as na Meáin Idirghníomhacha/Dhigiteacha
  Breathnaítear leis an ngradam seo branda nó eagraíocht a aithint ag a bhfuil an sampla is suntasaí d'fheachtas idirghníomhach/digiteach nuálach agus léirsteanach a seachadadh leis an éifeachtúlacht is mó. Cuireadh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an liosta mar iomaitheoir deiridh lenár n-iarratas ar na meáin shóisialta mar ghné ríthábhachtach i gcumarsáid na heagraíochta. Fógraíodh an buaiteoir an 29 Márta 2012, agus bhí an RSA mar iomaitheoir deireadh i measc sraith an-iomaíoch brandaí Éireannacha;
- Gradaim na Meán Sóisialta 2012 — Iomaitheoir Deiridh — An Úsáid is Fearr ag Comhlacht Stáit as na Meáin Shóisialta
  Tá sé mar aidhm le Gradaim na Meán Sóisialta an ghníomhaíocht meán sóisialta is fearr ar fud sraith éagsúil catagóirí a aithint. Cuireadh an RSA ar an ngearrliosta ar dtús, agus ansin bhí siad ina n-iomaitheoirí deiridh sa chatagóir 'An Úsáid is Fearr ag Comhlacht Stáit as na Meáin Shóisialta' le linn an imeachta a tionóladh an 17 Bealtaine 2012.

## Meáin Sóisialta um Thástáil Tiomána

Le linn 2012, forbraíodh pobal tanáisteach do Tiománaithe faoi Oiliúint, d'fhonn labhairt go díreach leis an ngrúpa seo úsáideoirí a dteastaíonn tacaíocht uatha má tá siad le tosú sa phobal tiomána. Bunaíodh leathanach Facebook le haghaidh 'RSA Driving Test Ireland' agus cuntas Twitter '@RSADrivingTest' i mí Feabhra 2012, agus laistigh den bhliain bhí beagnach 7,000 sa phobal ar Facebook, agus 130 ar Twitter.

Toisc go bhfuil an lucht leanúna sprice seo méadaithe, bhíothas ábalta glaonna tábhachtacha chun gnímh agus tástálacha scile a bhrú ar aghaidh gach uile lá, sula ndearna siad a dtástáil tiomána, le linn a dtástála tiomána nó díreach ina dhiaidh. Ní bheadh sé sin indéanta dá n-úsáidfí na príomhleathanaigh meán sóisialta. Is iad na húsáideoirí bóthair ar fad atá san fhóram sin, agus ní tiománaithe amháin.

Le linn na bliana, ba é an cuspóir creidiúnacht a fhorbairt leis na leantóirí seo trí ábhar agus uainiú ábhartha gníomhaíochta; mar aon le píosaí beaga rannpháirtíochta trína ndéantar pobal luachmhar de le bheith ina chuid de.

**Áirítear ar na gnéithe a cruthaíodh:**

- **Táb faisnéise a forbraíodh chun an príomhphointí teagmhála agus faisnéise a chuimsiú ann do dhuine ar bith á bhfuil an Tástáil Tiomána á déanamh acu. Tá sé seo ar fáil i gcónaí ar an leathanach, agus soláthraítear ábhar láithreach luacha ann do dhuine atá ag dul tríd an bpróiseas;**
- **Chun na Lámhleabhair 'Learn to Drive'a lainseáil, cruthaíodh Tabhartas in aisce ar Facebook chun iad sin a thairiscint do 70 buaiteoir ádhúil ar an leathanach Facebook. Fuarthas os cionn 700 iarratas ar na leabhair nuair a lainseáladh an fheidhmchlár. I ndiaidh a duais a fháil, chuir úsáideoir amháin ríomhphost pearsanta fiú chun buíochas a ghabháil, ag rá...**

*'Thank You! I can't wait for my manual to arrive in the post as I seemed to have misplaced my old book that I used for my car theory test. I'm determined to complete my motorcycle theory before the summer is out. Your Facebook webpage is very helpful and if I have any questions along the way, I won't hesitate posting on your wall. I will also advise your webpage to friends, as I find it very helpful.' (Rachel Whelan)*

**Tá an cineál sin tacaithe annamh, agus is comhartha dearfach a bhí ann le haghaidh an leathanaigh é sin a fháil laistigh den chéad 5 mhí den leathanach a bheith beo.**

**Cosúil leis an méid thuas, áiríodh ar chuid de na príomhthorthaí i 2012:**

- **6,354 Leantóir Facebook sa chéad 11 mhí, níl ag an gcéad leathanach eile is ábhartha do Thiománaithe faoi Oiliúint ach 453 úsáideoir;**
- **Tá an leathanach deighilte go cothrom, ag sroicheadh 59% baineannach agus 41 fireannach ar fud na sraithe seo leantóirí;**
- **Faightear meán-rannpháirtíocht 2.5% i gcomhair ábhar Facebook (duine ag cur 'like' ar ár n-ábhar, nó ag déanamh trácht air nó á roinnt), arb ionann é sin agus dhá uair an mheáin ar fud a lán pobail Facebook;**
- **Os cionn 1,100 amharc ar táb faisnéise an RSA ar Facebook;**
- **112 Leantóir ar Twitter.**


## Oideachas

Is é beartas an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) oideachas a chur ar úsáideoirí bóthair de réir a chéile suas go dtí an tríú leibhéal sa chóras oideachais agus i bpobail áitiúla. Trí oideachas i sábháilteacht ar bhóithre a chur ar dhaoine, féachtar chuige go sealbhaíonn gach úsáideoir bóthair dearcadh cuí agus iompraíocht shábháilte. Scaip an tÚdarás na cláir oideachais seo a leanas sa bhliain 2012:

### Síomón agus a chairde

Chuir an tÚdarás pacáiste sábháilteachta darbh ainm ‘Síomón agus a Chairde’ i dtoll a chéile le húsáid i réamhscoileanna ar fud na tíre. Dírítear sa tsraith ar cheithre charachtar a thugann teachtaireachtaí cuí i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre do leanaí, ar nós breith ar lámha a chéile, stad ar thaobh an bhóthair, féachaint agus éisteacht, chun dea-shampla a thabhairt. Ag deireadh gach scéil cuirtear roinnt gníomhaíochtaí breise ar fáil chun gur féidir leis na múinteoirí leanúint den ábhar leis na páistí.

Tá scéalta taifeadta ar CD-ROM le hinsint do leanaí réamhscoile. Tá amhráin a phléann le sábháilteacht ar bhóithre ar an CD, leis. Sa phaca do mhúinteoirí a ghabhann leis tá treoir dar teideal ‘I lámha a chéile’ ina bhfuil treoracha faoin tslí le heolas ar conas bheith sábháilte ar Bhóithre a chur ar fáil sna réamhscoileanna agus gníomhaíochtaí, cluichí agus amhráin a thacaíonn leis na scéalta faoi ‘Síomón agus a Chairde’. Gheall na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí sa bhliain 2012 an clár a chur ar fáil do sholáthraithe cúram leanaí ar nós creiseanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. D'eagraigh Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí seisiúin oiliúna áitiúla do sholáthraithe, bunaithe ar na leabhair scéalta 'Síomón agus a Chairde' mar aon le ‘Lá Bíp Bíp!’ agus/nó lá speisialta do shábháilteacht ar bhóithre ina gcontae féin. Bhain soláthraithe réamhscoile úsáid as acmhainní agus cluichí a ghabhann le ‘Síomón agus a Chairde’ chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ar an ‘Lá Bíp Bíp!’.




### ‘Bí Sábháilte’

Paca acmhainní bunaithe ar ghníomhaíochtaí is ea ‘Bí Sábháilte’. Gheofar ann ábhar a ceapadh do bhunscoileanna ar conas bheith sábháilte ar bhóithre, ar dhóiteán agus in uisce. Tá ábhar ann a oireann do leanaí ó ranganna na naíonán go rang a sé agus ceapadh é mar chuid den chlár OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte). Baineann sé go sonrach leis an tsnáithe ‘Mé Féin’ sa chlár sin, a dhíríonn ar shábháilteacht agus ar chosaint i gcoitinne, ar shábháilteacht phearsanta, ar cheisteanna sábháilteachta agus ar conas cinntí a dhéanamh. Ceapadh ‘Bí Sábháilte’ i gcomhar le múinteoirí cleachtacha. Cuirtear ceachtphleananna ar fáil ann atá oiriúnach do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Tugtar gach topaic isteach le heolas oiriúnach don aois, eolas a chíortar ina dhiaidh sin trí phlé sa rang, trí ghníomhaíochtaí agus trí bhileoga oibre.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**


## 'Sirriam an Chreasa Sábhála agus Hi-Glo Silver'

Bealach spraíúil le leanaí rang a haon a dhíriú ar shábháilteacht ar bhóithre is ea 'Sirriam an Chreasa Sábhála'. Tagann leanaí chun bheith ina Sirriamaí an Chreasa Sábhála trí ghealltanas a thabhairt go gcaithfidh siad a gcrios sábhála féin i gcónaí agus go bhféachfaidh siad chuige go mbíonn crios sábhála ar gach duine eile sa charr. Tugtar suaitheantas sirriam dóibh mar aon le deimhniú a thaispeánann go bhfuil an t-údarás acu chun a rá le gach paisinéir agus tiománaí in aon fheithicil ina bhfuil siad a gcrios sábhála a chur orthu.

Capall Shirriam an Chreasa Sábhála is ea 'Hi-Glo Silver' agus teachtaireacht faoi bheith le feiceáil atá aige siúd. Misníonn sé leanaí chun a mheabhrú dá dtuismitheoirí gur cheart dóibh seaicéad agus crios ard-infheictheachta a chaitheamh agus iad amuigh ag siúl. Cuireadh Hi-Glo Silver chuig leanaí i rang a dó, a fuair teachtaireacht Shirriam an Chreasa Sábhála an bhliain roimhe. Chuir an tÚdarás 100,000 banda láimhe ar fáil do leanaí scoile, saor in aisce, sa bhliain 2012, mar chuid den mhír seo den chlár.

Scaipeadh pacaí Shirriam an Chreasa Sábhála agus Hi-Glo Silver ar gach scoil in Éirinn sa bhliain 2012 agus cuireadh idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí ar an eolas faoin suíomh Gréasáin www.seatbeltsheriff.ie.

Bíonn Comórtas Póstaeir Bliantúil ag an Údarás agus fuarthas breis is 320 iontráil sa bhliain 2012 ar chomórtas Shirriam an Chreasa Sábhála agus ar chomórtas Hi-Glo Silver.





Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

**Feachtas um Fhilleadh ar an Scoil**
Scaip an tÚdarás 'Pacaí Sábháilteacht ar Bhóithre um Fhilleadh ar an Scoil' ar bhunscoileanna sa bhliain 2012. Sna pacaí sin bhí:

- **Veist ard-infheictheachta a chomh-urraigh Electric Ireland agus a tugadh do gach leanbh a thosaigh i mbunscoil. Scaipeadh 100,000 de na veisteanna sin;**
- **Bileog 'Ag dul ar scoil' do leanaí a bhí ag tosú sa bhunscoil;**
- **Comórtas dathaithe a chomhordaigh Electric Ireland mar aon le bileog eolais do thuismitheoirí ar choirí gáis;**
- **Cóip den tríú heagrán den nuachtlitir scoile do mhúinteoirí;**
- **Dáileadh cóip de CD den Chód Sábhála agus póstaer de na liricí, mar aon le libhré an Chóid Sábhála, cairt de chéimeanna rince agus leabhair dathaithe ar rang a trí.**

Sa bhliain 2012, dháil an tÚdarás 800 'Paca Sábháilteachta um Fhilleadh ar an Scoil' ar iar-bhunscoileanna, ina raibh

- **Cóip den tríú heagrán den nuachtlitir scoile do mhúinteoirí;**
- **CD den chlár Siúil Leat (tar éis aiseolas a fháil ó mhúinteoirí i dtaobh na hacmhainne);**
- **Póstaer do sheomraí foirne scoile chun úsáid an chláir Let's Go a chur ar aghaidh.**






**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

### 'Streetwise'

Acmhainn idirghníomhach i dtaobh sábháilteacht ar bhóithre is ea 'Streetwise', agus é ceaptha do Chlár an Teastais Shóisearaigh (12-15 bliana d'aois) faoin ábhar curaclaim OSSP. Maireann an modúl 12 sheachtain. Seo a leanas na ceachtanna a chuirtear ar fáil mar chuid de:

**Ceacht 1 Coisithe**
**Ceacht 2 Rothaithe thionchar alcóil**
**Ceacht 3 Gluaisrothaithe**
**Ceacht 4 Criosanna Sábhála**
**Ceacht 5 Luas**
**Ceacht 6 Conas baol a bhrath**
**Ceacht 7 Tuirse tiomána**
**Ceacht 8 Tiomáint faoi**
**Ceacht 9 Innealtóireacht i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre**

Caithfidh gach dalta tionscadal gníomhaíochta a dhéanamh mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Tá moltaí curtha ar fáil againn do thionscadal gníomhaíochta i gcás gach ceann de na topaicí thuas. Fuair gach scoil in Éirinn cóip de 'Streetwise' sa bhliain 2008 agus fógraíodh é arís sna scoileanna ar fad sa bhliain 2012 tríd an 'Nuachtlitir Scoile' mar chuid de na pacaí 'Filleadh ar an Scoil' do na hiar-bhunscoileanna.

### Oiliúint i gCumas Rothaíochta

Cuireadh oiliúint rothaíochta ar 11,439 dalta in 422 scoil sa bhliain 2012. Ceapadh an tionscnamh seo chun oiliúint fhoirmiúil a chur ar pháistí chun gur féidir leo dul ar rothar go sábháilte, agus chun dearcadh dearfach freagrach i leith shábháilteacht an duine a chothú iontu. Íocann an tÚdarás €5 d'fhóirdheontas in aghaidh an dalta leis na húdaráis áitiúla mar ranníocaíocht i leith chostas na ndaltaí bunscoile a ghlacann páirt sa scéim.



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## 'Do Bhóthar chun na Sábháilteachta' — Clár Idirbhliana

D'oibrigh an tÚdarás i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun clár sábháilteachta ar bhóithre iomlán a cheapadh do na scoileanna mar chuid de Chlár na hIdirbhliana. Faoin gclár seo spreagtar foghlaim ghníomhach agus cothaítear feasacht, eolas, scileanna agus luachanna i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre chun go mbeidh na daltaí sábháilte ar bhóithre anois agus feasta. Tá clár 20 uair an chloig agus clár 45 uair an chloig ar fáil agus baineann siad leas as na cineálacha cur chuige gníomhacha atá mar chuid de Chlár na hIdirbhliana. Cuid den dá chlár is ea ionchur ó ghníomhaíochtaí eile ar nós na Seirbhíse Otharchairr, na Seirbhíse Dóiteáin agus an Gharda Síochána agus déantar soláthar le haghaidh aoi-chainteoirí, turais lasmuigh den scoil, tionscadail agus cás-staidéir. Cuirtear acmhainní digiteacha ar fáil, lena n-áirítear teacht ar shuíomhanna Gréasáin idirnáisiúnta ar cheisteanna a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre ar shuíomh Gréasáin an Údaráis **www.rsa.ie.**

Mar chuid den chlár tugtar túseolas ar shábháilteacht ar bhóithre do choisithe, do rothaithe, do ghluaisrothaithe agus do thiománaithe, agus pléitear ceisteanna ar nós criosanna sábhála agus málaí aeir, tuirse tiománaí, tiomáint faoi thionchar alcóil/drugaí, innealtóireacht agus forfheidhmiú ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre, garchabhair bhunúsach ag tionóiscí bóthair, seirbhísí éigeandála agus athshlánú, ceisteanna ceadúnais agus árachais, an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (TNG), carr a cheannach, agus tiomáint thar lear. Déantar Scrúdú Teoirice an Tiománaí ag deireadh gach modúil. Sa bhliain 2012 ghlac 19 múinteoir nua páirt in oiliúint inseirbhíse maidir leis an bpaca acmhainní. Bhí 362 múinteoir páirteach in oiliúint inseirbhíse go dtí seo.

## Wrecked.ie

Cheap an tÚdarás clár dar teideal 'Wrecked.ie' dírithe ar an aoisghrúpa is mó atá i mbaol, is é sin daoine idir 17 agus 24 bliain d'aois. Ar an gcoiste eagarthóireachta ilghníomhaireachta a cheap an clár bhí ionadaithe ón nGarda Síochána, ó FSS, ón tSeirbhís Dóiteáin, ó Oifigigh Shábháilteacht ar bhóithre na nÚdarás Áitiúil, ó Fhoróige, ó FÁS mar aon le síceolaí iompraíochta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Cuirtear an clár ar fáil ar líne agus in acmhainn as líne chomh maith. Is éard atá in 'Wrecked.ie' sraith vodchraoltaí a thaifead aisteoirí Éireannacha mar gheall ar thiomáint neamhchúramach a rinne siad féin - gan a n-aghaidheanna a thaispeáint. In éineacht leis na vodchraoltaí tá beochan ardteicneolaíochta a léiríonn na príomhphointí i ngiota gach aisteora. In éineacht le 'Wrecked.ie' cuirtear 'treoir do cheannairí' ar fáil ina bhfuil cleachtaí breise ar gach ceann de na topaicí, a thugann deis do na daltaí féachaint ar a n-iompar féin ó thaobh sábháilteacht ar bhóithre de.

Tá an clár ar fáil anois ar fud na tíre, i bhForóige, FÁS agus mar chuid de Chlár Athstiúrtha an Gharda. Oiliúint leanúnach atá i gceist. Cuireadh oiliúint ar 61 duine sa bhliain 2012 ar conas an clár Wrecked.ie a chur i láthair.



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

### Treoirchlár Athstiúrtha Cúirte do Chiontóirí agus Athchiontóirí

Seoladh treoirscéim i Meán Fómhair 2012 faoina bhféadfadh cúirt athchiontóir a tharchur chun páirt a ghlacadh i gcúrsa sábháilteachta ar bhóithre le cois an phionóis chuí a íoc nó a dhéanamh, is cuma an seirbhís pobail, pointí pionóis agus/nó fíneáil a bhí ann. Chomhoibrigh carthanas darb ainm 'Dawnbreakers' i gContae Dhún na nGall leis an tSeirbhís Phromhaidh i Leitir Ceanainn ag féachaint leis an scéim a reáchtáil ina threoirscéim ar dtús agus é a chur ar fáil dá éis mar scéim náisiúnta. Iarradh cead ar an Údarás a chlár 'Wrecked.ie' le haghaidh grúpaí ardriosca a úsáid mar bhonn leis an modúl sábháilteachta ar bhóithre sa chúrsa seo. Cuireadh oiliúint ar dheichniúr ball foirne i mBealtaine 2012 maidir leis an tslí leis an gclár Wrecked a chur ar fáil, agus cuireadh tús leis an treoirscéim i Meán Fómhair 2012.


### Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre

I measc na ngníomhaireachtaí a bhí ar an ngrúpa oibre a cheap an Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre bhí an tÚdarás, Muintir na Tíre, Na Fóraim Náisiúnta Pobail, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda, Oifigigh Shábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil agus an tSeirbhís Dóiteáin. Díríonn an Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre ar dhearcaí agus iompar daoine a athrú ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre. Cuirfidh an tÚdarás oiliúint ar cheannairí pobail chun go mbeidh ar a gcumas an oiliúint seo a chur ar ghrúpaí pobail. Tá an paca acmhainní seo bunaithe ar Rialacha an Bhóthair agus díríonn sé ar dhearcaí agus iompar tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe a athrú

**Ar cheithre phríomhthopaic a dhíríonn sé:**


- **Luas agus tiomáint go róthapa**
- **Criosanna sábhála, málaí aeir agus na criosanna cearta do pháistí**
- **Lagú cumais (de dheasca alcóil, drugaí dleathacha agus mídhleathacha, tuirse tiománaí agus fón póca a bheith in úsáid)**
- **Iompar neamhshábháilte i leith úsáideoirí soghonta na mbóithre (coisithe, gluaisrothaithe, rothaithe, leanaí óga agus seanóirí)**

Sa bhliain 2012 chuir an tÚdarás oiliúint ar 58 duine a oibríonn le grúpaí pobail ar bhonn deonach nó gairmiúil ar conas 'Cosaint dár bPobal - Glao chun Gnímh!' a chur ar fáil ina bpobal féin.




**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

**'Céimí Sábháilteachta' — Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre do lucht na gColáistí Tríú Leibhéal**
Cheap an tÚdarás treoirlínte sábháilteachta ar bhóithre dírithe ar lucht na gcoláistí tríú leibhéal chun go bhféadfaidís seachtain sábháilteachta a reáchtáil ina gcuirfí eolas ar fáil dá bpobal. Ghlac naoi gcoláiste dhéag ar fud na tíre páirt sa chlár 'Céimí Sábháilteachta' sa bhliain 2012.




**Is Mór is Fiú Bheith Gluaisteach**
Cheap and RSA an fhoireann uirlisí seo sa bhliain 2011 i gcomhar leis an nGarda Síochána, FSS, Cumann Optaiméadraithe na hÉireann, Cumann Fisiteiripe na hÉireann, Aoisghníomhaíocht Éireann agus Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir do dhaoine a oibríonn go díreach leis na seanóirí is sine. Féachann Is Mór is Fiú Bheith Gluaisteach leis an eolas agus na scileanna sábháilte ar bhóithre is gá chun bheith ina n-úsáideoirí bóthair gluaisteacha neamhspleácha a thabhairt do na seanóirí is sine. Díríonn an clár ar na topaicí seo a leanas: sábháilteacht coisithe, sábháilteacht rothaithe, sábháilteacht ar bhusanna, tiomáint shábháilte, lagú an chumais tiomána, carr a cheannach ag féachaint do ghnéithe sábháilteachta agus compord an tiománaí, cothabháil an chairr, ag pleanáil faoi choinne athrú agus conas bheith gluaisteach go ceann i bhfad. Seisiúin idirghníomhacha den chuid is mó is ea iad. Cuireadh DVD i dtoll a chéile mar thionlacan don chlár. Reáchtáladh treoirscéim sa bhliain 2011 agus cuirfear é ar fáil ar fud na tíre sa bhliain 2013.

**Imir go Sábháilte – Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre d'Eagraíochtaí Spóirt**
Cheap an tÚdarás treoirlínte sábháilteachta ar bhóithre d'eagraíochtaí spóirt i gcomhar le Cumann Rugbaí na hÉireann, CLG, Cumann Peile na hÉireann agus Rothaíocht Éireann. Sna treoirlínte seo tá eolas d'eagraíochtaí spóirt ar conas bheith aireach mar gheall ar shábháilteacht ar bhóithre agus imeachtaí spóirt á n-eagrú, nó nuair a bhítear ag taisteal chuig na himeachtaí sin agus ar ais uathu. Is féidir na treoirlínte a íoslódáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Scaipeadh 'Imir go Sábháilte' ar gach club de chuid CLG, Chumann Rugbaí na hÉireann, Chumann Peile na hÉireann agus ar gach club rothaíochta.




**Oifigigh Shábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil**
D'óstáil an tÚdarás seimineár amháin le hOifigigh Shábháilteachta na nÚdarás Áitiúil i bhFeabhra na bliana 2012. Féachadh sa seimineár le cur chuige nios iomlánaithe i leith na sábháilteachta ar bhóithre ar fud na tíre a éascú mar aon le tionscnaimh nua de chuid an Údaráis a chur ar a súile dóibh. Tugadh mionteagaisc ar na Pleananna Cumarsáide don bhliain 2012.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**



### ‘Oíche Eorpach gan Tionóisc’

D’óstáil an tÚdarás an 6ú ‘Oíche Eorpach gan Tionóisc’ Dé Sathairn an 20 Deireadh Fómhair 2012. D’fhéach an tionscnamh sin le hiompar freagrach a spreagadh i measc daoine fásta agus iad ag tiomáint. Saorálaithe óga a bhí i mbun an tionscnaimh agus mhisnigh siad grúpaí ógánach a bhí ag dul isteach i gclub oíche chun ‘tiománaí ainmnithe’ a cheapadh don oíche sin. Tugadh banda rosta don ‘tiománaí ainmnithe’ ionas go bhféadfaidís a thaispeáint nach raibh siad chun alcól a ól an oíche sin. Agus iad ag fágáil an chlub oíche, tugadh cuireadh don 'tiománaí ainmnithe' dul faoi thástáil anála féachaint ar comhlíonadh an gealltanas. Thaispeáin na torthaí gur roghnaigh líon ard de na daoine a bhí ina ‘tiománaithe ainmnithe’ gan alcól a ól agus iad ag tiomáint ar an oíche cheaptha. Bhí an scéim ar fáil i gcúig chlub oíche i dtrí bhaile agus chathair ar fud na tíre agus bhí 130 duine páirteach sa tionscnamh.

### Searmanas Duaiseanna ‘Ceannródaithe i Sábháilteacht ar Bhóithre’

Déardaoin an 12 Nollaig a bhí searmanas duaiseanna na gCeannródaithe in Farmleigh, Baile Átha Cliath. Bronnadh duais ‘Ceannródaí i Sábháilteacht ar bhóithre’ i dtrí chatagóir déag lena n-áirítear Oideachas (Réamhscoileanna, Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Tríú Leibhéal agus Pobal), Oifigeach Shábháilteacht ar Bhóithre, Earnáil Phoiblí, Meáin Áitiúla, Lucht Gnó, Teagascóir Faofa Tiomána, Ambasadóir Shábháilteacht ar Bhóithre, Oiliúnóir CPC, Eagraíocht Oiliúna CPC. Bronnadh Duaiseanna Aitheantais Speisialta ar an lá ar mhaor tráchta scoile a raibh 35 bliain de sheirbhís aici agus ar an duine a bhuaigh Gradam Thiománaí Trucaile AE na Bliana. Tugadh aitheantas do Ghrúpa Athbhreithnithe an CPC agus d'Fhóram na nGeallsealbhóirí ADI.





**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**



### 'Streetsmart'

Idirghníomhaíocht is ea 'Streetsmart' i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre a fhéachann le sábháilteacht ar bhóithre a dhéanamh spraíúil do pháistí óga. An fearas lárnach ná léarscáil de shráid-dhreach (9 méadar faoi 10 méadar) a thaispeánann gnáthshráid. Dearadh é do leanaí idir 4 bliana agus 8 mbliana. Tugtar 'cairr siúil' agus 'rothair sheasaimh' do na páistí agus taispeántar dóibh conas an bóthar a úsáid go sábháilte. Is féidir an tsráid-dhreach a chur ar taispeáint i halla na scoile. Bhí caidreamh idir an tÚdarás agus múinteoirí roimh ré chun gníomhaíochtaí oiriúnacha a cheapadh do na daltaí. Is féidir le páistí bheith páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla, ar nós na scéalaíochta, cluichí bunaithe ar shábháilteacht ar bhóithre agus i seisiún idirghníomhacha ceisteanna agus freagraí. An RSA agus na múinteoirí a dhéanann na gníomhaíochtaí a éascú. Bhí 81 scoil agus réamhscoil páirteach sa scéim sa bhliain 2012, i 45 áit dhifriúla. Ghlac 13,634 páiste páirt iontu.




### Ionsamhlóir Tar-Rollta an Údaráis

Spreagann an tÚdarás daoine chun criosanna sábhála a chaitheamh agus féachaint ar a éifeachtaí atá siad in ionsamhlóir tar-rollta. Ach carr atá feistithe d'ardán hiodrálach ar féidir leis tar-rolladh iomlán nó leath-thar-rolladh a dhéanamh, braitheann an duine conas a mhothódh tiománaí nó paisinéir i gcarr a dhéanann tar-rolladh. Taispeánann sé conas a bheadh sé bheith ar crochadh i gcarr agus crios sábhála ort. Tar éis an taispeána, geallaimid nach dtaistealóidh na daoine sin i gcarr arís gan a gcrios sábhála a bheith orthu. Thug an tÚdarás taispeáint inar úsáideadh mainicíní ar mhéid daoine a thaispeáin chomh maith an chuma a bheadh ar thiománaí agus ar phaisinéirí ag deireadh an tar-rollta mura mbeadh crios sábhála á chaitheamh acu lena linn. Rud eile a dhéantar ná rudaí a chur sa suíochán cúil agus an áit ina mbeidís ar deireadh i gcarr tar-rollta a thaispeáint.



### 'Tointeálaí Idirghníomhach Shábháilte ar Bhóithre'

Féachann 'An Tointeálaí' le sábháilteacht ar bhóithre a chur i gceartlár na bpobal ar fud na tíre agus deis a thabhairt dóibh bheith páirteach i bhfeachtais éagsúla sábháilteacht ar bhóithre agus teachtaireachta na sábháilteachta ar bhóithre a chraobhscaoileadh. Ar an tointeálaí tugtar cuireadh do chuairteoirí:

- **A scileanna tiomána a chleachtadh ar ionsamhlóir ( carr, gluaisrothar);**
- **Eispéireas oideachasúil idirghníomhach i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre a bheith acu;**
- **A scileanna chun guais a bhrath a thástáil;**
- **Dul ar rothar feadh an chósta trí dhufairí ársa agus trí áiteanna andúchasacha eile (amach sa spás, fiú) ar ionsamhlóir rothair;**
- **An t-am a thógann sé orthu na coscáin a bhrú a thástáil;**
- **Cleachtadh a dhéanamh ar scrúdú teoirice an tiománaí fad is atá siad ar bord.**

Bhí an tIonsamhlóir i láthair ag 76 ócáid sa bhliain 2012, idir imeachtaí iar-bhunscoile agus tríú leibhéal, imeachtaí pobail agus ag imeachtaí náisiúnta ar nós Taispeántas an Eolaí Óig, agus an Comórtas Náisiúnta Treabhadóireachta. Thug 90,000 duine nó mar sin cuairt ar an Ionsamhlóir sa bhliain 2012. Bhí an Tar-rolltóir in éineacht leis an tointeálaí ag mórchuid de na himeachtaí sin agus tugadh cuairt ar iar-bhunscoileanna, ar choláistí tríú leibhéal agus ar imeachtaí náisiúnta. Bhí Tarr-rolltóir an Údaráis i láthair ar 88 ócáid sa bhliain 2012.

## Imeachtaí/Ócáidí Tionscnaimh

### An Comórtas Treabhadóireachta
Thug an tÚdarás an Tointeálaí Idirghníomhach Shábháilteacht ar Bhóithre chuig Comórtas Treabhadóireachta na bliana 2012, agus mheall sé le 17,000 cuairteoir as an 189,000 a bhí i láthair. Mar chuid den iarracht chun sábháilteacht ar bhóithre a chur ar aghaidh ag an gComórtas, thairg an tÚdarás veisteanna ard-infheictheachta saor in aisce i gcomhar le FBD Insurance agus an Irish Farmer's Journal chun sábháilteacht a chur ar aghaidh ar na bóithre agus ar an bhfeirm.

### Bronntanais Ard-Infheictheachta
Scaip an tÚdarás ábhar ard-infheictheachta saor in aisce sa bhliain 2012, i gcomhar le roinnt eagraíochtaí eile. Ar an ábhar sin bhí:

- **50,000 veist i gcomhar leis an Irish Farmer's Journal agus FBD Insurance;**
- **100,000 veist trí RSA/Feachtas Electric Ireland um Fhilleadh ar an Scoil;**
- **8,000 veist le Advance Pitstop;**
- **25,000 veist rothaithe leis an Bike Buyers Guide.**

**Tionscnaimh eile:**

- **100,000 banda láimhe a scaipeadh mar chuid d'fheachtas Shirriam an Chreasa Sábhála/Hi Glo Silver;**
- **Tugadh breis is 20,000 banda láimhe don phobal ón Tointeálaí Idirghníomhach ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre agus tríd an Gharda Síochána;**
- **Scaipeadh ábhar ard-infheictheachta ón Tointeálaí Idirghníomhach Shábháilteacht ar Bhóithre ag 78 láthair ar fud na tíre. Ina measc siúd bhí veisteanna, bandaí láimhe, málaí, criosanna Sam Browne, clúdaigh málaí droma;**
- **Scaipeadh ábhair ard-infheictheachta trí 'Streetsmart';**
- **Scaipeadh ábhair ard-infheictheachta ar bhanóglaigh, gasóga, clubanna óige, creiseanna, ospidéil agus eagraíochtaí éagsúla ar iarratas;**
- **40,000 banda láimhe ag Mionmharatón Flora;**
- **40,000 banda láimhe ag Maratón Bhaile Átha Cliath**
- **11,000 veist linbh ar Lá Bíp Bíp;**
- **5,000 earraí ard-infheictheachta ar mhic léinn tríú leibhéal trí USI;**
- **3,000 banda láimhe ag Mionmharatón na mBan Luimnigh;**
- **3,000 bibeanna ard-infheictheachta ag Maratón Acla;**
- **3,000 veist ard-infheictheachta ag siúlóidí ceithre lá i gCaisleán an Bharraigh;**
- **2,000 veist ard-infheictheachta ar phobal Órán Mór ar 'Bosa Arda le haghaidh Lá Ard-Infheictheachta';**
- **10,000 veist ard-infheictheachta trí RITH.**

### An tSeachtain Rothaíochta 2012
Mar cheiliúradh ar an tSeachtain Náisiúnta Rothaíochta, idir Dé Sathairn an 16 go dtí Dé Domhnaigh an 24 Meitheamh 2012, d'athsheol an tÚdarás a fhíseán ar líne chun oiliúint a chur ar rothaithe agus ar thiománaithe trucaile ar conas an bóthar a roinnt go sábháilte. Cuireadh an físeán sé nóiméad go leith (Físeán Sábháilteachta do Thiománaithe Feithiclí Earraí Troma agus do Rothaithe) ar fáil mar acmhainn oideachasúil do thiománaithe feithiclí earraí agus do rothaithe le taispeáint dóibh conas an bóthar a roinnt go sábháilte, go háirithe i gceantair uirbeacha.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

D'oibrigh Shell E & P Ireland Ltd agus an tÚdarás i gcomhar le chéile ar Chlár Tiomána Sábháilte le ceithre cinn d'iar-bhunscoileanna i gceantair Iorrais Chontae Mhaigh Eo. Gheall múinteoirí mar chuid den chlár an acmhainn 'Do Bhóthar chun na Sábháilteachta' a chur ar fáil mar chuid de chlár na hIdirbhliana. Sceidealaigh an tÚdarás an tointeálaí agus an t-ionsamhlóir chun cuairt a thabhairt ar réigiún Iorrais chun deis a thabhairt do na daltaí foghlaim mar gheall ar shábháilteacht ar bhóithre ar shlí idirghníomhach. Chuir E & P Ireland Ltd cóip den leabhrán Ceisteanna agus Freagraí mar gheall ar Scrúdú Teoirice an Tiománaí agus cóip de Rialacha an Bhóthair ar fáil do gach dalta rannpháirteach. Ag críoch an chláir rinne Shell E & P Ireland socrú go dtabharfadh an chuideachta a thugann an scrúdú teoirice cuairt ar Iorras agus d'íoc siad as scrúdú gach duine de na daltaí a bhí rannpháirteach. Fuarthas aiseolas den scoth ó na scoileanna, ó thuismitheoirí agus ó na daltaí agus braithimid gur mhór ab fhiú é.

## Duaiseanna Shirriam an Chreasa Sábhála agus Hi-Glo Silver

Bronnadh duaiseanna Shirriam an Chreasa Sábhála agus Hi-Glo Silver Dé Máirt an 13 Márta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí 280 páiste scoile agus a múinteoirí i láthair ó dheich gcinn de bhunscoileanna ar fud na tíre. Ba é Noel Brett, POF an tÚdarás, Príomh-Cheannfort Aiden Reid, an Garda Síochána agus an tAire Stáit, Alan Kelly, a bhronn na duaiseanna. Tugadh na daltaí ar fad ar turas go Gairdín na nAinmhithe ina dhiaidh sin

## Clubanna Gan Ainm

Bhí cruinniú ag na Clubanna Gan Ainm leis an Údarás go luath sa bhliain 2012 chun pleananna do na míonna a bhí rompu a phlé. Ceapadh plean a mbeadh na tionscnaimh seo a leanas ar áireamh ann:

- Comórtas Óráidíochta
- Comórtas d'Ambasadóir Óg Shábháilteacht ar Bhóithre
- Comórtas chun póstaer ar théama shábháilteacht ar bhóithre a dhearadh

Sheol na Clubanna Gan Ainm húdaithe sábháilteachta ar bhóithre i Meán Fómhair 2012. Ceapadh an húdaí seo mar thoradh ar chomórtas sa bhliain 2011 inar iarr an tÚdarás ar bhaill na gClubanna Gan Ainm ball éadaigh a bheadh sábháilte a chaitheamh ar bhóithre a dhearadh. Rinneadh an dearadh a bhuaigh an duais mar ghnáth-húdaí dearg a d'fhéadfaí a chaitheamh i gcaitheamh an lae ach a bhféadfaí an taobh tuathail de a iompú amach istoíche mar bhall éadaigh ard-infheictheachta.








**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## Taispeántas an Eolaí Óig agus na Teicneolaíochta de chuid BT 2012

Thug an tÚdarás cuireadh do dhaltaí cuairt a thabhairt ar an Tointeálaí Spraíúil Idirghníomhach maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ag Taispeántas an Eolaí Óig agus na Teicneolaíochta de chuid BT 2012 san RDS idir 12 agus 14 Eanáir 2012. Bhí foireann RSA i láthair chun comhairle agus eolas a thabhairt ar cheisteanna éagsúla sábháilteachta ar bhóithre agus thairg sé na rudaí seo a leanas mar chuid dá fheachtas chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn le daltaí ar an ócáid:

- **Bhí fógraí teilifíse de chuid an Údaráis ag rith an t-am ar fad;**
- **Comórtas XBOX – Bhí seans ag daltaí XBOX a bhuachan gach aon lá ach páirt a ghlacadh i dtráth na gceist i dtaobh na ngníomhaíochtaí ar an seastán;**
- **Ábhar an Údaráis – scaipeadh pacaí droma ard-infheictheachta, bandaí láimhe frithchaiteacha agus málaí ar na daltaí.**

D'urraigh an tÚdarás tionscadal Gradam Speisialta do na daltaí sin a ndéanfadh an rud a cheap siad/a dtionscnamh taighde difear do shábháilteacht ar bhóithre agus a d'fhéadfadh líon na mbásanna ar bhóithre na hÉireann a laghdú. Ba é teideal an tionscadail a bhuaigh Gradam Speisialta an Údaráis: Staidéar staitistiúil ar dhearcaí mhuintir na hÉireann i leith éadaí ard-infheictheachta a chaitheamh.



Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

**Seó bóthair 'Seiceáil Oiriúnacht an Chreasa'**

Chun díriú ar fhadhb na leanaí nach mbíonn srianta i gceart agus iad ag taisteal, thug an tÚdarás a Sheó Bóthair 'Seiceáil Oiriúnacht an Chreasa' chuig deich gcinn de láithreacha i míonna Bealtaine agus na Nollag 2012. Ag an seó bóthair, tugadh an deis do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do sheantuismitheoirí suíochán cairr leanaí a bheith feistithe ag saineolaí, saor in aisce. Chuaigh an Seó Bóthair 'Seiceáil Oiriúnacht an Chreasa' chuig 10 láthair ar fud na tíre. Rinneadh geall le 800 suíochán linbh a sheiceáil sna 10 láthair.





**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## Taighde um Shábháilteacht ar Bhóithre

Déanann Rannóg Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre clár oibre atá sainithe sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007—2012. Clúdaíonn an rannóg na príomhréimsí seo a leanas:

- **Cothabháil ar an gcóras bunachar sonraí agus sonraí um imbhuailtí ar bhóithre;**
- **Grinn-anailís ar shonraí um imbhuailtí;**
- **Tuarascálacha staitisticí maidir le himbhuailtí ar bhóithre in Éirinn a tháirgeadh;**
- **Suirbhé ar luas agus ar chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann;**
- **Aitheantas córasach maidir le suíomhanna ard-imbhuailte ar an ngréasán bóithre náisiúnta;**
- **Taighde ildisciplíneach a dhéanamh chun tuiscint a fháil ar an gcúis le himbuailtí agus na gortuithe a bhíonn mar thoradh orthu;**
- **Bealaí chun imbhuailtí agus gortuithe a chosc a mholadh agus a mheasúnú;**
- **Rannpháirtíocht i dtionscadail taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse um shábháilteacht ar bhóithre;**
- **Rannpháirtíocht i gcláir thaighde an AE amhail SARTRE, CARE, IRTAD agus EURORAP;**
- **Faisnéis a sholáthar do chomhlachtaí poiblí, náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

Déanann an rannóg idirchaidreamh le Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Síochána, leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta, le Bord ríomheolaíochta an Rialtais Áitiúil agus le heagraíochtaí eile chomh maith maidir le gnéithe na ngníomhaíochtaí taighde um shábháilteacht ar bhóithre.

## Gníomhaíocht Taighde 2012

### Bunachar Sonraí um Imbhuailtí ar Bhóithre

Cuirtear sonraí maidir le himbhuailtí a fhaigheann baill den Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Rannóg Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) lena n-anailísiú agus lena bhfoilsiú. Déantar na sonraí maidir le himbhuailtí a léarscáiliú agus a anailísiú sa rannóg. Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre torthaí na hanailíse ina Leabhar Eolais Bliantúil ar Imbhuailtí ar Bhóithre. Cuimsítear faisnéis ghinearálta, faisnéis ar fheithiclí agus faisnéis eile ar chúiseanna eile a d'fhéadfadh bheith le himbhuailtí sna sonraí maidir le himbhuailtí. Úsáidtear na torthaí chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, spriocdhíriú ar thionscnaimh sábháilteachta agus mar bhonn eolais le haghaidh an athbhreithnithe leanúnaigh ar an mbeartas poiblí i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre. I 2012 rinneadh an Leabhar Eolais Bliantúil ar Imbhuailtí ar Bhóithre 2011 a fhoilsiú agus tuairiscíonn ann gur maraíodh 186 duine, gur gortaíodh 7,235 duine, agus gur bhain 21,863 imbhualadh le damáiste maoine nó ábhair amháin as na 27,093 imbhualadh tráchta mótarfheithicle a thuairiscigh na Gardaí.

### Suirbhé ar Shaorluasanna

Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an Suirbhé Bliantúil ar Shaorluasanna i 2012. Breathnaíodh iomlán de 12,557 car, 1,284 trucail altach, 2,500 feithicil dholúbtha agus 576 bus aon stóir. Tuairiscíodh sa suirbhé gurbh é 20% an céatadán tiománaithe cairr a bhí ag sárú na luasteorann ar bhóithre tuaithe. Ina theannta sin, ba é 20% an céatadán tiománaithe cairr a bhí ag sárú na luasteorann le 10km san uair nó níos mó ar bhóithre uirbeacha. Tuairiscíodh feabhas sa suirbhé i gcéatadán na bhfeithiclí a bhí ag cloí leis na luasteorainneacha ar mhótarbhealaí agus ar bhóithre réigiúnacha. Mar sin féin, tá comhlíontacht fhoriomlán tiománaithe maidir le luasteorainneacha ar bhóithre uirbeacha fós lag. Ar an meán, sháraigh 3 ghluaisteánaí as 5 an luasteorainn a bhí ar taispeáint i gceantair uirbeacha.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

I 2012, rinne Rannóg Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé náisiúnta breathnadóireachta um chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann. Rinneadh úsáid criosanna sábhála agus inscne a thaifeadadh ó gluaisteánaithe ag taisteal feadh sampla roghnaithe bóithre. Taifeadadh sonraí ó gach tiománaí cairr, gach tiománaí feithiclí earraí éadroma agus paisinéirí aosaigh i suíocháin tosaigh agus i suíocháin chúil. Rinneadh suirbhéanna ar leithligh le haghaidh páistí bunscoile agus meánscoile ag taisteal sna suíocháin tosaigh nó sna suíocháin chúil.

Rinneadh an suirbhé i measc 17,576 aosach a bhí ina suí i suíocháin tosaigh feithiclí, agus ba thiománaithe 14,088 (80%) dóibh siúd. Ina theannta sin, breathnaíodh 2,488 aosach a bhí ina suí sna suíocháin chúil.

I 2012, rinneadh 92% d'aosaigh (tiománaithe, paisinéirí i suíocháin tosaigh agus suíocháin chúil) a thaifeadadh ag caitheamh crios sábhála. Bhí crios sábhála á chaitheamh ag 93% de na tiománaithe a breathnaíodh, laghdú pointe céatadáin amháin i gcomparáid le rátaí maidir le caitheamh criosanna sábhála 2011.

I suirbhéanna ar chriosanna sábhála i mblianta roimhe sin léiríodh na rátaí caite seo a leanas maidir le tiománaithe:

2009 ⇢ 90%
2008 ⇢ 90%
2007 ⇢ 88%
2006 ⇢ 86 %
2005 ⇢ 86 %
2003 ⇢ 85%
2002 ⇢ 71%
1999 ⇢ 55%
1991 ⇢ 52%

Ag 93%, bhí na rátaí caite criosanna sábhála maidir le daltaí meánscoile mar an gcéanna le rátaí caite 2011. Thaispeáin daltaí bunscoile méadú imeallach le ráta caite 97% a taifeadadh le haghaidh criosanna sábhála i suíocháin chúil, méadú 3 phointe céatadáin i gcomparáid le 2011 (94%).




## Suirbhé 2012 maidir le húsáid fón póca agus duine ag tiomáint

I 2012, Rannóg Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé náisiúnta breathnadóireachta ar úsáid fón póca ar bhóithre na hÉireann. Tá achoimre déanta ar na torthaí thíos:

## Líon na dtiománaithe a breathnaíodh ag úsáid fón póca agus iad ag tiomáint

| Tiománaí Inscne | Ag Úsáid Fóin Phóca agus iad ag tiomáint | | Iomlán | % Ag Úsáid Fón Póca |
|---|---|---|---|---|
| | Ní raibh | Bhí | | |
| Baineannaigh | 6248 | 284 | 6532 | 4% |
| Fireannaigh | 7577 | 411 | 7988 | 5% |
| **Iomlán** | **13825** | **695** | **14520** | **5%** |

## Suirbhé Breathnadóireachta ar Éadaí Ard-infheictheachta (Gluaisrothaithe agus Rothaithe) 2012

Bhí an suirbhé seo á dhéanamh ar feadh 2.5 uair ar a laghad ag gach láithreán, agus rinneadh suirbhéanna idir na huaireanta 07:00 go 10:00 & 16:00 go 19:00 ar lá den tseachtain (Dé Luain go dtí Dé hAoine). Bailíodh an fhaisnéis ar fad ó fhoirm suirbhé um bailiú sonraí réamhshainithe, oiriúnach don leibhéal mionsonraithe a bhí ag teastáil.

**Bailíodh an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach gluaisrothar agus gach ghnáthrothar:**

- Inscne;
- Raon Aoise (Aosach nó Páiste);
- Cibé acu an raibh nó nach raibh clogad á chaitheamh acu;
- Cibé acu an raibh nó nach raibh éadaí ard-infheictheachta á gcaitheamh acu;
- Cibé acu an raibh nó nach raibh na héadaí ard-infheictheachta frithchaiteach;
- Cibé acu an raibh nó nach raibh na héadaí ard-infheictheachta clúdaithe ag cineálacha eile feistis (.i. mála droma).

## Caitheamh Éadaí Ard-infheictheachta de réir Inscne 2012

| Cineál | Inscne | Ag Caitheamh Éadaí Ard-infheictheachta | | Rátaí um Chaitheamh Éadaí Ard-infheictheachta |
|---|---|---|---|---|
| | | Bhí | Ní raibh | |
| Gluaisrothair | Fireannaigh | 1853 | 2203 | 46% |
| | Baineannaigh | 81 | 75 | 52% |
| | **Iomlán** | **1934** | **2278** | **46%** |
| Gnáthrothair | Fireannaigh | 7531 | 7367 | 51% |
| | Baineannaigh | 1903 | 2283 | 45% |
| | **Iomlán** | **9434** | **9650** | **49%** |

## Caitheamh Éadaí Ard-infheictheachta de réir Aoise 2012

| Cineál | Aois | Ag Caitheamh Éadaí Ard-infheictheachta | | Rátaí um Chaitheamh Éadaí Ard-infheictheachta |
|---|---|---|---|---|
| | | Bhí | Ní raibh | |
| Gluaisrothair | Aosach | 1934 | 2278 | 46% |
| | Páiste (>16) | N/A | N/A | N/A |
| | **Iomlán** | **1934** | **2278** | **46%** |
| Gnáthrothair | Aosaigh | 9289 | 9175 | 50% |
| | Páiste (>16) | 145 | 475 | 23% |
| | **Iomlán** | **9434** | **9650** | **49%** |

## 2012 Caitheamh Clogaid de réir Inscne

| Cineál | Inscne | Ag Caitheamh Clogaid Bhí | Ní raibh | Rátaí um Chaitheamh Clogaid |
|---|---|---|---|---|
| **Gluaisrothair** | Fireannaigh | 3985 | 71 | 98% |
| | Baineannaigh | 144 | 12 | 92% |
| | **Iomlán** | 4129 | 83 | 98% |
| **Gnáthrothair** | Fireannaigh | 8065 | 6833 | 54% |
| | Baineannaigh | 2136 | 2050 | 51% |
| | **Iomlán** | **10201** | **8883** | **53%** |


## Suirbhé ar Mheonta agus Iompraíocht Tiománaithe 2012

Rinne an RSA an Suirbhé ar Mheonta agus Iompraíocht Tiománaithe i 2012. Ba é a bhí mar chuspóir leis athscrúdú a dhéanamh ar an méid cleachtais tiomána bhaolacha a dhéanann an pobal tiomána (m.sh. géilliúint do luasteorainneacha agus criosanna sábhála a shábháil).

**Tá breac-chuntas tugtha ar na torthaí thíos:**

- Ar an iomlán, tháinig athruithe spreagúla ar mheonta gluaisteánaithe ó bhí 2009 ann;
- Go ginearálta tá meonta maidir le tiomáint róthapa níos freagraí nó níl siad chomh fulangach ina leith;
- Tá aontú leathan ann maidir leis an ngá le tuilleadh ceamaraí sábháilteachta;
- Tá an teagmhas um thiomáint faoi thionchar óil, cé go bhfuil sé i bhfad ró-ard, fós ag laghdú;
- Mar aon leis sin, tá feasacht agus tacaíocht leathan ann i gcomhair athruithe 2011 ar an teorainn BAC. Tá úsáid criosanna sábhála beagnach uilíoch, cé go bhfuil roinnt oibre le déanamh i dtaca le paisinéirí i suíocháin chúil.
- Mar sin féin, tá réimsí áirithe ann sa chás nach bhfuil gluaisteánaithe Éireannach ró-chomhlíontach. Go sonrach;
- Admhaíonn os cionn leath den daonra go tiomáineann siad róghasta ag point éigin;
- Tá úsáid fóin phóca fós ina fadhb, agus úsáideann formhór tiománaithe iad ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. D'fhéadfadh béim níos mó ar chur i bhfeidhm pointí pionóis tuilleadh díbhinní a tháirgeadh i gcomhthéacs an mheoin sin a athrú.

## Measúnú ar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007—2012




Glacadh le cur chuige straitéiseach maidir le sábháilteacht ar bhóithre ar dtús i 1998, agus foilsíodh an tríú straitéis dá leithéid i 2007 (An Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 – 2012). Leagadh amach spriocanna cuimsitheacha sa straitéis agus aithníodh 126 gníomh inti a bhí le déanamh laistigh dá saolré. Ba iad na príomhspriocanna:

- **Imbhuailtí, básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú 30%;**
- **Ráta na mbásanna ar bhóithre a laghdú go dtí 60 in aghaidh an mhilliúin duine faoi 2012, nó níos lú ná sin sna blianta ina dhiaidh sin, agus laghdú soléirithe i ngach bliain den straitéis;**
- **Gortuithe a laghdú 25%;**
- **Spriocanna sainiúla a leagan síos chun luas a laghdú;**
- **Spriocanna sainiúla a leagan síos chun úsáid striain a mhéadú.**

Idir 2007 agus 2012, tháinig laghdú 52% ar an ráta básanna agus ba é 35 in aghaidh an mhilliúin duine an ráta básanna i 2012. Tá an measúnú ar an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 – 2012 déanta. Is iad seo thíos na tuairimí san athbhreithniú:

- **Tháinig laghdú de níos mó ná leath ar líon na n-imbhuailtí marfacha feithicle le feithicil thar thréimhse na straitéise;**
- **Tháinig laghdú de thart ar thrian ar líon na n-imbhuailtí marfacha eile;**
- **Bhí an ráta imbhuailtí tromchúiseacha a tuairiscíodh i 2011 níos lú ná leath an ráta a bhí ann ag tús thréimhse na Straitéise;**
- **Is é iarmhairt na Straitéise gur cuireadh cosc ar 686 imbhualadh marfach agus 1,312 gortú dona agus 649 mion-imbhualadh;**
- **Cultúr sábháilteachta ar bhóithre neadaithe do daingean sa phobal a úsáideann na bóithre;**

Tuairiscíodh san athbhreithniú chomh maith gur cuireadh formhór na ngníomhartha dá rabhthas tiomanta mar chuid den Straitéis i bhfeidhm go hiomlán. Bhí bearta lenar teastaíodh comhordú trasghníomhaireachta níos deacra le cur i bhfeidhm.

### Leabharlann

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an rannóg taighde i gceanncheathrú an RSA i mBaile Bhéal an Átha. Is foinse shuntasach faisnéise í an leabharlann anois maidir le gach gné den tsábháilteacht ar bhóithre.

### Sparántachtaí

Thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre tá ocht staidéar PhD san iomlán a maoiniú ag an rannóg taighde. Coimisiúnaíodh dhá cheann i 2011, ceithre cinn i 2010 agus dhá cheann i 2009.

| | Topaic | Institiúid | Maoirseoir |
|---|---|---|---|
| Tosaithe i 2009 | Ag foghlaim faoi dhainséir thiomána: ó bhraith guaiseanna go láimhseáil guaiseanna. | An Rannóg um Shíceolaíocht Fheidhmeach, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh | An tOllamh John A Groeger |
| | Measúnú ar idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre: Ról na bhfachtóirí neasacha agus aimhneasacha in asamhlú difreálach eolais dírithe ar shábháilteacht, scileanna agus meonta in ógánaigh | Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | An Dr. Michael Gormley agus an Dr. Kevin Thomas |
| Tosaithe i 2010 | Feiliúnacht chun tiomána i ndiaidh neamhoird néareolaíoch: measúnú ar thiománaithe easbhóthair, ionsamhailte agus ar an mbóthar a chomhtháthú | An Rannóg um Shíceolaíocht Fheidhmeach, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh | An tOllamh John A Groeger |
| | Anailís agus athdhéanamh timpistí feithiclí dhá rothar a raibh gortú cinn mar thoradh orthu | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla<br>Coláiste Eolaíochtaí na hInnealtóireachta, Matamaitice agus Fisicí<br>Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath | An tOllamh Michael D. Gilchrist |
| | Próifíl shíceolaíoch tiománaithe óga fir a dhearbhú atá athléimneach ó thaobh na bhFeachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre agus na cineálacha teachtaireachtaí a modhnaíonn rúin chun rioscaí tiomána a ghlacann sa lucht tiomána sin | Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | An Dr. Kiran Sarma |
| | Togra maidir le forbairt Ionad Staitisticí Náisiúnta le haghaidh Gortú Trámach Inchinne agus Chorda an Dromlaigh | Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin | An Dr Áine Carroll |
| Tosaithe i 2011 | Ag úsáid feidhmchláir fóin phóca mar ‘theicneolaíocht san fheithicil’ chun monatóireacht a dhéanamh ar iompraíocht tiomána RIOSCA:MONATÓIREACHT) | Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | An Dr Kiran Sarma |
| | Ríogacht agus an cion a chuireann sé le tiomáint iomrallach | Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | An Dr. Michael Gormley agus an tOllamh Hugh Gavan |




### Idirchaidreamh Idirnáisiúnta

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do pháirt a ghlacadh i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt laistigh den údarás a bheidh ar an gcaighdeán is airde. Rinne an rannóg taighde ionadaíocht ar son an RSA ag cruinniú bliantúil Bhord Fhóram Institiúidí Taighde na hEorpa um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); cruinniú bliantúil an OECD – an Fóram Iompair Idirnáisiúnta; Bunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Thrácht agus Timpistí ar Bhóithre (IRTAD); comhdháil dhéthaobhach na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Alcól agus Drugaí i Sábháilteacht Iompair (ICADTS) agus cruinniú bliantúil PIN Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).

### Comhdháil agus Painéal PIN an ETSC (Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa)

Déantar ionadaíocht don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ar Phainéal PIN Innéacs Feidhmíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa. Ionstraim Bheartais is ea PIN chun cuidiú le Ballstáit an AE feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre. Trí chomparáid a dhéanamh idir feidhmíocht Ballstát, feidhmíonn sé chun an Cleachtas is Fearr san Eoraip a aithint agus a chur chun cinn agus an cineál ceannaireachta polaitiúla a theastaíonn a chur ar fáil chun a bhfuil tuillte ag saoránaigh a chruthú – córas iompair ar bóthar a thugann an uas-sábháilteacht ar bhóithre. Déantar comparáidí trastíre a fhoilsiú trí huaire i sraith Laomlipéid PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre. Thar an gcéad trí bliana, cuireadh 13 chomparáid trastíre ar dheich réimse éagsúla sábháilteachta ar bhóithre i láthair. I mí an Mheithimh gach bliain lainseáiltear Tuarascáil PIN ag Comhdháil Náisiúnta PIN. Rinne an Rannóg Taighde sonraí agus faisnéis a athbhreithniú agus a sholáthar le haghaidh foilseacháin PIN i 2012; maidir le himbhuailtí a bhain le feithiclí earraí agus busanna. **Féach: www.etsc.eu/documents/ETSC_PIN_Flash_24.pdf**

### BESTPOINT

Tá rannóg taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ina páirtí i dtionscadal BESTPOINT arna mhaoiniú ag Coimisiún an AE. Is comhpháirtithe eile iad institiúidí um shábháilteacht ar bhóithre amhail; SWOV (an Ísiltír), KfT (an Ostair), CDV (Poblacht na Seice), BAST(an Ghearmáin) agus an ETSC (an Bheilg). Is é is cuspóir le BESTPOINT critéir um an cleachtas is fearr maidir le córais pointí pionóis a bhailiú, a anailísiú, a achoimriú agus a scaipeadh mar aon le huirlis a fhorbairt i dtreo comhchuibhithe ar leibhéal Eorpach. D'fhonn an sprioc sin a bhaint amach déanfar anailís chuimsitheach litríochta a bheidh ina bhonn le haghaidh uirlisí measúnaithe. Le cuidiú na n-uirlisí sin agus bailiú sonraí ar fud an AE maidir le DPS gheofar liosta critéar um an cleachtas is fearr as a phléifear tuilleadh ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Is é an toradh deiridh a bheidh ann teoirlínte (lámhleabhar) ar an gcleachtas is fearr maidir le córas éifeachtach pointí pionóis a chur i bhfeidhm. Cuireadh an tionscadal i gcrích in 2012 agus foilsíodh an toradh i 2012.
**Féach: www.rsa.ie/Documents/Licensed%20Drivers/bestpointDocs/BPHandBook.pdf**


### SARTRE 4 (Meonta Sóisialta maidir le Riosca Tráchta ar Bhóithre san Eoraip)


Tá rannóg taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ina páirtí i dtionscadal SARTRE4 arna mhaoiniú ag Coimisiún an AE. Is comhpháirtithe eile iad institiúidí um shábháilteacht ar bhóithre amhail; SWOV (Ísiltír), KVT (an Astair), BAST (an Ghearmáin), AVT (an tSlóivéin), IFSTARR (an Fhrainc), ITS (an Pholainn) VTI (an tSualainn) agus an ETSC (an Bheilg). Déanfar ceisteanna a phlé sa tionscadal atá i bhfoirm suirbhé amhail eispéiris soghluaisteachta, aireachtáil riachtanais sábháilteachta cineálacha éagsúla úsáideoirí bóthair; tuairimí agus eispéiris faoi thiomáint róghasta, tiomáint lagaithe; meonta maidir le rothaithe gluaismhótar, coisithe agus úsáideoirí bóthair uile. Tá sé bunaithe ar chomhshuirbhé ionadaíoch a dhéanfar i ngach stát rannpháirtíoch, agus comh-anailís ar an mbunachar sonraí mór. Beidh an fhaisnéis úsáideach le haghaidh comparáid a dhéanamh idir seasamh coibhneasta ballstát ar na ceisteanna a scrúdaíodh. Cuideoidh sé fosta le glacadh saoránach le beartais an AE (agus náisiúnta) maidir le sábháilteacht ar bhóithre, teorainneacha nó rath na mbeart reatha maidir le sábháilteacht ar bhóithre, nó tacaíocht do bhearta agus do bheartais úra. Cuireadh an tionscadal i gcrích i 2012. Foilsíodh toradh an tsuirbhé i 2012.
**Féach: www.attitudes-roadsafety.eu/home/publications**

Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

## Teagascóirí Faofa Tiomána (ADI)

Ar an 31 Nollaig 2012 bhí 1948 teagascóir faofa tiomána ag obair sa tionscal.




### Bunoiliúint Tosaigh – Gluaisrothair

Cúrsa oiliúna éigeantach is ea Bunoiliúint Tosaigh. Ar an gcúrsa seo múintear bunscileanna tiomána do ghluaisrothaithe faoi oiliúint. Cuid is ea an cúrsa seo de scéim an RSA dar teideal Ceadúnú Tiománaithe de réir a chéile agus tá sé ceaptha le sábháilteacht ar na bóithre a fheabhsú. Cúrsa sé uair an chloig déag atá ann agus cuirtear ar fáil é i gceithre mhodúl ar leith, ceann i ndiaidh a chéile.

Rinne 2995 gluaisrothaí faoi oiliúint cúrsa oiliúna IBT sa bhliain 2012. Ag ionaid oiliúna IBT de chuid an RSA a chuirtear na cúrsaí sin ar fáil agus is teagascóirí ceadaithe IBT amháin de chuid an RSA a chuireann ar fáil iad.

Tá 61 ionad oiliúna IBT ann anois agus 239 teagascóir ceadaithe gluaisrothair. Tá 73 teagascóir ceadaithe IBT ann i láthair na huaire. Ní ceadmhach do ghluaisrothaí faoi oiliúint an scrúdú praiticiúil tiomána a dhéanamh gan cúrsa IBT a dhéanamh.

De bharr athruithe a tugadh isteach faoin 3ú treoir maidir le Ceadúnú Eorpach do Thiománaithe cuireadh catagóir nua gluaisrothair leis (A2).

Bhí ar chumas na hÉireann ‘Teacht Díreach’ a thabhairt isteach den chéad uair toisc an rath a bhí ar an gclár IBT.

Rogha nua eile is ea 'Teacht Forchéimnitheach' a chiallaíonn gur féidir le gluaisrothaithe faoi oiliúint dul ar aghaidh ó chatagóir ceadúnais amháin go catagóir ceadúnais eile gan scrúdú praiticiúil tiomána a dhéanamh i ngach cás.  Toradh eile ar an rath a bhí ar chlár IBT go dtí seo is ea é sin.

### MO IBT

Tá tairseach nua phoiblí á cheapadh i láthair na huaire chun gur féidir oiliúint IBT agus na roghanna a ghabhann leis a fheiceáil ar líne. Beidh foghlaimeoirí in ann logáil isteach agus a dtaifead pearsanta oiliúna a fheiceáil agus a phriontáil.

### Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (EDT)

Ó tugadh EDT isteach tugadh 304,000 ceacht EDT do 50,301 tiománaí faoi oiliúint. I láthair na huaire tá breis is 1650 ADI ag cur ceachtanna EDT ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud na tíre.

An tuarascáil dheiridh ar an athbhreithniú a rinneadh ar IBT agus ar EDT, chuir sé i bhfios go raibh IBT ag obair go maith agus go raibh glacadh maith aige, ach go raibh mearbhall éigin i measc na bpríomh-gheallsealbhóirí maidir le hoibriú an chláir EDT.  Ceapadh plean meán chun díriú ar na fadhbanna sin agus plean eile chun go bhféadfadh na príomh-gheallsealbhóirí dul i ngleic leis na húdair imní eile.

### Deimhniú Inniúlacht Ghairmúil an Tiománaí (CPC Tiománaí)

Tiománaithe gairmiúla bus agus trucaile (daoine arb í an tiomáint a slí bheatha), caithfidh siad cáilíocht CPC Tiománaí a choimeád trí lá amháin d’oiliúint thréimhsiúil a dhéanamh gach bliain. Tugadh CPC Tiománaí isteach le haghaidh tiománaithe gairmiúla bus sa bhliain 2008 agus le haghaidh tiománaithe gairmiúla trucaile sa bhliain 2009, faoi Threoir 2003/59/CE ón AE.

Tá siollabas oiliúna ceaptha ag an RSA de réir na Treorach AE agus scaipeadh é ar gach soláthraí ceadaithe oiliúna le húsáid nuair a bhíonn oiliúint CPC Tiománaí á éascú. Tá 125 soláthraí oiliúna le 500 traenálaí CPC nó mar sin ag cur na hoiliúna sin ar fáil ar fud na tíre. Déantar an oiliúint i seomra ranga agus sé cinn de mhodúil oiliúna atá ann, ceithre cinn atá cineálach agus modúl amháin do bhusanna agus do thrucailí, faoi seach. Caithfidh tiománaithe gairmiúla modúl difriúil a dhéanamh gach bliain, agus oiliúint chúig lá a dhéanamh i ngach tréimhse cúig bliana. Tiománaithe a bhfuil catagóir bus nó trucaile ar a gceadúnas, ní mór dóibh sé lá oiliúna a dhéanamh sa bhliain chun na ceadúnais sin a choinneáil.

Rinneadh breis is 214,000 lá oiliúna (suas go deireadh Nollaig 2012) ó tugadh isteach an CPC Tiománaí agus rinneadh 62,113 lá oiliúna sa bhliain 2012. An RSA atá freagrach as a chinntiú go mbíonn ábhar oiliúna cothrom le dáta agus ábhartha. Tá sé freagrach leis as cinntiú go gcomhlíonann gach modúl oiliúna riachtanais thiománaí gairmiúil an lae inniu.

## MO CPC

Tá tairseach 'MO CPC' lainseáilte ag an RSA le haghaidh tiománaithe atá ag déanamh Oiliúint Thréimhsiúil CPC an Tiománaí. Scaipeadh eolas mar gheall ar chlárú don tairseach seo agus conas dul isteach ann ar na Soláthraithe Oiliúna CPC ar fad. Tá súil go dtaispeánfaidh Traenálaithe do thiománaithe ag deireadh gach cúrsa oiliúna CPC conas an tairseach a úsáid.

A luaithe a chláraíonn tiománaithe gheobhaidh siad pasfhocal lena mbeidh siad ábalta dul isteach chuig a dtaifead oiliúna CPC féin. Beidh tiománaithe ábalta na nithe seo a leanas a sheiceáil:

- **Cé na modúil CPC atá déanta acu**
- **Cé na hIonad Oiliúna ina ndearnadh an oiliúint**
- **Líon na laethanta eile inar féidir scrúdú a dhéanamh i modúl na bliana reatha**
- **Dáta tosaigh agus deireadh an timthrialla oiliúna reatha**
- **Comhlíonadh na gcúrsaí oiliúna**

Beidh tiománaithe ábalta logáil isteach agus a dtaifead oiliúna féin a sheiceáil uair ar bith tar éis clárú leis an RSA. Beidh siad ábalta, leis, na modúil atá déanta acu a phriontáil dá dtaifid féin nó le cur ar fáil d'fhostóirí anois nó feasta.



**Deimhniú Tiománaí agus Inniúlacht Ghairmiúil (CPC Tiománaithe)**

Soláthraíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre an tástáil teoirice tiomána maidir le CPC Tiománaithe do thiománaithe busanna agus trucailí. Chun CPC a fháil ní mór do thiománaí (chomh maith leis an tástáil teoirice tiománaí chaighdeánach) tástáil teoirice CPC speisialta a dhéanamh ina gcuimsítear dhá thástáil ar leith a bhaineann le ceisteanna ilroghnacha agus cás-staidéar; ní mór don tiománaí tástáil phraiticiúil 30 nóiméad ar leithligh a dhéanamh chomh maith leis an tástáil tiomána chaighdeánach. Tá sé d'oibleagáid ar gach tiománaí gairmiúil lá amháin oiliúna bunaithe i seomra ranga a dhéanamh d'fhonn a dteidlíocht chun tiomáint dá bheatha a choinneáil. Tá siollabas oiliúna sé mhodúl bunaithe ag an RSA mar chuid den phróiseas oiliúna um CPC Tiománaí. Amhail 31 Nollaig 2012 i leith tá 123 eagraíocht oiliúna fhaofa ar fud na tíre a sholáthraíonn oiliúint CPC Tiománaithe i 416 ionad oiliúna. I 2012 d'eisigh an tAonad CPC 1,525 cárta CPC Tiománaithe chuig tiománaithe nuacháilithe.

**I 2012 rinneadh 4,832 tástáil teoirice CPC Tiománaithe mar atá leagtha amach thíos.**

## Tástálacha Teoirice CPC Tiománaithe a Rinneadh i 2012

| Tástálacha Teoirice | Iarratais a Fuarthas | Tástálacha a Rinneadh | Ar Éirigh Leo |
|---|---|---|---|
| Eanáir | 330 | 314 | 283 |
| Feabhra | 488 | 467 | 403 |
| Márta | 573 | 545 | 477 |
| Aibreán | 471 | 445 | 411 |
| Bealtaine | 519 | 506 | 456 |
| Meitheamh | 371 | 351 | 309 |
| Iúil | 404 | 390 | 360 |
| Lúnasa | 408 | 378 | 331 |
| Méan Fomhair | 424 | 400 | 351 |
| Deireadh Fómhair | 444 | 428 | 383 |
| Samhain | 326 | 311 | 270 |
| Mí na Nollaig | 310 | 297 | 265 |
| **Iomlán 2013** | **5,068** | **4,832** | **4,299** |

# 4

# Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

Cuimsíonn Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí an RSA tástáil feithiclí tráchtála agus rannáin forfheidhmiúcháin, atá bunaithe i mBaile Locha Riach agus an rannóg um Chaighdeáin Feithiclí, atá bunaithe i mBaile Bhéal an Átha. Cuimsítear na príomhréimsí agus na príomhfheidhmeanna seo a leanas sa Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí:

- Cineálcheadú agus rialú ar iontráil feithiclí úra i seirbhís agus rialú feithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre
- Reachtaíocht an AE agus iompar bóithre náisiúnta a fhorfheidhmiú maidir le rialacha tacagraif, tiománaithe, an Treoir ar Eagrú Am oibre agus ceadúnú tarlaithe bóthair agus oibríochtaí paisinéirí.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an scéim maidir le Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála chun cáilíocht agus sláine an chórais a chinntiú agus chun cuidiú leis an nGarda Síochána i seiceálacha ródacmhainneachta cois bóthair ar fheithiclí tráchtála
- Clár forleathan um Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála a chur i bhfeidhm ina spreagfar 'athrú céime' sna caighdeáin ródacmhainneachta maidir le feithiclí tráchtála a oibrítear ar bhóithre na hÉireann
- An tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora thar ceann an Stáit
- An scéim um eisiúint Cártaí Tacagraif Dhigitigh a riar thar ceann an Stáit
- An tseirbhís tástála feithiclí ADR a riar

Is é is cuspóir foriomlán leis an Stiúrthóireacht a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nósanna imeachta um thástáil na hÉireann ar aon dul leis an gcleachtas is fearr agus go gcomhlíonann oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála a n-oibleagáidí maidir le feithiclí tráchtála a úsáid agus a oibriú ar mhodh sábháilte. Tá sé d'aidhm leis fosta go gcuirfidh obair na Stiúrthóireachta leis an RSA a bheith ina údarás aitheanta ag a mbeidh tionchar maidir le sábháilteacht ar bhóithre.



**Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí**

## Caighdeáin Feithiclí

Tá an caighdeán i dtaca le feithiclí ag athrú agus ag feabhsú i gcónaí maidir le forbairtí sábháilteachta, comhshaoil agus teicneolaíocha. Tá oibleagáid dhlíthiúil láidir ann chomh maith maidir le caighdeáin feithiclí a rialú mar thoradh ar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann agus ar Achtanna Rialála an CE. Déanann an RSA ionadaíocht ar son na hÉireann ag fóraim CE agus idirnáisiúnta agus tá sé freagrach as cion a chur le Beartas an CE maidir le cineálcheadú agus iontráil feithiclí úra i seirbhís agus é a chur i bhfeidhm. Tá an RSA freagrach as reachtaíocht maidir le Trácht ar Bhóithre a mholadh chomh maith i gcomhair feithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre. Oibríonn an RSA go dlúth le líon comhlachtaí Stáit eile i dtaca le caighdeáin feithiclí, lena n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Ionadaíocht an AE agus Uachtaránacht na hÉireann

Le linn 2012 rinne an RSA ionadaíocht ar son na hÉireann ag cruinnithe AE sa chás go bhfuil beartas agus rialacháin maidir le caighdeáin feithiclí á bhforbairt. Áiríodh leis sin an Coiste Teicniúil maidir le Mótarfheithiclí agus grúpaí oibre ar chineálcheadú gluaisrothar/tarracóirí agus leibhéil fuaime feithiclí. Déanfaidh an RSA cathaoirleacht ar chruinnithe an ghrúpa oibre ar Chomhchuibhiú Teicniúil le linn Uachtaránacht na hÉireann i 2013. Baintear leas as na cruinnithe sin chun comhaontú idir na baill stáit uile a athbhreithniú agus a bhaint amach maidir le moltaí choimisiún an AE i dtaca le rialacháin um fheithiclí bóthair. Áiríodh ar ullmhúchán an RSA d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE obair ar táthcheangal rathúil an tsainchomhaid torainn maidir le moladh AE i dtaca leis an torann a dhéanann feithiclí bóthair a laghdú roinnt deicibeilí sna blianta le teacht. Beidh an sainchomhad sin ina thosaíocht le linn na hUachtaránachta. Réimse eile a bheidh an RSA ag díriú air ná eGlaonna, córas glaonna éigeandála feithicle ionsúite a ghníomhaíonn má tharlaíonn mórthimpiste bhóthair. Táthar ag súil le tograí ar eGlaonna a fhoilsiú i mí Aibreáin 2013 agus pléifear iad go gairid ina dhiaidh sin sa ghrúpa oibre ar Chomhchuibhiú Teicniúil.

## Cineálcheadú Feithiclí Iomlána na gComhphobal Eorpach (ECWVTA)

Tá Cineálcheadú Feithiclí Iomlána na gComhphobal Eorpach (ECWVTA) agus a Scéimeanna Náisiúnta bainteacha i bhfeidhm ó bhí Aibreán 2009 ann. Bhain ECWVTA le carranna amháin ar dtús, ach le blianta beaga anuas trí chur i bhfeidhm de réir a chéile, rinneadh é a fhairsingiú chun busanna, trucailí agus leantóirí a chur san áireamh. Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an t-údarás um chineálcheadú in Éirinn ag a bhfuil cumhachtaí chun cineálcheaduithe a dhámhachtain.

**I 2012, tháinig dhá chatagóir úra laistigh de théarmaí tagartha an ECWVTA agus a scéimeanna bainteacha:**

**1. Carranna paisinéirí sainchuspóireacha (Catagóir M1 an AE)**
Ó 29 Aibreán 2012 i leith, tá sé ceangailte cruthúnas ceadaithe a bheith le gach carr paisinéirí sainchuspóireach úr (Catagóir M1 an AE) sula gcláróidh na Coimisinéirí Ioncaim iad lena n-úsáid ar bhóithre na hÉireann. Áirítear le feithiclí sainchuspóireacha M1; carranna oiriúnach do chathaoir rothaí, mótarcharbháin, marbhchoistí, otharcharranna agus carranna inar ndearnadh oiriúnuithe le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Tá córas i bhfeidhm trínar féidir le cuideachtaí oiriúnaithe iarratas a dhéanamh leis an NSAI chun ceadúnú a fháil chun oiriúnuithe feithichlí a dhéanamh ar fheithiclí daoine faoi mhíchumas. Ní mór do chuideachtaí oiriúnaithe carranna pearsanra cáilithe, trealamh agus saoráidí a bheith acu chun na hathruithe a dhéanamh go dtí na caighdeáin fhorordaithe d'fhonn ceadúnú a fháil.

**2. Leantóirí (Catagóir O an AE) agus HGVanna (Catagóirí N2 agus N3 an AE)**
Ó bhí 29 Deireadh Fómhair 2012 i leith, tá sé ceangailte cruthúnas cineálcheadaithe a bheith le gach leantóir (déanta i gcéim amháin) (catagóir O) agus HGV iomlán (catagóir N2 agus N3) sula gcláraítear iad nó sula n-iontráiltear iad i seirbhís. D'fhonn a chinntiú go raibh leantóirí troma úra a bhí ag iontráil i seirbhís ag cloí leis an oibleagáid úr, d'ullmhaigh an RSA leasuithe ar cheadúnú rialacháin leantóirí a shínigh an tAire isteach sa dlí ina dhiaidh sin. Faoin gcóras úr tá sonraí maidir le deimhniú ceadúcháin á ngabháil ag Oifigí Mótarchánach. Cuireadh córas i bhfeidhm chomh maith chun a dheimhniú gur féidir leantóirí nach bhfuil gá cineálcheadú a bheith leo a iontráil i seirbhís ar an gcoinníoll go bhfuil an deimhniú cuí leo ón NSAI agus óna nIonaid Tástála Cheadaithe (ITCanna).

**Fairsingiú ar Chineálcheadú go Feithiclí athláimhe (úr san AE)**
I dtús 2012, rinne athbhreithniú ar scéimeanna um chineálcheadú a fhairsingiú chun feithiclí suas go dtí deich mbliana d'aois agus atá úr san AE a chur san áireamh (mar shampla; allmhairí as an tSeapáin nó as Meiriceá). Léiríodh an cor chun donais suntasach san athbhreithniú i líon na bhfeithiclí athláimhe a iompórtáladh isteach go hÉirinn ó lasmuigh den AE le titim ó 8000 i 2007 go 500 i 2011. Ag cur san áireamh an líon beag feithiclí atá á n-iompórtáil isteach go hÉirinn anois agus easnamh scéime um modhnú iarchlárúcháin anseo, tugadh chun críche é nach ndéanfaí beart ar bith faoi láthair chun cineálcheadú le haghaidh allmhairí athláimhe ó lasmuigh den AE a thabhairt isteach. Tá athscrúdú le déanamh ar an staid sin i 2014.

## Aitheantas Frithpháirteach maidir le Scéimeanna Ceadúcháin

I 2012, lean an RSA ag iarraidh aitheantas frithpháirteach a bhaint amach maidir le scéimeanna náisiúnta um chineálcheadú leis an Ríocht Aontaithe. Thiomsaigh an RSA dréacht-Mheabhrán Tuisceana (MT) agus cuireadh faoi bhráid na Ríochta Aontaithe é. Rinne údaráis cheadúcháin agus seirbhísí dlíthiúla sa dá dhlínse an MT a dhaingniú agus tiocfaidh sé i bhfeidhm i mí an Mhárta 2013. Leis an aitheantas frithpháirteach sin laghdaítear an t-ualach riaracháin agus an t-am a ghlacann sé chun feithiclí a ceadaíodh in Éirinn a bheith glactha sa Ríocht Aontaithe agus vice versa.

## Comhairliúcháin Phoiblí

**Le linn 2012, d'ullmhaigh an RSA na comhairliúcháin phoiblí seo a leanas:**

**1. Modhnuithe Feithiclí Iarchlárúcháin**
I 2012 rinne an RSA measúnuithe mionsonraithe ar chúrsaí a bhaineann le caighdeán na bhfeithiclí i bhflít na hÉireann. Áiríodh air sin feithiclí díscríofa agus moltaí lena chinntiú go ndéanfaí deisiú na bhfeithiclí sin mar is cuí. Réimse eile a ndíríodh air ná rialú criosanna sábhála ar bhusanna agus cuireadh nósanna imeachta chun comhlíontacht a chinntiú. Ina dhiaidh sin, dhírigh an RSA a aird ar na modhnuithe feithiclí iarchlárúcháin agus a n-iarmhairt ar shábháilteacht ar bhóithre.

Níl córas ar bith i bhfeidhm in Éirinn faoi láthair lena chinntiú go bhfuil modhnuithe feithiclí de chaighdeán cuí, neamhchosúil le roinnt Baill Stáit eile de chuid an AE ar a ndearnadh suirbhéireacht. Dá bhrí sin tá sé molta bearta coisctheacha a thabhairt isteach chun rialú níos fearr a dhéanamh ar mhodhnuithe feithiclí sa tír seo. Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe sin tionólfar comhairliúchán poiblí i dtús 2013.

**2. Comhpháirteanna Mótarfheithicle**
I 2012 thionóil an RSA comhairliúchán poiblí ar chomhpháirteanna mótarfheithicle roghnaithe, is iad sin le rá; líneálacha coscáin, ciúnadóirí sceithphíopaí agus cúpláin (fearais tarraingthe). Moladh i ndoiciméad an chomhairliúcháin reachtaíocht níos déine a thabhairt isteach chun díol, soláthar agus feistiú na dtrí comhpháirte sin a rialú. San aiseolas ón gcomhairliúchán, moladh comhpháirteanna tosaíochta breise a chur san áireamh. Tá an RSA ag ullmhú moltaí don Aire le haghaidh 2013 maidir le bearta breise ba cheart a thabhairt isteach chun díol agus soláthar na gcomhpháirteanna mótarfheithicle go léir a rialú.

## Ceadúnú Feithiclí Móra Seirbhíse Poiblí

Ó 29 Deireadh Fómhair 2011 i leith, tá sé ceangailte cruthúnas a bheith le gach bus agus mionbhus úr go gcloíonn siad le riachtanais Cineálcheadaithe sula gcláróidh na Coimisinéirí Ioncaim iad lena n-úsáid ar bhóithre na hÉireann. Bhí deacrachtaí ag roinnt úinéirí busanna úra, áfach, agus iad ag iarraidh Ceadúnais a fháil d'Fheithicil Seirbhíse Poiblí toisc go bhfuil na riachtanais theicniúla maidir le Cineálcheadú difriúil ón gCeadúnú um Fheithiclí Seirbhíse Poiblí.

I 2012, i gcomhair leis an nGarda Síochána, d'fhorbair an RSA cead speisialta mar bheart eatramhach trínar féidir feithiclí Cineálcheadaithe a cheadúnú mar PSVanna Móra. Rinneadh réiteach fadtéarmach a fhorbairt chomh maith agus tá sé réamh-mheasta go dtabharfar reachtaíocht úr ina n-ailíntear Cineálchéadú le riachtanais PSC isteach i 2013.

## Ceadanna Speisialta

Is bunriachtanas sábháilteachta ar bhóithre é go bhfuil gach feithicil agus leantóir ar ár mbóithre, agus gach comhpháirt de na feithiclí sin ag cloí le híoschaighdeán um dhéanamh. Ní mór na feithiclí go léir a bheith ag cloí le trí phríomh-ionstraim reachtacha, .i. na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh, Trealamh agus Úsáid Feithiclí) arna leasú, na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh agus Úsáid Feithiclí) arna leasú agus na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Soilsiú Feithiclí). I roinnt cásanna d'fhéadfadh sé nach bhfuil na feithiclí ag cloí le gné de na rialacháin sin agus i roinnt cásanna d'fhéadfadh an RSA breathnú ar iarratas ar chead chun cead a thabhairt leis an bhfeithiclí a oibriú ar bhóthar poiblí. Déantar iarratais ar na ceadanna sin a athbhreithniú de réir cáis agus déantar measúnú ar impleachtaí teicniúla/sábháilteachta na feithicle neamh-chomhlíontaí sula ndeontar cead. I 2012, fuair an RSA iarratais ar 17 gcead agus eisíodh 16 cinn díobh le ceadanna.

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí



## Athbhreithniú ar na Teorainneacha Meáchain maidir le Mótarfheithiclí agus Leantóirí in Éirinn

I ndiaidh ceada ón Aire i ndeireadh 2011, cuireadh dréacht-rialacháin isteach chun an teorainn mheáchain náisiúnta le haghaidh cónaisc feithiclí altacha sé acastóir (3+3) a mhéadú ó 44 go 46 tona. Tá sé réamh-mheasta go dtiocfaidh na rialacháin i bhfeidhm an 1 Aibreán 2013.

Is mar thoradh ar na moltaí in athbhreithniú 2008 an RSA maidir leis na teorainneacha ceadaithe le haghaidh mótarfheithiclí agus leantóirí atá an méadú sin ar mheáchan. Cuireadh fachtóirí teicniúla, dlíthiúla, sábháilteachta agus tráchtála san áireamh agus Ollmheáchan Feithicle (GVW) feithiclí earraí in Éirinn á athrú. Rinneadh scrúdú ar threochtaí lasta na hÉireann mar aon leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta um ghluaiseacht earraí.

Rinneadh próiseas comhairliúcháin mionsonraithe le hionadaithe ón tionscal tarlaithe, grúpaí sainleasa agus mór-gheallsealbhóirí. Bunaithe ar an anailís, ceapadh líon moltaí maidir le meáchain a mhéadú, ceann díobh ná an teorainn meáchain náisiúnta a mhéadú le haghaidh cónaisc feithiclí altacha sé acastóir ó 44 go 46 tona. Trí chead a thabhairt d’fheithiclí aonair níos mó pá-lasta a iompar, d’fhéadfadh sé nach mbeadh gá leis an oiread turas san iomlán chun an méid céanna earraí a iompar, agus tairbhí sábháilteachta, comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaint amach ag an am céanna. Is é an cás fosta nach ndéanann cónaisc feithiclí altacha sé acastóir an oiread damáiste pábhála agus a dhéanann na cinn le cúig acastóir.

Ó pheirspictíocht feithicle aonair de, áfach, ag luas áirithe ar bith, tá níos mó móimintim agus fuinnimh chinéitigh go comhréireach ag feithicil 46 tona ná atá ag ceann a oibríonn ag 44 tona, agus dá bhrí sin tá claonadh níos mó aige chun cúisíochta taismí agus damáiste i gcás timpiste. Bhreathnaigh an RSE ar an riosca sábháilteachta sin a mhaolú trí éileamh a dhéanamh diaidh ar ndiaidh gur cheart feithiclí dá leithéidí a fheistiú le gnéithe ardsábháilteachta éagsúla, lena n-áirítear coscánú leictreonach (EBS), rialú cobhsaíochta (ESC), rabhadh fágála lána (LDW) agus ardchórais choscánaithe éigeandála (AEBS). Cuirfear an coincheap um ‘leath-leantóir cuí’ san áireamh sna Rialacháin maidir le Déanamh & Úsáid. Forálfar sna rialacháin úra chomh maith go ndéanfar Leath-leantóirí a oibrítear mar chuid de chónasc feithiclí le hollmheáchan cónaisc sa bhreis ar 40 tona a fheistiú le córais choscánaithe frithghlasála agus crochadh compordach.

## Athbhreithniú ar Úsáid Feithiclí Talmhaíochta agus Oibrithe ar Bhóithre na hÉireann

Tá oibleagáid ghinearálta ann, agus feithicil á húsáid in áit phoiblí, go gcaithfidh sé cloí le caighdeáin feithicle, ceadúnú tiomána, mótarárachas agus rialacháin mhótarchánach. Thar na blianta, tugadh díolúintí áirithe ó na rialacháin sin isteach chun riachtanais oibriúcháin na bhfeirmeoirí a oibríonn ar an talamh agus a ngá feithiclí talmhaíochta a úsáid ar an mbóthar poiblí a éascú. Cuireadh na díolúintí i bhfeidhm ar fheithiclí talmhaíochta agus feithiclí talún a ceapadh agus a úsáidtear d'obair ar an talamh agus a úsáideadh ar bhóthar poiblí teagmhasach d'obair dá leithéid ar an talamh.
Mar sin féin, de réir mar a éiríonn feithiclí talmhaíochta níos mó agus níos gaiste agus gur éirigh ár mbóithre i bhfad níos gnóthaí, tá gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin trína rialaítear úsáid na bhfeithiclí sin ar bhóithre poiblí agus a chinntiú go bhfuil an creat rialála oiriúnach i dtimpeallacht bhóthair an lae inniu atá níos dúshlánaí. Ní mór breathnú ar an dul chun cinn i gceapadh feithiclí chomh maith agus é a bheith ag teacht leis na rialacha úra atá á gcur i bhfeidhm ar fheithiclí dá leithéidí.

I 2012 chuir an RSA tús le feabhsuithe sábháilteachta feithiclí a bhí beartaithe sna réimsí maidir le hollmheacháin agus plátail feithiclí, soilsiú agus sofheictheacht, córais choscánaithe agus chúplála. Rinne an RSA athbhreithniú ar na roghanna i dtaca le luasteorainneacha feithiclí talmhaíochta agus a n-úsáid ar bhóithre. Ag deireadh 2012 bhí an tuarascáil faoi bhráid an Aire Iompair.

## Scátháin Chioclóip

I ndiaidh athbhreithnithe agus comhairliúcháin phoiblí, tháinig rialacháin úra i bhfeidhm ina gceanglaítear ó 1 Deireadh Fómhair 2012 i leith, go mbeidh gach Feithiclí Earraí Troma os cionn 7500kg (ollmheáchan ceaptha feithicle) feistithe le scáthán tosaigh Aicme VI (Cioclóip) a chuireann ar chumas tiománaí an láthair caochspota go díreach os comhair na feithicle a fheiceáil. Is é is aidhm leis an mbeart sin básanna a laghdú sa chás go mb'fhéidir nach bhfeicfeadh an tiománaí coisí nó rothaí os comhair na feithicle agus an fheithicil ag bogadh ó sheasamh.

## Ceadúnú ADR

Déanann an RSA an próiseas um cheadúnú ADR a riar. Ní mór ceadúnú ADR a bheith le gach feithicil a úsáidtear chun earraí dainséaracha amhail breosla, ceimiceáin agus pleascáin a iompar. Tá sé ceangailte tástáil faoi leith a dhéanamh ar gach feithicil ADR ag Ionad Tástála Feithiclí Tráchtála faofa ADR d'fhonn ceadúnas a fháil. I 2012, deonaíodh 2661 ceadúnas ADR a léiríonn laghdú 6% ar na ceadúnais a deonaíodh i gcomparáid le 2011 a léiríonn laghdú ar na feithiclí a úsáidtear i dtarlú a bhaineann le ADR.

## An tSeirbhís Tástála Náisiúnta Carranna (STNC)

Tá tástáil thréimhsiúil ródacmhainneachta ar charranna paisinéirí éigeantach i mBaill Stáit uile an Chomhphobail Eorpaigh, de réir Threoracha 2009/40/CE agus 2010/48/AE. Tá Seirbhís Tástála Carranna Applus Ltd (ACTS), ball de chuid an Ghrúpa Applus+, freagrach as oibriú na Seirbhíse Tástála Náisiúnta Carranna (STNC) in Éirinn. Oibríonn sé faoi Chomhaontú Tionscadail leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) trínar deonaíodh an ceart eisiach air an tseirbhís a chur ar fáil ar feadh 10 mbliana go dtí 2019. Soláthraítear an STNC ag 47 ionad tástála ar fud na tíre agus tá thart ar 650 ball foirne fostaithe ann.

Is beart coisctheach tábhachtach um shábháilteacht ar bhóithre é tástáil ródacmhainneacht. Cinntíonn sé go bhfuil na feithiclí, atá á n-úsáid ar ár mbóithre, go háirithe feithiclí níos sine, ag oibriú go sábháilte. Tá an Tástáil Náisiúnta Carranna (TNC) in Éirinn i bhfeidhm ar feadh 13 bliana anois agus tá sé éigeantach i gcomhair carranna atá os cionn 4 bliana d'aois. Díríonn sé go príomha ar fheabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus feabhas a chur ar chosaint an chomhshaoil trí measúnú neamhspleách a chur ar fáil ar acmhainneacht agus leibhéal astaíochtaí carranna ag eatraimh rialta le linn a saolré. Tá an TNC níos tábhachtach anois ná mar a bhí sé riamh agus meánaois an fhlít carranna méadaithe anois go dtí 8.3 bliana. Taispeántar in anailís go bhfuil an pasráta i gcomhair feithiclí atá os cionn 10 mbliana d'aois agus suas go 15 bliana d'aois níos airde i 2012 ná mar a bhí sé i 2011. Comhtharlaíonn sé sin le cur i bhfeidhm na tástála bliantúla i gcomhair carranna atá os cionn 10 mbliana d'aois in Iúil 2011 agus léirítear go mór, toisc go bhfuil na feithiclí sin á dtástáil i ndiaidh bliana go díreach in áit dhá bhliain, go bhfuil feabhas tagtha ar an meán ar ródacmhainneacht na bhfeithiclí sin, arna dtomhas trí phasrátaí, ó cuireadh an tástáil bhliantúil i bhfeidhm. Tháinig méadú 7% ar an meán-phasráta i gcomhair carranna atá 11 bhliain agus níos sine, sa tréimhse ó mhí Iúil go dtí mí na Nollag 2012, go dtí pasráta 35%, i gcomparáid leis an tréimhse cheánna i 2011.

Déanann an RSA, le cuidiú ó Chonraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (SSC), Pricewaterhouse Coopers, agus ó Chonraitheoir Eilimintí Teicniúla (TEC), AA Ireland Ltd, maoirseacht ar chloí an chonraitheora STNC leis na príomh-mhéadrachtaí feidhmíochta agus comhaontuithe leibhéal seirbhíse.



**Tá na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus Caighdeáin leagtha amach sa tábla seo a leanas:**

| Réimse feidhmíochta | Príomhchaighdeán feidhmíochta | Feidhmíocht iarbhír |
|---|---|---|
| **Fógra a thabhairt d'Úinéirí maidir lena riachtanas a bhfeithicil a thabhairt chun tástála** | 80% d'úinéirí le fógra a fháil maidir lena gCarr a thabhairt chun tástála 4-6 seachtaine roimh dháta dlite na tástála | Bainte amach |
| **Tréimhsí Feithimh** | Meántréimhse feithimh maidir le háirithintí tástála níos lú ná 14 lá | 9.82 lá |
| **Tréimsí feithimh ag Ionaid aonair Tástála Náisiúnta Carranna** | Meántréimhse feithimh maidir le háirithintí tástála níos lú ná 21 lá | Bainte amach |
| **Cruinneas na tástála** | 99% de na tástálacha le deimhniú ar thástáil seiceála | 99.1% |
| **Sástacht Custaiméirí** | Ní mór don leibhéal um shástacht custaiméirí leis an tSeirbhís Tástála Náisiúnta Carranna arna shainiú ag an Innéacsfheidhmiú Custaiméirí Comhshuite a bheith ionann le 80% | 84.3% |
| **Iniúchadh oibriúcháin Fo-rannáin**<br>**— Daoine, Próisis agus Teicneolaíocht**<br>**— Seirbhís agus Saoráidí do Chustaiméirí**<br>**— Tástálacha breathnaithe agus neamhspleácha** | Ní mór don mheán-innéacs comhshuite feidhmíochta i ngach fo-rannán mar thoradh ar iniúchtaí oibriúcháin Ionaid Réadmhaoine Conraitheoirí a bheith ionann le 90% nó níos mó | 95.8% |
| **Fógra maidir le torthaí** | Aistriú thorthaí na dtástálacha go dtí NVDF laethúil (nó eisiúint deimhnithe agus dioscaí tástála laistigh de dhá nóiméad den tástáil a dhéanamh) 98% uair. | Bainte amach |

## Sástacht le Seirbhís Custaiméirí an STNC

Is é ceann de phríomhghnéithe an STNC ar a bhfuil monatóireacht rialta ag teastáil leibhéal na sástachta custaiméirí. Is é is cuspóir foriomlán an staidéar leibhéil na sástachta custaiméirí leis na príomhghnéithe seirbhíse a sholáthraíonn Seirbhís Tástála Carranna Applus a thomhas. Déantar na suirbhéanna um shástacht gach ráithe lena chinntiú go bhfuil an STNC ag comhlíonadh an chaighdeáin riachtanaigh. Ba é 84.28 an tsástacht leis an tseirbhís fhoriomlán a fuair an STNC i 2012, méadú 0.6 ar 2011.

## Iniúchadh Oibriúcháin

D'aithin an RSA, ina ról maidir le maoirseacht a dhéanamh ar an STNC, an gá le caighdeáin tástála feithiclí a bheith ard i gcónaí, is cuma cén ionad tástála ina dtástáiltear feithicil ar bith, an cigire a thástálann í, nó na cúinsí ina dtástáiltear í. Le blianta beaga anuas, tá cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí agus nósanna imeachta úra á spreagadh ag an RSA chun cuidiú le monatóireacht tástálacha .i. CCTV ar gach lána tástála, ceamaraí seasta nasctha leis an trealamh tástála, seiceálacha aitheantais a thabhairt isteach do dhaoine a thugann a fheithiclí chun tástáil a dhéanamh orthu, córais chianda ar líne chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht tástála agus feithiclí a choinneáil i gcomhair athscrúdaithe neamhspleách.

**Déantar a lán gnéithe a athbhreithniú san Iniúchadh Oibriúcháin ina ndéantar athbhreithnithe rialta ar gach gné d'oibríochtaí ionad tástála i gcoinne sraith fhorleathan critéar a bhfuil achoimre déanta orthu anseo:**

- **Seirbhísí agus Saoráidí do Chustaiméirí;**
- **Próisis agus Teicneolaíocht Daoine; agus**
- **Tástáil Bhreathnaithe agus Neamhspleách.**

Déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht ag an gceanncheathrú agus ag gach ionad tástála. Scóráladh gach gné den tseirbhís i dtaca le ceanglais an Chomhaontaithe Tionscadail, arna thacú ag tuarascálacha ionad tástála aonair agus na ceanncheathrún. Déantar na scóir ualaithe a chomhdhlúthú ar bhonn míosúil agus ráithiúil. Is í príomhghné den próiseas iniúchta oibriúcháin measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre a dhéanann cigirí feithiclí. Déanann an TEC an measúnú sin. Le linn na bliana breathnaíodh ar thart ar 2651 tástáil feithicle nuair a bhíothas á dtástáil. Rinne innealtóirí TEC 347 feithicil eile a athsheiceáil i ndiaidh a dtástálacha.

Coinníodh an cáilíocht chigireachta ar ardchaighdeán agus léiríodh é sin trí scóir na gcigirí feithiclí (VI) arbh ionann an meán agus 9.45 as 10 le haghaidh 2012 i gcomparáid le 9.61 as 10 le haghaidh 2011. Ríomhtar an scór sin as iomlán na dtástálacha breathnaithe agus neamhspleácha .i. 2298. I 99.1% cás ní raibh difear i dtoradh na tástála. Léiríonn an STNC réimsí buartha ar bith le linn na mbreathnuithe don bhainistíocht áitiúil le haghaidh an bhirt cheartaithigh.

Tá an modh chun cigireacht tástálacha a bhreathnú go neamhspleách bunaithe ar rogha randamach ionaid tástála agus cigirí feithiclí le haghaidh cuairteanna cigireachta gan fhógra. I ndiaidh athbhreithnithe ar cháilíocht agus ar chúrsaí frithchalaoise, rinneadh an líon cigireachta ar thástálacha breathnaithe agus neamhspleácha a mhéadú i 2012. Áiríodh leis na cuairteanna breise sin cigireacht fhócasaithe ag ionaid a mbreathnaíodh orthu mar chásanna ardriosca.

Breathnaítear ar chigirí feithiclí agus tástálacha iomlána á ndéanamh acu, agus breathnaíonn innealtóirí TEC ar a n-aird ar an seicheamh cigireachta agus a n-éifeachtúlacht maidir le lochtanna a shainaithint. Déanann siad measúnú chomh maith ar cibé an ndéanfadh nó nach ndéanfadh neamhréireachtaí ar bith athrú do thoradh an toraidh tástála lena n-áirítear an cás gur pasáladh an fheithicil nuair ba cheart teip a thabhairt di nó gur theip uirthi nuair ba cheart pas a thabhairt ina leith. Ba ionann an scór foriomlán feidhmíochta san Iniúchadh Oibriúcháin agus 95.8% arb ionann é sin agus méadú ar 2011 (92.8%). Fuair an tseirbhís os cionn an chaighdeáin de 90% arís mar a shainítear sa Chomhaontú Tionscadail

**Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí**

Sa tábla seo a leanas leagtar amach achoimre ar líon na n-ionad tástála, lánaí tástála, cigirí feithiclí agus tástálacha feithicle ar a mbreathnaíodh. Ar an meán, breathnaíodh ar chigirí feithiclí ag déanamh 3 nó 4 thástáil, dhá uair nó trí huaire éagsúla le linn na bliana.

| 2012 | Ean | Feab | Már | Aib | Beal | Mei | Iúil | Lún | Mf | Df | Samh | Noll | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nIonad Tástála** | 32 | 28 | 32 | 34 | 35 | 32 | 33 | 29 | 31 | 29 | 29 | 27 | 371 |
| **Líon na Lánaí Tástála** | 61 | 57 | 63 | 71 | 69 | 71 | 66 | 62 | 61 | 62 | 64 | 60 | 767 |
| **Líon na gCigirí Feithiclí ar a mbreathnaíodh** | 131 | 116 | 123 | 137 | 148 | 125 | 124 | 115 | 97 | 108 | 127 | 101 | 1,452 |
| **Líon na bhFeithiclí** | 188 | 192 | 214 | 235 | 240 | 239 | 236 | 226 | 210 | 236 | 241 | 194 | 2,651 |

## Aitheantas Láithreora

Tá an ceanglas maidir le duine ag tabhairt feithicle i láthair chun tástála aitheantas a thabhairt i bhfeidhm ó bhí Eanáir 2010 ann. Tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag daoine a thugann carr i gcomhair a TNC go gcaithfidh siad a gceadúnas tiomána a thaispeáint. Ó 1 Bealtaine 2012 i leith, mura dtaispeánfar an t-aitheantas riachtanach ní heiseofar deimhniú TNC i leith na feithicle ag tráth na tástála. I 2012, theip ar 12,895 nó 1.21% cás i ngeall nár tugadh an t-aitheantas riachtanach ag tástálacha iomlána.

Bíonn sé níos éasca don RSA agus do chonraitheoir an TNC aitheantais láithreoirí a thaifeadadh chun carranna a aimsiú i gcomhair cigireacht cáilíochta athleanúna, go háirithe nuair a bhíonn athrú san úinéireacht le gairid. Lena chois sin, is faisnéis thábhachtach é, chun cuidiú leis na gnáthphatrúin ghníomhaíochta a bhaineann le cáilíocht nó torthaí tástála a shainaithint agus a imscrúdú, sa chás go bhféadfadh sé go mbeadh baint ag comhshnáithe i bpatrúin neamhghnácha le láithreoirí na bhfeithiclí. Feidhmíonn cur i bhfeidhm na mbeart seo mar iombhagairt ar ghníomhaíocht chalaoise i dtaca le TNC. Is é seo a leanas cúiseanna eile leis an bhfaisnéis sin a choinneáil lena húsáid:

- **Chun imscrúdú a dhéanamh ar éilimh a dhéanamh i dtaca le damáiste d'fheithicil le linn tástála;**
- **Chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin nó achomhairc i dtaca le stiúradh tástála;**
- **Suirbhéanna neamhspleácha a dhéanamh maidir le sástacht custaiméirí i dtaca le stiúradh tástálacha; nó**
- **Imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh i dtaca le stiúradh tástálacha.**

Rinneadh an ceanglas chun faisnéis aitheantais a fháil agus a choinneáil maidir le láithreoirí carranna le haghaidh TNC a phlé go hiomlán agus a chomhaontú leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (DPC) agus tá na bearta slándála sonraí atá i bhfeidhm ar aon dul le ceanglais DPC chomh maith.

## Bainistíocht ar Chalaois


I mí na Bealtaine 2011, ceistíodh rialuithe cáilíochta agus sláine an STNC. Ó shin d'oibrigh an RSA go dlúth le foireann bainistíochta sinsearaí chonraitheoir an STNC agus leis an gConraitheoir Seirbhísí Maoirseachta. Tugadh isteach roinnt beart láithreach agus fadtéarmach chun an fhéidearthacht um chalaois a íoslaghdú. Áiríodh orthu siúd beolíne teileafóin rúnda 'sceithirí' agus córas ríomhphoist a bhfuil rochtain ag an bhfoireann agus ag an bpobal araon air:

**(Beolíne teileafóin rúnda: 1890 928580; Ríomhphost: integrity@STNC.ie)**

Chuir an RSA athruithe i bhfeidhm chomh maith ar an dóigh a n-úsáidtear a acmhainní maoirseachta, lena chur ar a chumas monatóireacht a dhéanamh go bhfuiltear ag cur athruithe comhaontaithe ar an gcóras tástála i bhfeidhm agus go bhfuiltear á gcoinneáil. Tá an RSA tiomanta dá ról maoirseachta agus monatóireachta ar an STNC chun córas tástála ina gcomhlíontar caighdeáin an dea-chleachtais, a sheasann go maith le tagarmharcáil idirnáisiúnta agus a bhfuil muinín ag an bpobal ann. Tá muinín aige go bhfuil conraitheoir an STNC tiomanta do chalaois a dhíothú.

## Líon na dTástálacha a Stiúir an STNC

Rinneadh 309,434 tástáil iomlán i 2000, an chéad bhliain don TNC, agus tá sé ag fás bliain ar bhliain ó shin, le 1,067,984, an líon is airde i stair an TNC, stiúrtha i 2012. D'fhéadfadh sé go mbaineann an méadú sna líonta i 2012 leis an laghdú i ndíolacháin carranna úra le blianta beaga anuas, an méadú i aois an fhlít náisiúnta agus carranna 10 mbliana agus níos sine á dtabhairt ar ais dá gcéad tástáil bhliantúil. Sa tábla seo a leanas leagtar amach líon na dtástálacha iomlána agus na hatástálacha agus pasrátaí le cúig bliana anuas:



Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

## Na míreanna a Scrúdaítear sa Tástáil TNC

Is seiceáil cothabhála agus riochta é an TNC. Níl measúnú mionsonraithe ar cheapadh agus ar dhéanamh feithicle mar chuid den tástáil. Tá na míreanna go léir ar a ndéantar tástáil ag TNC leagtha síos sa Lámhleabhar TNC agus is féidir breathnú air ar an nasc seo a leanas:

**www.rsa.ie/documents/NCT/NCT%20Manual%20Revise%20May%202012%2028.05.2012.pdf**

**Áirítear ar na míreanna ar a ndéantar tástáil:**

- **Coscáin**
- **Astaíochtaí Sceite**
- **Rothaí agus boinn rotha**
- **Soilse**
- **Stiúradh agus crochadh**
- **Fonnadh agus fochabhail**
- **Córais leictreacha**
- **Gloine agus scátháin**
- **Tras-seoladh**
- **Taobh Istigh**
- **Córas breosla**

**Na príomh-mhíreanna teipthe i 2012:**

- **Crochadh Tosaigh**
- **Riocht na mBonn Rotha**
- **Díriú Ceannsoilse**
- **Línte/Osáin Choscáin**
- **Soilse Coscáin**

## Na cúiseanna le teipeanna faoi gach ceann de na míreanna seo a leanas

### Crochadh Tosaigh

| Mír | Cúiseanna Na Teipe |
|---|---|
| **Bíoma Acastóra, Cnáimhíní Súgartha, Géag gluaiseachta,Géag Rialaithe Raoin, Teanntóg Chrochta** | 1. Is léir go bhfuil sé as líne.<br>2. Is léir an gléasadh scaoilte nó caite.<br>3. Briste, damáistithe nó míchumtha. |
| **Barra Frith-rollta, Géag/Slat Toirc, Slat/Nasc Ga** | 4. Ar iarraidh nó briste.<br>5. Gléasadh scaoilte.<br>6. Briste, damáistithe nó míchumtha. |
| **Boisc, Ailt Liathróide, agus Boisc Sleamhnáin nó Ailt sclóine** | 7. Caitheamh iomarcach.<br>8. Neamhdhaingean. |
| **Láthair Gléasadh Crochta** | 9. Míchumtha nó creimthe go dtí an méid go bhfuil dochar do shlándáil nó. |
| **Gléasanna Coinneála nó Glasála m.sh. e.g. Scoilt, Pionna, Teanntóir, Seam nó Táthán** | 10. As láthair, neamhdhaingean, caite nó briste. |
| **Clúdaigh Dusta** | 11. An clúdach dusta ar iarraidh nó dianmheathlaithe |
| | Nóta: D'fhéadfadh na lochtanna thuas a bheith sna córais chrochta acastóra dhocht agus neamhspleách araon. |

### Riocht Rothaí

| Mír | Cúiseanna Na Teipe |
|---|---|
| **Struchtúr rothaí** | 1. Fianaise ar athghearradh patrúin druma sa chás nach bhfuil an rotha oiriúnach d'athghearradh.<br>2. Suite go mícheart ar an bhfonsa rotha.<br>3. Gearradh ar bith níos faide ná 25mm nó 19% de leithead an rannáin (cibé acu is gaire) agus tá domhan go leor chun an dual nó cordaí a shroicheadh.<br>4. Réabadh nó nochtadh sa struchtúr duail nó corda, tógáil drumaí, cnapán nó bolgadh i ngeall ar dheighilt rubair ó chordaí nó laigeacht i struchtúr na gcordaí, nó druma díchumtha nó damáistithe. |
| **Comhla** | 5. Damáiste nó díchumadh soiléir ar an gcomhla.<br>6. Comhla ag cuimilt in éadan an chró comhla. |
| **Athchóirithe** | 7. Plocóid athchóirithe feistithe ar an Taobh-bhalla. |

## Díriú Ceannsoilse:

| Mír | Cúiseanna Na Teipe |
|---|---|
| **Ceannsolas Eorpach (seiceáilte ar léas íslithe)** | 1. Maidir le ceannsoilse nach bhfuil a lár níos mó ná 850mm os cionn na talún, ní luíonn an líne scoite idir na línte cothrománacha 0.5% agus 2%<br>2. Maidir le ceannsoilse a bhfuil a lár níos mó ná 850 ón talamh, ní luíonn an líne scoite chothrománach idir na línte cothrománacha 1.25% agus 2.75%.<br>3. Ní luíonn cumar na líne scoite 15% agus na líne scoite cothrománaí idir na línte ingearacha 0% agus 2%. |
| **Ceannsolas Briotanach-Meiriceánach (seiceáilte ar léas íslithe)** | 4 Ní luíonn imeall uachtarach an bhaill idir na línte cothrománacha 0% agus 2.75%.<br>5 Ní luíonn imeall lámh dheas an bhaill idir na línte ingearacha 0% agus 2%. |
| **Ceannsolas Briotanach-Meiriceánach (seiceáilte ar an bpríomhléas)** | 6. Maidir le ceannsoilse nach bhfuil a lár níos mó ná 850mm os cionn talún, ní luíonn lár an bhaill idir na línte cothrománacha 0% agus 2%.<br>7. Maidir le ceannsoilse a bhfuil a lár níos mó ná 850mm os cionn talún, ní luíonn lár an bhaill idir na línte cothrománacha 0% agus 2.75%.<br>8. Ní luíonn lár an bhaill the idir na línte ingearacha 0% agus 2%. |


## Línte/Osáin Coscáin

| Mír | Cúiseanna Na Teipe |
|---|---|
| **Píopaí coscáin, Osáin sholúbtha** | 1. Feoite, roctha, damáistithe nó meirgeach go dtí an méid go bhfuil an píopa pollta.<br>2. Gléasta go místhásúil/cosúlacht go dteipfidh air.<br>3. Sceitheadh.<br>4. Páirteanna gluaisteacha bréanaithe.<br>5. Bolgadh faoi bhrú.<br>6. Deisiúcháin neamhleora agus feistis mhí-oiriúnacha. |
| | Nóta: Tá cúpláin i bpíopaí coscáin inghlactha ar an gcoinníoll gur feistíodh iad ar ardchaighdeán saoirseachta. |

## Soilse Coscáin:

| Mír | Cúiseanna Na Teipe |
|---|---|
| **Soilse Coscáin** | 1. Ar iarraidh nó ní fheictear go soiléir iad.<br>2. Níl siad ag oibriú nó tá siad lochtach.<br>3. Níl siad níos gile ná na cúlsoilse.<br>4. Níl dath dearg orthu.<br>5. Ní na diminsin nó an dianacht chéanna acu.*<br>6. Lionsaí ar iarraidh nó briste (scoilte, deighilte nó solas bán á thaispeáint).<br>7. Uisce/taise ann.<br>8. Ní oibríonn an lasc mar is ceart.<br><br>* Ní bhaineann sé seo le tríú solas coscáin (ard).<br><br>Nóta: Le haghaidh soilse maitríse LED, tabhaigh teip ar chúis (2) thuas má tá níos lú na 50% LEDanna ag oibriú i maitrís aonaid aonair ar bith. |

## Tá líon na dteipeanna faoi gach ceann de na cúig mhír teipe is mó leagtha amach sa tábla seo a leanas:



## Deimhniúchán Iso 17020

Dheonaigh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) creidiúnú ISO 17020 ar Sheirbhís Tástála Carranna Applus.

Déantar an ISO 17020 a dheonú ar chomhlachtaí cigireachta a léiríonn ardleibhéil inniúlachta sa réimse cigireachta. Rinneadh gach gné den phróiseas STNC a iniúchadh ó neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus sláine na seirbhíse go dtí na córais cháilíochta atá i bhfeidhm, na modhanna agus nósanna imeachta cigireachta go dtí láimhseáil na dtuarascálacha agus na ndeimhniúchán cigireachta. Díríodh sa chaighdeán ar éifeachtúlacht um chustaiméirí a bhainistiú lena n-áirítear na próisis ghearán agus achomharc, áitreamh, saoráidí agus trealamh tástála.

## Ionad Tástála Úr i mBéal Átha na Sluaighe

Rinneadh ionad tástála úr i gceantar an Phoill Bhuí i mBéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimh, a oscailt go hoifigiúil i mí Feabhra 2012. Is é an t-ionad STNC sin an tríú ionad tástála i réigiún na Gaillimhe agus freastalófar ann ar dhaoine as Béal Átha na Sluaighe, Port Omna agus Baile Locha Riach agus codanna de Ros Comáin Theas chomh maith. Beidh an acmhainn ag an ionad úr 2 lána chun os cionn 25,000 a iniúchadh nuair a bheidh sé ag oibriú go hiomlán.




## Líon na dTástálacha de réir Ionaid i 2012

| Ionad | Pas (Tástáil Tosaigh) | Teip (Tástáil Tosaigh) | Pas (Atástáil) | Teip (Atástáil) | Iomlán Pasanna | Iomlán Tástálacha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile | 5,922 | 5,114 | 4,802 | 386 | 10,724 | 11,036 |
| An tInbhear Mór | 9,251 | 9,989 | 8,492 | 855 | 17,743 | 19,240 |
| Baile Átha Luain | 7,095 | 7,641 | 6,910 | 679 | 14,005 | 14,736 |
| Baile Bhéal an Átha | 5,901 | 7,209 | 6,336 | 519 | 12,237 | 13,110 |
| Béal Átha na Sluaighe | 4,929 | 4,518 | 3,969 | 416 | 8,898 | 9,447 |
| An Chathair | 10,954 | 10,915 | 9,547 | 842 | 20,501 | 21,869 |
| Cathair Saidhbhín | 1,711 | 861 | 772 | 56 | 2,483 | 2,572 |
| Ceatharlach | 9,863 | 12,318 | 10,474 | 1,195 | 20,337 | 22,181 |
| Carn Domhnach | 2,571 | 2,258 | 2,237 | 175 | 4,808 | 4,829 |
| Cora Droma Rúisc | 3,934 | 6,093 | 5,339 | 608 | 9,273 | 10,027 |
| An Caisleán Riabhach | 5,154 | 6,429 | 5,637 | 589 | 10,791 | 11,583 |
| An Cabhán | 4,872 | 7,041 | 6,366 | 845 | 11,238 | 11,913 |
| Charleville | 7,283 | 4,873 | 4,766 | 360 | 12,049 | 12,156 |
| Ráth Garbháin | 1,364 | 1,930 | 1,758 | 127 | 3,122 | 3,294 |
| Corcaigh-an Bhlárna | 17,165 | 15,831 | 13,902 | 1,239 | 31,067 | 32,996 |
| Corcaigh-an tOileán Beag | 29,617 | 25,867 | 23,074 | 1,947 | 52,691 | 55,484 |
| Gráinseach an Déin | 36,725 | 35,080 | 31,370 | 3,075 | 68,095 | 71,805 |
| Na Doirí Beaga | 1,994 | 2,152 | 2,034 | 120 | 4,028 | 4,146 |
| Dún na nGall | 4,378 | 3,675 | 3,352 | 310 | 7,730 | 8,053 |
| Droichead Átha | 13,933 | 14,120 | 11,262 | 1,242 | 25,195 | 28,053 |
| Dún Dealgan | 7,164 | 8,626 | 7,698 | 930 | 14,862 | 15,790 |
| Inis | 11,262 | 12,901 | 11,210 | 1,281 | 22,472 | 24,163 |
| Inis Córthaidh | 12,953 | 14,776 | 12,953 | 1,126 | 25,906 | 27,729 |
| Fonthill | 32,404 | 43,424 | 33,926 | 4,075 | 66,330 | 75,828 |
| Gaillimh | 19,627 | 23,744 | 20,831 | 2,141 | 40,458 | 43,371 |
| Cnocán Glas | 21,006 | 22,156 | 22,365 | 2,319 | 43,371 | 43,162 |
| Ceanannas | 11,044 | 13,669 | 11,194 | 1,331 | 22,238 | 24,713 |
| Cill Chainnigh | 9,882 | 10,397 | 9,025 | 838 | 18,907 | 20,279 |
| Cill Airne | 7,821 | 6,249 | 5,752 | 509 | 13,573 | 14,070 |
| Litir Ceanainn | 7,331 | 9,439 | 8,094 | 831 | 15,425 | 16,770 |
| Luimneach | 20,083 | 21,643 | 18,705 | 2,113 | 38,788 | 41,726 |
| An Longfort | 5,122 | 5,825 | 5,219 | 642 | 10,341 | 10,947 |
| Maigh Chromtha | 7,648 | 5,878 | 5,153 | 440 | 12,801 | 13,526 |
| Muineachán | 4,616 | 6,736 | 6,059 | 823 | 10,675 | 11,352 |
| An Muileann gCearr | 6,391 | 8,890 | 7,651 | 893 | 14,042 | 15,281 |
| Nás | 17,434 | 18,719 | 15,253 | 1,698 | 32,687 | 36,153 |
| An tAonach | 9,742 | 8,513 | 7,673 | 573 | 17,415 | 18,255 |
| An Pointe Thuaidh 1 | 23,458 | 29,579 | 24,813 | 3,447 | 48,271 | 53,037 |
| An Pointe Thuaidh 2 | 26,458 | 32,394 | 29,125 | 3,664 | 55,583 | 58,852 |
| Port Laoise | 9,453 | 8,233 | 7,492 | 522 | 16,945 | 17,686 |
| An Sciobairín | 6,912 | 5,664 | 5,136 | 382 | 12,048 | 12,576 |
| Sligeach | 6,470 | 8,654 | 7,455 | 688 | 13,925 | 15,124 |
| Trá Lí | 9,647 | 7,449 | 6,445 | 523 | 16,092 | 17,096 |
| An Tulach Mhór | 6,654 | 7,595 | 6,501 | 759 | 13,155 | 14,249 |
| Port Láirge | 15,091 | 14,071 | 11,954 | 1,259 | 27,045 | 29,162 |
| Cathair na Mart | 8,558 | 8,369 | 7,354 | 526 | 15,912 | 16,927 |
| Eochaill | 6,371 | 5,259 | 4,817 | 417 | 11,188 | 11,630 |

## Tástáil Feithiclí Tráchtála (TFT)


Déantar tástáil bhliantúil feithiclí tráchtála in Éirinn in os cionn 146 ionad tástála a oibrítear go príobháideach. I 2012 rinne na hÚdaráis Áitiúla na hionaid tástála sin a cheapadh agus a mhaoirsiú. De réir na dtuairisceán a chuir na hionaid tástála ar ais chuig an RSA, rinneadh thart ar 113,690 tástáil ar Fheithiclí Earraí Troma (laghdú de níos lú ná 4% ar 2011) agus 391,545 tástáil ar Fheithiclí Earraí Éadroma (laghdú de os cionn 1% go díreach ar 2011) i 2012.




I 2012, thug Cigirí Feithiclí an RSA 568 cuairt ar Ionaid Tástála Feithiclí Tráchtála chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán um ionad tástála feithiclí tráchtála agus ar chomhsheasmhacht na tástála. Rinneadh fadhbanna a sainaithníodh a phlé leis na hÚdaráis Áitiúla a bhí freagrach as ceadúnú agus maoirseacht na n-ionad tástála feithiclí tráchtála i 2012.


## Seiceálacha Cois Bóthair le haghaidh Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála

Tá na Gardaí freagrach as ródacmhainneacht feithiclí tráchtála cois bóthair a fhorfheidhmiú. Tacaíonn an RSA leo maidir leis an bhfeidhm sin. Bhí Cigirí Feithiclí an RSA páirteach i 743 seicphointe cois bóthair i 2012 (méadú 24.5% ar 2011). Cuireadh seiceálacha cois bóthair i gcrích ar 7,048 feithicil (méadú de os cionn 43% go díreach ar 2011) agus léirigh seiceálacha go raibh lochtanna i 3,465 nó 49.2% feithicil (méadú 1.4% ar 2011). Bhí lochtanna i 39.6% (méadú 7.6% ar 2011) feithicil a bhí tromchúiseach go leor is go raibh gníomh láithreach de dhíth orthu, amhail gaibhniú, deisiú ar an suíomh nó tástáil úr.



## Tuarascálacha ó Bhaill Stáit AE eile maidir le Feithiclí Tráchtála Éireannacha

Le linn 2012, fuair an RSA tuarascálacha ó UK Vehicle Operator Standards Agency (VOSA) gur stopadh 3,360 feithicil tráchtála Éireannach sa Ríocht Aontaithe ar a raibh lochtanna feithicle agus go raibh 23.3% díobh (laghdú de os cionn 1% go díreach ar 2011) á rangú mar lochtanna tromchúiseacha. Ba leantóirí a bhí in os cionn 57% de na feithiclí lochtacha a thuairisc an VOSA agus bhí 24.6% (laghdú 4.4% ar 2011) de na lochtanna leantóra ina lochtanna tromchúiseacha. I 2012, thaifid agus d'athbhreithnigh an RSA na tuarascálacha go léir a fuarthas agus d'eisigh siad 568 litir chuig oibritheoirí maidir leis na lochtanna tromchúiseacha a tuairiscíodh.




## Cothabháil Feithiclí Tráchtála

I 2012, lean an RSA de chothabháil feithiclí tráchtála a chur chun cinn. Áirítear sonraí i dTreoir an RSA 'Guide to keeping commercial vehicles roadworthy' maidir leis an dóigh ar féidir le hoibritheoir córas cothabhála coisctheach éifeachtúil a chur i bhfeidhm agus tá a lán de na gnéithe simplí, ar chostas íseal, réitigh ghnáthchéille atá éasca ag gach oibritheoir lena gcur i bhfeidhm. Tá a lán tairbhí ag baint le córas cothabhála feithiclí éifeachtúil a bheith i bhfeidhm lena n-áirítear sástacht mhéadaithe custaiméirí, níos lú feithiclí ag cliseadh, laghdú ar chostais chothabhála agus méadú ar shábháilteacht ar bhóithre do gach úsáideoir bóthair. D'fhéadfaí formhór na lochtanna a fuarthas ag cois bóthair a thabhairt faoi deara dá ndéanfadh an tiománaí seiceáil shimplí siúl timpeall ar an bhfeithicil agus d'fhéadfaí an locht a cheartú sular cuireadh an fheithicil ar an mbóthar. Áirítear póstaeir le haghaidh feithiclí éagsúla sa treoir maidir le seiceáil siúl timpeall ina dtugtar sonraí faoi cad ba cheart don tiománaí a sheiceáil. Tabharfar oibleagáidí úra i dtaca le cothabháil feithiclí tráchtala isteach i 2012 mar aon le cuairteanna ar áitreabh oibritheoirí maidir le feithiclí tráchtála. Tá tuilleadh sonraí ar an leasú beartaithe leagtha amach sa chéad rannán eile, ach, ba cheart d'oibritheoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála taithí a fháil ar an Treoir chun d'fheithiclí a choinneáil ródacmhainneach. Is féidir le hoibritheoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála logáil isteach ar láithreán Gréasáin an RSA le tuilleadh faisnéise a fháil.

## An Clár um Leasú ar Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála (CVR)

I 2012, lean an RSA d'ullmhú chun an clár um leasú ar Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála (CVR) a chur i bhfeidhm i 2013. Spreagfar "athrú céime" sa chlár um leasú maidir le caighdeáin ródacmhainneachta na bhfeithiclí tráchtála a oibrítear ar bhóithre na hÉireann, agus is é is aidhm leis daoine a shábháil ón mbás agus gortuithe a sheachaint trí líon na n-imbhuailtí a bhaineann le feithiclí tráchtála ar bhóithre na hÉireann a laghdú. Is cur chuige trí shraith é CVR maidir le leasú ina n-ionchorprófar forfheidhmiú cois bóthair, tástáil thréimhsiúil agus seiceálacha oibritheora.

Tá sé tuartha ag an RSA go mbeidh iarmhairt dheimhneach ar shábháilteacht ar bhóithre trí riocht feabhsaithe na bhfeithiclí cláraithe Éireannacha agus trí fhócas méadaithe ar fheithiclí idirnáisiúnta in Éirinn chomh maith. Ba cheart go gcuideodh flít feithiclí tráchtála ardchaighdeáin le brú tráchta a laghdú, iomaíocht chóir a chinntiú, feasacht i bhfad níos mó maidir le ceisteanna sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt agus feabhas a chur ar chultúr na sábháilteachta laistigh den tionscal iompair.

### Forfheidhmiú sonraithe

Trí na leasuithe sin, is é cuspóir an RSA iarrachtaí um chomhlíonadh agus um fhorfheidhmiú a dhíriú ar na hoibritheoirí sin den chuid is mó a roghnaíonn gan a bhflít a choinneáil i riocht ródacmhainneach 365 lá sa bhliain (agus dá bhrí sin riosca sábháilteachta a chur os comhair an phobail ar na bóithre poiblí), agus oibritheoirí comhlíontacha ag leanúint i mbun a ngnóthaí le níos lú riosca go gcuirfear isteach orthu. Bainfidh na leasuithe sin le gach feithicil tráchtála a oibrítear ar bhóithre na hÉireann (ceadaithe agus neamhcheadaithe; baile agus eachtrach).

### An tAcht fan Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012

Síneadh an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála) 2012 isteach sa dlí an 30 Bealtaine 2012. Go hachomair bunaítear creat dlíthiúil úr leis an Acht maidir le ródacmhainneacht feithiclí tráchtála sa Stát. Baineann príomhfhorálacha an Achta leis na nithe seo a leanas:

- **An fhreagracht fhoriomlán maidir le húdarú oibritheoirí tástála agus tástálaithe feithiclí tráchtála a aistriú ó na húdaráis áitiúla go dtí an RSA;**
- **Oibleagáidí úra cothabhála feithiclí ar úinéirí feithiclí tráchtála lena chinntiú go gcoinnítear iad i riocht ródacmhainneach;**
- **Cumhachtaí úra chun iniúchtaí a dhéanamh ag áitribh oibritheoirí i dtaca le ródacmhainneacht feithiclí tráchtála;**
- **Cumhachtaí úra chun rialacháin a dhéanamh i dtaca le hiniúchtaí cois bóthair agus coinneáil agus bac gluaiseachta ar fheithiclí;**
- **Córas faisnéise maidir le Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála a bhunú trína nascfar ionaid tástála CVR agus an RSA. D'fhéadfaí rochtain a thabhairt do chomhlachtaí eile ar an gcóras, lena n-áirítear an Garda Síochána agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta;**
- **Córas rátála riosca a bhunú chun críocha díriú ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála agus í a fhorfheidhmiú.**

**Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí**

Tiocfaidh forálacha an Achta i bhfeidhm i 2013 nuair a bheidh Orduithe um Thosach Feidhme le haghaidh fhorálacha éagsúla an Achta déanta ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Áirítear san Acht forálacha a chuireann ar chumas an Aire rialacháin a dhéanamh lena gcinnfear oibleagáidí beachta na ndaoine éagsúla a thagann laistigh de raon feidhme an Achta go mion.

Leanadh d'obair ullmhúcháin i 2012 chun bearta a thabhairt isteach i ndiaidh thosach an Achta i dtús 2013.

### Tairbhí d'oibritheoirí feithiclí tráchtála

Tá na leasuithe á dtabhairt isteach ar shlí ina mbeidh tairbhí riaracháin suntasacha i gceist d'oibritheoirí. Áireofar air sin deireadh a chur leis an gceanglas i gcomhair dhá chuairt (go dtí an t-ionad tástála ar dtús, agus ansin go dtí oifig Mótarchánach) chun deimhniúchán a fháil maidir le ródacmhainneacht agus deireadh a chur leis an gceanglas Deimhniúcháin Chlárúcháin Feithiclí a thaispeáint ag tráth na tástála. Éascófar an cumas leis an gcóras úr tástálacha a chur in áirithe ar líne chomh maith agus meabhrúcháin a fháil nuair a bheidh a dtástáil ródacmhainneachta dlite trí theachtaireacht SMS nó trí ríomhphost.  Beidh oibritheoirí ábalta taifid flít a choinneáil ar líne. Ciallaíonn an córas rátála riosca go mbeidh níos lú cosúlachta ann go stopfar feithiclí dea-chothabháilte ag seiceálacha cois bóthair, a chuideoidh le cur isteach neamhsceidealaithe ar oibritheoirí comhlíontacha a íoslaghdú. Beidh fianaise ag oibritheoirí comhlíontacha go bhfuil siad ag cloí le rócacmhainneacht agus beifear ábalta é sin a úsáid chun tairbhe tráchtála. Ní tharlaíonn an oiread de chliseadh costasach d'fheithiclí dea-chothabháilte agus tá siad níos éifeachtúla ó thaobh bhreosla de. Soláthraíonn feithiclí dea-chothabháilte timpeallacht oibre níos sábháilte do thiománaithe chomh maith.

### Seirbhísí Oiliúna do Thástálaithe CVR agus d'Oibritheoirí CVR

I ndiaidh próiseas tairisceana iomaíoch, ceapadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain chun seirbhísí oiliúna a chur ar fáil do Thástálaithe CVR agus d'Oibritheoirí CVR. I 2012, d'eagraigh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain oiliúint ('Forbairt Ghairmiúil Leanúnach') do 688 Tástálaí CVR. D'eagraigh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain cúrsa oiliúna ADR chom maith. Rinneadh gach cúrsa oiliúna a mheasúnú. D'fhorbair an Institiúid an curaclam maidir le hOiliúint Oibritheoirí HCV, LCV agus CVR

### Straitéis maidir le Forfheidhmiú Cois Bóthair

Chomhaontaigh an RSA agus an AGS na prionsabail i gcomhair comhstraitéise um fhorfheidhmiú Cois Bóthair ina leagfar amach tiomantais maidir leis sin go dtí 2019 a bheidh ar aon dul le Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre an Rialtais. Déanfar plean oibriúcháin cois bóthair mionsonraithe a chomhaontú idir an AGS agus an RSA.

**Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí**

## Córas Faisnéise maidir le Feithiclí Tráchtála

Le linn 2012 lean an RSA d’forbairt réiteach TFC comhtháite a chur chun cinn i gcomhair an Chórais Faisnéise maidir le Feithiclí Tráchtála (CoVIS). Nuair a bheidh an córas seo ar bun beidh sé ina phríomhfhórsa agus uirlis spreagtha a úsáidfidh an RSA chun a fhreagrachtaí as tástáil feithiclí tráchtála a údarú agus a mhaoirsiú a chur i bhfeidhm, a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú. Cuideoidh an CoVIS leis an RSA lena chinntiú go ndéantar tástáil feithiclí ar chomhchaighdeán agus tacóidh sé le forfheidhmiú bunaithe ar intleacht trí dhíriú ar oibritheoirí neamh-chomhlíontacha. Tacóidh CoVIS le comhtháthú iomlán ghníomhaíochtaí uile forfheidhmiúcháin an RSA maidir le feithiclí tráchtála.

I 2012, i ndiaidh próiseas soláthair, cheap an RSA SGS Société Générale de Surveillance SA mar an gconraitheoir CoVIS agus cuireadh tús le céimeanna dearaidh an chórais. Oibríodh ar an dearadh córais ardleibhéal le linn mhíonna an tsamhraidh agus d’fhaomh an tÚdarás é go foirmiúil. Leanadh den obair ar an dearadh mionsonraithe le haghaidh an chórais thar an bhfómhar 2012. Thosaigh na céimeanna tosaigh chun tacú le cur i bhfeidhm bonneagair an CoVIS chuig ionaid tástála CVR éagsúla ar fud na tíre i mí na Nollag 2012.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an Córas CoVis a sheachadadh thar thrí chéim agus beidh céim amháin ag oibriú i 2013. Bhuail an grúpa um fheidhmiú leasuithe, faoi chathaoirleacht an RSA, le hionadaithe ó príomhpháirtithe leasmhara amhail an Roinn Iompair, an Garda Síochána agus na hÚdaráis Áitiúla, le chéile go rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm CVR i 2012.

**Gnéithe eile den Chóras:**

- Feabhas ar phróisis agus nósanna imeachta um fhorfheidhmiú cois bóthair, lena n-áirítear saoráid chun bac a chur ar fheithiclí neamh-chomhlíontacha agus feabhas ar fhostú agus ar chomhordú gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin
- Cáilíocht fheabhsaithe maidir le tástáil feithiclí tráchtála agus bainistíocht sruthlínithe ar an gcóras tástála trí údarú ionaid tástála a aistriú go dtí an RSA
- Feabhas spriocdhírithe ar oibritheoirí feithiclí tráchtála trí chomhcheangal forfheidhmiúcháin bunaithe ar oideachas agus riosca
- Athruithe reachtacha chun na táirgí insoláthartha thuas a chumasú
- Úsáid straitéiseach a bhaint den teicneolaíocht forfheidhmiúcháin cois bóthair lena n-áirítear cianrochtain agus gléasanna bailiúchán sonraí, ANPR agus WIMS.

## Forfheidhmiú Tarlaithe Bóthair

Is í fís an RSA maidir leis an earnáil iompair ar bóthar agus paisinéirí bóthair fís ina bhfuil gach úinéir feithicle fruilithe agus luaíochta agus féinchuntais d'fheithiclí móra ag cloí leis na ceanglais dhlíthiúla a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Is iad na forálacha dlíthiúla a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a fhorfheidhmíonn an RSA, mar aon leis an nGarda Síochána reachtaíocht an AE agus náisiúnta maidir le hiompar ar bóthar i dtaca le rialacha tacagraif, uaireanta tiomána agus amanna sosa, an Treoir maidir le hAm Oibre um Iompar ar Bóthar agus ceadúnú oibritheoirí tarlaithe bóthair agus paisinéirí chun bheith bainteach in oibríochtaí fruilithe agus luaíochta. Déanann an RSA agus an Garda Síochána forfheidhmiú cois bóthair, agus déanann an RSA imscrúdú agus forfheidhmiú ag áitreabh na n-oibritheoirí.

Tá sé beartaithe i straitéis forfheidhmiúcháin an RSA sábháilteacht ar bhóithre a threisiú trí fheabhas a chur ar chomhlíonadh oibritheoirí agus tiomána maidir le hamanna tiomána, tréimhsí sosa agus scíthe, agus ceanglais tacagraif. Déantar uaireanta oibre agus sosa tiománaithe a rialú chun tuirse a sheachaint. Is í an tuirse ceann de na príomhchúiseanna le himbhuailtí trácht bóthair i measc tiománaithe feithiclí móra. Ní mór an t-iontas é sin ag cur san áireamh go mbíonn na tiománaithe HGV ar an mbóthar ar feadh tréimhsí faidréiseacha ama agus go minic bíonn siad bainteach i seiftobair nó patrúin oibre mhírialta.

Ag aithint na rioscaí sábháilteachta bóthair um thuirse agus na ndrochiarmhairtí i gcomhair iomaíochta cóir, tá an RSA ag glacadh straitéis bunaithe ar riosca atá ag méadú ar fad i dtreo forfheidhmiúcháin sa chás go bhfuiltear ag díriú ar chiontóirí dianseasmhacha chun cigireacht níos minice agus níos déine a dhéanamh orthu agus tá cigireacht ar oibritheoirí comhlíontacha a thaispeánann leibhéil mhaithe comhlíontachta á híoslaghdú a mhéid is féidir.

## Straitéis Oibriúcháin

Tá córas cigireachta agus forfheidhmiúcháin le hoibriú sa straitéis fhoriomlán ina mbaintear an leas is fearr do scileanna fhoireann an RSA chun tionchar a imirt ar chuideachtaí agus ar pháirtithe leasmhara eile. Áirítear ar an gcóras:

- **Cigireacht ar chomhlíontacht le linn cuairteanna ar áitribh oibritheoirí iompair; baineann sé sin le measúnú a dhéanamh ar na gcórais bhainistíochta agus seiceálacha a dhéanamh ar thaifid agus ar fheithiclí ag an áitreabh;**
- **Seiceálacha tiománaithe cois bóthair;**
- **Oibriú le hoibritheoirí chun feabhas a chur ar chomhlíontacht agus ar ionchúisimh**
- **Idirchaidreamh rialta leis an nGarda Síochána ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon;**
- **Idirchaidreamh rialta le gníomhaireachtaí náisiúnta eile amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus comhlachtaí forfheidhmiúcháin i dtíortha eile; agus idirchaidreamh le hidirghabhálacha amhail na cumainn trádála éagsúla chun feabhas a chur ar theagmhálacha le hoibritheoirí iompair agus chun treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le ceisteanna um chomhlíontacht.**


Tá raon cumhachtaí ag Oifigigh Iompair an RSA is féidir a chur i bhfeidhm ar fhorfheidhmiú na rialacha um thacagraif, uaireanta tiománaithe agus ceadúnú oibritheora. Go ginearálta, cinntítear leis an gcur chuige sin go bhfuil an beart a dhéantar comhréireach leis an cineál riosca sábháilteachta agus/nó sáraithe agus cuirtear taifead foriomlán an oibreora lena mbaineann san áireamh ann. Dírítear an iarracht forfheidhmiúcháin ar na ceanglais is tábhachtaí, .i. iad siúd a chuireann go suntasach le sábháilteacht an tiománaí agus an phobail i gcoitinne.

## Forbhreathnú ar an nGníomhaíocht chun tacú le comhlíontacht i 2012

Taispeántar i ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin an RSA méadú bliana ar bhliain i gcomhthéacs iniúchtaí agus ionchúisimh cois bóthair sa Chúirt.

Cé go soláthraítear fianaise sna treochtaí go bhfuil an leibhéal um shárú ag laghdú, tá leibhéal na neamh-chomhlíontachta le tiománaithe fós ag leibhéal ard atá do-ghlactha. Tá measúnú á dhéanamh i gcónaí ag an RSA ar an straitéis forfheidhmiúcháin agus ionchúisimh chun éifeachtúlacht a uasmhéadú.


Leibhéil um Chomhlíontacht Cois Bóthair




## Gníomhaíochtaí um Fhorfheidhmiú Cois Bóthair

Ghlac Oifigigh Iompair an RSA páirt i 631 seiceáil cois bóthair le linn 2012 agus rinne siad iniúchadh ar thaifid amanna tiomána le haghaidh 3,504 tiománaí. I gcomparáid le 2011 bhí 596 seiceáil agus 3,781 iniúchadh tiománaí ann. Baineadh an méadú sin amach in ainneoin an laghdaithe ar acmhainní. Rinneadh seiceálacha cois bóthair trasna deighleoige leathain den líonra bóithre agus cuireadh bearta faoi leith i bhfeidhm le cuidiú ón nGarda Síochána chun an deis do thiománaithe agus oibritheoirí neamh-chomhlíontacha a laghdú maidir le seicphointí a sheachaint.

Lean cigireacht agus ionchúisimh cois bóthair ag méadú in 2012




Rinne Oifigigh Iompair an RSA 631 seiceálacha cois bóthair in 2012 – méadú 6% ar fhigiúirí 2011

Rinne an RSA 221 cás a ionchúiseamh go rathúil in 2012 – méadú 10% ar fhigiúirí 2011

## Seiceálacha ar Áitribh Oibritheoirí

Rinneadh 625 seiceáil ag áitribh oibritheoirí le linn 2012. Cuireann seiceálacha ag áitribh deiseanna ar fáil d'Oifigigh Iompair an RSA chun comhairle agus treoir a thabhairt d'oibritheoirí maidir le córais chuí chun comhlíontacht rialacha tacagraif agus amanna tiomána a eagrú agus a bhainistiú. Cé go n-oibreoidh an tÚdarás le hoibritheoirí a thaispeánann tiomantais dá mbeatha a leasú agus comhlíontacht a fheabhsú, glacfaidh an tÚdarás ionchúisimh más gá ag féachaint do chineál agus do thromchúiseacht an tsáraithe, ciontaíl agus leitheadúlacht na n-oibritheoirí maidir leis na sáruithe a bhraitear le linn imscrúduithe. Sa chás go bhfuil fianaise ar bith ann ar úsáid ionramhála tacagraif nó ar fhalsú taifead, déanfar imscrúduithe níos déine agus níos minice mar thoradh air sin.

## Rath RSA sa Chúirt — 2012

Rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 221 cás a ionchúiseamh go rathúil sna Cúirteanna Dúiche (i gcomparáid le 201 i 2011). Bhain formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa Chúirt le sáruithe ar rialacha uaireanta tiománaí, ceadúnú tacagraif agus oibritheoirí. Sna hionchúisimh a thionscnaíonn an RSA cuirtear raon fachtóirí san áireamh – cineál agus tromchúiseacht an chiona, ciontaíl, leitheadúlacht, iompar faillíoch nó toileanach an chiontóra líomhnaithe agus comhréireacht lena n-áirítear cibé acu an dtaispeánann nó nach dtaispeánann an ciontóir tiomantas láidir agus go bhfuil sé ar a chumas cloí leis na buncheanglais. Go ginearálta pléitear mionchionta trí ábhar comhairle agus treorach. Eisítear treoracha chuig oibritheoirí sa chás go bhfuil fianaise ann maidir le cionta níos tromchúisí. Glactar go dáiríre le cinneadh chun oibritheoir nó tiománaí a ionchúiseamh. Mar sin féin, is é an cás gurb é ionchúiseamh an rogha is cuí go háirithe má bhíonn fianaise ann maidir le hiompar neamh-chomhlíontach forleatach ag oibritheoir nó tiománaí leis na príomhrialacha

I gcomhthéacs an ama oibre/tiomána agus tréimhsí sosa, tá an t-oibritheoir freagrach as gníomhaíocht gach tiománaí a eagrú agus as a chinntiú go gcloítear leis na rialacha tacagraif agus amanna tiománaithe. Bhain cuid de na cásanna a ionchúisíodh go rathúil le húsáid gléasanna ionramhála tacagraif a ceapadh chun tiomáint iomarcach agus cliseadh sosanna agus scíth a ghlacadh a "chur i bhfolach". Spriocdhíreofar ar oibritheoir nó ar thiománaí ar bith a fhaightear ag úsáid gléasanna ionramhála tacagraif nó tiománaí ag falsú taifid tacagraif maidir le forfheidhmiú agus gníomh ionchúisimh. Ní cheart do thiománaí nó oibritheoir bheith ag súil le trócaire ar bith ón RSA má thionscnaítear imeachtaí maidir le calaois tacagraif. Tá torthaí chásanna an RSA foilsithe ar láithreán Gréasáin an RSA ag **www.rsa.ie/prosecutions**

## Cumarsáid

D'fhoilsigh an RSA raon d'ábhar faisnéise agus treorach chun cuidiú le hoibritheoirí cloí leis na hoibleagáidí dlíthiúla éagsúla. Lena chois sin, eagraítear seimineáir, le cumainn ionadaíocha maidir le ceanglais dhlíthiúla reatha agus úra. Tá an t-ábhar faisnéise agus treorach ar fad ar fáil ar láithreán Gréasáin an RSA. Déantar faisnéis a scaipeadh ag seiceálacha cois bóthair, cúrsaí CPC tiománaithe, seimineáir agus ar bhealaí eile. Foilsíonn an RSA ailt in irisí trádála chomh maith amhail Fleet Magazine. Tá idirchaidreamh leanúnach agus seasta idir an RSA agus na cumainn ionadaíocha éagsúla maidir le ceisteanna agus malairt faisnéise. Creideann an RSA go bhfuil na hidirghníomhaíochtaí sin riachtanach chun feabhas a chur ar thuiscint, ceisteanna buartha a phlé agus feabhas a chur ar chomhlíontacht.

## Gnéithe Straitéiseacha — Forfheidhmiú

Is é is aidhm leis an straitéis forfheidhmiúcháin fhoriomlán atá i bhfeidhm i dtaca le seiceálacha cois bóthair agus seiceálacha ag áitribh iarrachtaí forfheidhmiúcháin a spriocdhíriú ar oibritheoirí neamh-chomhlíontacha agus neamhháisiúlacht d'oibritheoirí atá géilliúil don dlí a íoslaghdú ag an am céanna.

Tá an RSA ag cur feabhais ar a chórais mhonatóireachta trína méadófar an riosca um sháruithe na rialacha a bhraith. Spriocdhíreofar ar oibritheoirí a sháraíonn na rialacha ar amanna tiomána, ceadúnú oibritheoirí tacagraif nó a oibríonn feithiclí nach bhfuil ródacmhainneach.

Tá an tÚdarás ag díriú ar na hacmhainní forfheidhmiúcháin ganna atá ar fáil dó maidir le spriocdhíriú na n-oibritheoirí ardriosca agus ag an am céanna ag coinneáil forfheidhmiú ard-infheictheachta ag seiceálacha cois bóthair agus ag oibriú le hoibritheoirí a thaispeánann tiomantas d'fheabhas a chur ar a leibhéil chomhlíontachta.

Tá idirchaidreamh leanúnach ann leis na cumainn ionadaíocha éagsúla maidir le forfheidhmiú agus fhorbairtí dlíthiúla atá ag teacht chun cinn. Ghlac an RSA páirt in imeachtaí éagsúla arna n-eagrú ag cumainn trádála lena n-áirítear tinreamh ag seimineáir agus ceardlanna.

## Tuarascálacha ó Bhaill Stáit eile maidir le sáruithe tiománaithe

Fuarthas tuarascálacha ó Bhaill Stáit eile maidir le sáruithe a rinne tiománaithe i dtaca le rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaithe agus iad ag oibriú sna Stáit sin. Déantar an fhaisnéis sin a thaifeadadh agus a úsáid chun spriocdhíriú ar oibritheoirí. Fuarthas tuarascálacha maidir le 934 tiománaí i 2012. Fuarthas formhór na dtuarascálacha sin ón Ríocht Aontaithe.

## Forbairtí Reachtacha

Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre) 2012 (I.R. Uimh. 36 de 2012) a shíniú. Tháinig na Rialacháin sin in aonad I.R. 2 de 2005 maidir le ham oibre oibritheoirí taistil. Tugann na Rialacháin úra tiománaithe féinfhostaithe faoi raon feidhme na forála sa Treoir maidir le hAm Oibre Iompair ar Bhóithre 2002/15/CE. Tá forálacha sna Rialacháin úra chomh maith ina bhfuil oibritheoir taistil i dteideal gearáin a dhéanamh le coimisiún ceart gur sháraigh fostóir an oibritheora taistil forálacha áirithe de chuid na Rialachán.

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí


## Scéim Tacagraif Dhigitigh

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach chomh maith as an Scéim Tacagraif Dhigitigh a riar thar ceann an Stáit. Ó tháinig an RSA i gceannas na feidhme sin i 2007, tá sé ag obair chun seirbhís shármhaith do chustaiméirí a chur ar fáil d'iarrthóirí i gcomhair cártaí tacagraif dhigitigh.

Tá athbhreithniú á dhéanamh go seasta ag an RSA ar a chleachtais agus ar a nósanna imeachta féin agus go háirithe na féidearthachtaí as an ualach riaracháin ar oibritheoirí agus ar thiománaithe a laghdú. Le linn 2013, rinneadh an córas tacagraif dhigitigh ar líne a fhairsingiú lena chur ar chumas oibritheoirí iarratas a dhéanamh ar chártaí cuideachta. Tá leas á bhaint anois ag tiománaithe agus oibritheoirí as an gcóras ar líne le táillí laghdaithe, agaí slánúcháin, an cumas dul chun cinn na n-iarratas ar chártaí agus íocaíochtaí ar líne a rianú. Tríd an gcóras ar líne is féidir le tiománaithe agus oibritheoirí iarratas ar chártaí a dhéanamh go gasta agus go héasca ar tháille laghdaithe de €45 i gcomparáid leis an ngnáth-tháille €60 le haghaidh iarratais pháipéir. Le linn 2012, rinneadh 74% de na hiarratais ar fad ar líne. Rinneadh 15,900 iarratas ar chártaí a phróiseáil le linn 2012 i gcomparáid le 11,583 i 2011. Sáraíodh na sprioc-agaí slánúcháin maidir le próiseáil iarratas bailí – faigheann formhór na n-iarrthóirí cártaí laistigh de dhá sheachtain anois.

Is féidir le tiománaithe agus oibritheoirí a dhéanamh iarratas ar líne bheith ag súil lena n-iarratais a bheith próiseáilte ar mhodh níos éifeachtaí ná trí na hiarratais pháipéir thraidisiúnta. Leanann an RSA de thiománaithe agus oibritheoirí a spreagadh chun an córas ar líne a úsáid d'fhonn leas a bhaint as na coigiltis atá ar fáil agus as tairbhí eile. Is féidir tuilleadh eolais faoi iarratais a dhéanamh ar líne maidir le cártaí tiománaithe agus cuideachta a fháil ag **www.rsa.ie/en/RSA/Professional-Drivers/Tachograph-cards**

Iarratais Tacagraif Dhigitigh ar Líne i gcoinne Iarratais Phoist




Tá beagnach 3 hiarrthóir as gach 4 hiarrthóir ag roghnú am & airgead a shábháil trí iarratas ar a gcárta Tacagraif Dhigitigh a dhéanamh ar líne

# 5

# Seirbhísí Comparáideacha

**Tá an RSA tiomanta do na caighdeáin is airde um rialachas corparáideach a choinneáil mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. I 2011, thionóil Bord an RSA naoi gcruinniú agus thionóil an Coiste um Iniúchóireacht Inmheánach ceithre chruinniú. Chomhaontaigh an Coiste um Iniúchóireacht Inmheánach agus Bord an RSA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí, ina gcuimsítear an tréimhse 2011. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisc air.**



## Acmhainní Daonna


Lean rannóg na n-acmhainní daonna de thacaíocht a thabhairt do na Stiúrthóireachtaí ar fad i dtaca le ceisteanna soláthair foirne, forbairt feidhmíochta, bainistíocht i leith neamhláithreachta, oiliúint, sláinte agus sábháilteachta, agus caidrimh a fhorbairt idir an fhoireann, an lucht bainistíochta agus ceardchumainn.

## Soláthair Foirne


Tá seirbhísigh shibhialta agus seirbhísigh phoiblí araon ar fhoireann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ba é 90.56 FTE (coibhéisí lánaimseartha) an leibhéal soláthair foirne amhail 31 Nollaig 2012 ag obair sna ceithre Stiúrthóireacht. D'éirigh deich nduine as an RSA i 2012

## Bainistíocht i leith Neamhláithreachta

Leanann rannóg na n-acmhainní de dhíriú ar an gceist maidir le bainistíocht i leith neamhláithreachta agus cuirtear béim faoi leith ar neamhláithreachtaí de barr saoire bhreoiteachta. Leanaimid de chásanna saoire bhreoiteachta fhadtéarmach a atreorú go dtí an Príomh-oifigeach Míochaine i ndiaidh fad tréimhse 4 seachtainí, tionólaimid "plé um fhilleadh ar an obair" le fostaithe i ndiaidh gach neamhláithreacht de bharr breoiteachta agus cuirtear tuarascáil mhionsonraithe lena n-áirítear costáil ar fáil don Bhord Stiúrthóirí ar bhonn míosúil. Chuidigh na bearta sin ar fad lenár leibhéal neamhláithreachtaí a laghdú. **Léirítear an leibhéil saoire bhreoiteachta deimhnithe (líon na laethanta iarbhír a cailleadh) i 2012 i gcomparáid le leibhéil 2011 sa léaráid seo a leanas:**





**Léirítear an leibhéil saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe (líon na laethanta iarbhír a cailleadh) i 2012 i gcomparáid le leibhéil 2011 sa léaráid seo a leanas:**



Seirbhísí Comparáideacha

**Ba ionann an costas a bhain le saoire bhreoiteachta san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2012 agus 535,908 le haghaidh na bliana, agus taispeántar dáileadh an chostais sin sa chairt seo a leanas:**




## Earcaíocht

Ní raibh earcaíocht oscailte ar bith i 2012 i ngeall ar mhoratóir soláthair foirne. Tugadh an cúram don RSA, áfach, an Tionscadal um Leasú Feithiclí Tráchtála a dhéanamh agus d'éirigh le seacht nduine in agallamh chun bheith mar fhoireann ar an tionscadal sin agus rinneadh iad a aistriú ar bhonn buan óna nÚdaráis Áitiúla faoi seach. Tugadh cúram um Thionscadal Aistrithe na gCeadúnas Tiomána (Cárta Plaisteach) don RSA chomh maith agus d'éirigh le cúig dhuine dhéag in agallamh chun bheith mar fhoireann ar an tionscadal sin agus rinneadh iad a aistriú ar bhonn buan óna nÚdaráis Áitiúla faoi seach. Cuirfidh an RSA an próiseas sin i gcrích i 2013 ar aon dul leis an gCreat maidir le Rialú Fostaíochta.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn rannóg na n-acmhainní daonna le Ceardchumainn agus le hionadaithe foirne chun caidreamh maith oibre a bhaint amach agus tá sí tiomanta do thimpeallacht caidrimh thionsclaíoch mhaith a chur chun cinn tríd an gComhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch.

## Sláinte agus Sábháilteacht




Leanann foireann an RSA d'oiliúint a fháil agus tugtar oiliúint athnuachana dóibh maidir le gach réimse sláinte agus sábháilteachta amhail Sábháilteacht Dóiteáin, CPR agus AED, Comharthaíocht, Soilsiú agus Cosaint (ag seiceálacha cois bóthair) agus láimhsiú sábháilte. Cuireadh oiliúint ar roinnt bhaill foirne an RSA mar theagascóirí agus soláthróidh siad oiliúint inmheánach don chuid eile dár bhfoirne. D'éirigh leis an aonad sláinte agus sábháilteachta i gcomhar leis an bhfoireann IMS 3 dhámhachtain um Chaighdeáin NSAI a bhaint amach don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2011 (ISO 1900 Bainistíocht Cáilíochta, OHSAS 18001 Sláinte agus Sábháilteacht agus ISO 14001 Bainistíocht ar an gComhshaol). Is é an RSA an chéad chomhlacht seirbhísí poiblí in Éirinn leis na 3 chaighdeán ar bhfuil aitheanta idirnáisiúnta go léir a bheith acu. Coinníodh na 3 chaighdeán ar fad i 2012.

## An Rannán Airgeadais

Is é príomhfheidhm an Rannáin Airgeadais a chinntiú go bhfuil riarachán láidir airgeadais ag an Údarás de réir timpeallacht láidir rialaithe inmheánaigh.

**Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna a fheidhmítear i rannán airgeadais an Údaráis:**

- **Pleanáil Ghnó & Rialú Buiséadach;**
- **Tuairisciú Airgeadais & Rialála;**
- **Comhlíontacht i dtaca le hIniúchtaí Seachtracha & Inmheánacha;**
- **Rialú Airgeadais i dtaca le párolla, taisteal & liúntas cothaithe, próiseáil íocaíochtaí agus soláthar;**
- **Státchiste & Bainistíocht Airgid;**
- **Aitheantas Ioncam Ioncam Neamh-Státchiste an Údaráis;**
- **Bainistíocht ar Leithdháileadh Státchiste an Údaráis;**
- **Comhlíontacht maidir le Cánacha;**
- **Bainistíocht ar shraith iomlán Ceanglas maidir le Rialachas Corparáideach.**

**I 2012, bhain Rannán Airgeadais an Údaráis an méid seo a leanas amach:**

- **Beartas maidir le Bainistíocht ar Chalaois;**
- **Beartas Pleanála Buiséid agus Gnó,**

Cur i gcrích Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar an Ráiteas Airgeadais 2011 le haghaidh na bliana go dtí 31 Nollaig 2011 le léiriú tuairim ghlan iniúchóireachta. Chomh maith leis an obair sin, lean an Rannán Airgeadais a chuid oibre maidir le riosca gnó oibriúcháin i 2012. D'athraigh an tÚdarás formáid agus struchtúr a Chlárlainne Riosca lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar an gCatagóiriú Riosca a bhí ann cheana chun na rioscaí a dhéanamh níos ábhartha don Údarás agus chun dúbláil na rioscaí sa chlárlann a laghdú. Réimse eile a bhí ann ná rioscaí tras-eagraíochta a thabhairt isteach.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

**Le 2012, díríodh sa rannóg TFC ar na trí réimse seo a leanas go príomha:**

- **Tionscadail a chur i gcrích de réir an phlean gnó;**
- **Feabhas a chur ar an tseirbhís a bhí á soláthar cheana do chustaiméirí an RSA laistigh agus lasmuigh den Eagraíocht araon;**
- **Réitigh theicniúla a shainaithint agus a sheachadadh chun coigiltis chostais a éascú.**

## Tionscadail a Seachadadh i 2011

1. **Leictreonghabháil Sonraí**
   Plean agus amlínte an tionscadail comhaontaithe agus sainithe chun seachadadh sceidealaithe in UAT a chur ar fáil faoi mhí Dheireadh Fómhair. Rinneadh é sin a sheachadadh agus tá an dara atriall á déanamh air agus déanfar é a chur i bhfeidhm i ráithe 1/ráithe 2 2013.

2. **27001/Cruachan slándála agus freastalaí**
   Tá aonad ilfhreastail maidir le bainistíocht slándála, bainistíocht teagmhas agus monatóireacht réamhghníomhach curtha ar fáil le cur i bhfeidhm an fhreastalaí SCOM.

3. **Comhtháthú IBT/EDT agus nuashonrú ar chóras ADI**
   Sraith de 6 cheardlann theicniúla a thionólfar le páirtithe leasmhara gnó sna 7 seachtainí i 2012, tabharfar an tsonraíocht theicniúil agus cuirfear ainm leis an bplean tionscadail ina dhiaidh sin. Déanfar é sin a sheachadadh i 5 chéim, seachadadh céim a haon i mí na Nollag 2012 agus seachadfar na chéad cheithre chéim eile i 2013.

4. **Barrfheabhsú an Ghréasáin**
   Cur i bhfeidhm crua-earraí i mBéal an Átha curtha i gcrích i gCéim 1 i ráithe 1. Cur i bhfeidhm crua-earraí i mBaile Locha Riabach curtha i gcrích i gCéim 2 i ráithe 2. Mar thoradh air sin cuireadh deireadh le fadhbanna bandaleithid idir an dá láithreán agus cuireadh ar ár gcumas QoS a chur i bhfeidhm ar ár dtrácht gutha a chiallaíonn nach bhfuil glaonna 'briste' ina bhfadhb níos mó.

5. **Scaoileadh DTAS**
   Seachadadh Scaoileadh 3 sa timpeallacht bheo i ráithe 2, uathoibríonn sé sin comhtháthú leis an gcóras EDT agus forfheidhmítear an riail sé mhí go huathoibríoch (seiceáil láimhe de réir amhairc a rinne an tástálaí). Scaoileadh Scaoileadh 3.1 i ráithe 4 ag réiteach roinnt mionfhabhtanna agus ag uathoibriú bhainistíocht na dtástálacha CPC a láimhseáladh de láimh roimhe sin.

6. **Uasghrádú ar RHE RAS**
   Scaoileadh úr le haghaidh sheirbhís RHE RAS lena ailíniú le hAthruithe ar threoracha an AE agus a seachadadh i mí na Bealtaine 2012.

7. **Uasghrádú Líne Digi Tacho**

   - **Cuireadh scaoileadh úr chun cártaí cuideachtaí agus malairtí tiománaithe a ionchorprú go hiomlán beo i mí an Mheithimh;**
   - **Feabhas ar an tSeirbhís do Chustaiméirí.**



8. **CoVIS**
   Tacú le gnó san athbhreithniú ar gach doiciméad tionscadail teicniúil (ainm curtha le doiciméid HDL agus straitéise).

9. **Bainistíocht gléasanna móibíleacha (MDM)**
   De réir mar atá fóin chliste/táibléid anois mar chuid dár ngnáthfhoireann uirlisí crua-earraí is léir go bhfuil gá le MDM a thabhairt isteach chun na gléasanna agus na sonraí atá stóráilte iontu a bhainistiú agus a chosaint. Chun sin a éascú cuireadh réiteach óstáilte ar a dtugtar 'Mobile Iron' i bhfeidhm i ráithe 4 agus cuireann sé sin ar ár gcumas:

   - **Na sonraí ar fad atá coinnithe ar an ngléas a chriptiú;**
   - **An gléas a chianghlanadh sa chás go gcaillfí nó go ngoidfí é;**
   - **Beartas slándála a fhorfheidhmiú ar na gléasanna;**
   - **Feidhmchláir atá suiteáilte ar na gléasanna a bhainistiú trí liostaí dubha agus liostaí bána.**

**10. Cianrochtain ar NDVF**
Seachadadh cianrochtain ar NDVE (trí Citrix) ar an NDVF le haghaidh cuardaigh cheadúnas ag cur as an áireamh an gá le ríomhairí pearsanta ar leithligh a bheith ag reáchtáil ar líonra ar leithligh. Chuir sé sin ar chumas an CCC na glaonna a láimhseáil go díreach seachas iad a atreorú go dtí an rannán ceadúnúcháin.

**11. Raon A le haghaidh NDLS**
Rinneadh na riachtanais theicniúla le haghaidh raon A a sheachadadh in am i ráithe 4 chun tacú le giniúint cártaí plaisteacha i mí Eanáir 2013.

## Feabhas ar an tSeirbhís do Chustaiméirí

**1. Custaiméirí seachtracha**
Rinneadh feabhsuithe a éascú trí TFC ar an tseirbhís do chustaiméirí a sheachadann an RSA. Baineadh é sin amach trí:

- Feabhas a chur ar an gcóras taifeadta glaonna chuig an Ionad Cúram Custaiméirí chun rochtain níos fearr a thabhairt i gcomhair oiliúna agus monatóireachta;
- Rinneamar ár gCóras bainistíochta cumarsáide a leathnú chomh maith chun freastal ar chineálacha breise cumarsáide (Aiseolas dearfach agus iarratais ar fhaisnéis phoiblí Fhoirmiúil);
- A chinntiú go bhfuil an Rochtain ar shonraí leictreonacha/ar fhaisnéis leictreonach curtha isteach i ngach tionscadal a sheachadtar (tairseach MYEDT chun cur ar chumas tiománaithe óga a ngníomhaíocht EDT féin a bhainistiú, feabhas ar fhéinsceidealú DTAS chuig baill den phobal chun a dtástáil a chur ar ceal/a athsceidealú;
- Feabhas curtha ar ghnéithe/naiscleanúint dár láithreáin Ghréasáin agus méadú suntasach i ngníomhaíocht mar a thaispeántar thíos mar thoradh air.

| Gníomhaíocht | 2011 | 2012 |
|---|---|---|
| Líon na gcuairteanna uathúla | 863,455 | 1,006,040 |
| Líon comhlán cuairteanna | 511,261 | 1,666,195 |
| Amhairc Leathanach | 4,200,363 | 7,268,584 |
| Meanamhairc Leathanach in aghaidh an chuairteora | 4.86 | 4.36 |

**2. Custaiméirí Inmheánachar**
Dhírigh TFC ar líon tionscnamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais ár gcustaiméirí inmheánacha agus chun feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse a sheachadtar. Áiríodh orthu siúd:

- Suirbhéanna ar Shástacht Custaiméirí – I ndiaidh suirbhéanna randamacha gan ainm luaite leo a reáchtáil rinneadh na torthaí a thiomsú agus cuireadh tuairisc isteach chuig an mbainistíocht shinsearach. Comhaontaíodh liosta gníomhartha leis an bhfoireann TFC agus táthar á gcur i bhfeidhm;
- Clinic buail isteach do chustaiméirí inár bpríomhoifigí chun teicneolaíochtaí úra a thaispeáint agus seisiúin ghinearálta ceisteanna coitianta a thionól;
- Seomra oiliúna TFC tiomanta inmheánach a sholáthar;
- Cúrsa oiliúna athnuachana CMS a chur i bhfeidhm do gach úsáideoir;
- Láthair féinseirbhíse a thabhairt isteach ar an Inlíon chun cur ar chumas úsáideoirí raon gníomhaíochtaí a dhéanamh iad féin a bhaineann le TFC (ó phrintéir úr a chur ar a ríomhaire go dtí treoracha eolais maidir le Sharepoint a úsáid srl.);
- Clár athnuachana crua-earraí a chur i bhfeidhm, go dtí seo rinneadh os cionn 80 ríomhaire glúine agus deasca a athsholáthar.

## Tionscnaimh chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus costais a laghdú

1. **Cur i bhfeidhm leanúnach na físchomhdhála**
   Cuireadh láithreáin bhreise ar bun agus soláthraíodh oiliúint.

2. **Rochtain ar Fhéilire Outlook**
   Cur i bhfeidhm crua-earraí lena chinntiú go bhfuil rochtain ag baill foirne uile an RSA ar fhéiliri leictreonacha agus go bhfuil oiliúint acu maidir leo.

3. **Modhanna modhnaithe soláthair**
   Úsáid comhaontuithe creata lárnaithe chun crua-earraí a cheannach agus suas le 30% coigiltis ar cheannacháin mhóra crua-earraí mar thoradh air sin.

4. **Úsáid teicneolaíochtaí úra**
   Mar shampla, treoirthionscadal le húsáid VI/TO de ghléasanna láimhe le haghaidh iontráil sonraí chun sonraí tiománaithe/feithiclí a sheiceáil. Cuireadh é sin i gcrích i 2012 agus cuirfidh foireann ábhartha i bhfeidhm é in 2013. Cuirfidh sé an gá le hiontráil dubáilte de na gabháilsonraí a chur san áireamh.






# Bainistíocht Eastáit

## Áitreabh Oifigí

Feidhmíonn an RSA ag 50 suíomh ar fud na tíre. Úsáideann an RSA seirbhísí Oifig na nOibreacha Poiblí (OWP) mar a sholáthraí cóiríochta. Tá an OPW bainteach ina réasúnaíocht leanúnach maidir lena eastát agus tá an RSA ag comhoibriú leo chun cóiríocht oifige atá oiriúnach don fheidhm a fháil ar an gcostas is ísle atá ar fáil.

I ndiaidh chinneadh an Aire go raibh seachadadh na seirbhíse um thástáil tiománaithe le bheith ina fheidhm de chuid an RSA fós, rinne Seirbhís um Thástáil Tiománaithe an RSA athbhreithniú ar a riachtanais chóiríochta. Ba é ba chuspóir leis an athbhreithniú sin cinneadh a dhéanamh ar conas freastal níos fearr ar an bpobal sa timpeallacht eacnamaíoch dheacair reatha agus ag an am céanna an riachtanas a chomhlíonadh maidir leis an gcostas ar an Stát i dtaca le seachadadh seirbhísí poiblí a laghdú trína chaiteachas ar an eastát. I mí Iúil 2012, d'fhaomh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITAS) tograí an RSA. Chuir an RSA tús le plé leis an OPW chun pleananna a fhorbairt chun 9 nIonad Tástála gach Catagóire agus 7 nIonad Tástála Idirmheánaí a fhorbairt ag suíomhanna éagsúla ar fud na tíre.

I mí Lúnasa 2012 dhún an RSA an t-ionad tástála tiomána ag Baile an Teampaill i mBaile Átha Cliath. Ní raibh an t-áitreabh oiriúnach don fheidhm a thuilleadh agus de bharr go raibh an léas éagtha fuarthas an deis an t-áitiú a scor. Aistríodh na hoibríochtaí ag an ionad go dtí ionad tástála Ráth Garbh atá cóngarach dó.

Le linn 2012 rinne an RSA athchóiriú ar ionad tástála Thamhlacht ionas go mbeadh sé ar chaighdeán cuí chun freastal ar riachtanais na gcliant agus na foirne araon. Rinneadh oifigí an RSA i Sráid Bowes, Baile Átha Cliath a athchóiriú chomh maith ionas go mbeadh sé níos inúsáidte trí mhéid na seomraí comhdhála a laghdú agus spás breise oifige a chruthú.

Ag ceanncheathrú Bhéal an Átha bhí gá le spás oiriúnach a chruthú le haghaidh an tionscadail um Cheadúnais Tiomána maidir leis na baill foirne bhreise a bhí á n-ath-imlonnú ó údaráis áitiúla. Chun na críche sin rinneadh spás a atheagrú d'fhoireann riaracháin na tástála tiománaithe agus d'fhoireann um cheadúnú tiománaithe mar aon le hoifigí úra a thógáil.

Ag ár n-oifigí i mBaile Locha Riabhach, leanadh den fhadhb maidir le dianphlódú agus neamhoiriúnacht ghinearálta Theach Chluain Fhearta ina leagan amach reatha. I ndiaidh cruinnithe i mí Dheireadh Fómhair, d'aontaigh an OPW pleananna a ullmhú chun na foirgnimh a athchumrú chun freastal níos fearr ar riachtanais a áititheoirí, lena n-áirítear oifig dhíláraithe an RITAS.

Le linn 2012 chomh maith rinne an RSA comhaontú le Staidiam Con Chorcaí chun cead a fháil a shaoráid a úsáid ag Páirc an Churraichín chun na hinlíochtaí is gá i gcomhair tástáil HGV a dhéanamh. Gan é sin, ní bheadh an RSA ábalta leanúint de thástáil dá leithéid a sholáthar i gCorcaigh de bharr neamhoiriúnacht ár n-ionaid tástála reatha ag feitheamh ar ionad Tástála gach Catagóire don Chathair.

Le linn 2012 chuir an tseirbhís Tástála Tiománaithe oiliúint ar bun do thástálaithe Rothair le Rothar ag Fionnghlas i mBaile Átha Cliath. Fuair an RSA spás stórála oiriúnach le haghaidh na ngluaisrothar cóngarach d'ionad tástála Fhionnghlas.

## Saoráil Faisnéise

Ní dhearnadh an reachtaíocht chun na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise a fhairsingiú chun an RSA a chur san áireamh a rith go fóill. Ar feitheamh fhairsingiú na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, chinn an RSA a ghnó a chur i gcrích ar mhodh atá chomh oscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir. Le linn 2102 láimhseáil an RSA 3 hiarratas maidir le Saoráil Faisnéise. Ina theannta sin fuair agus dhéileáil an RSA le 1 iarratas ar fhaisnéis a rinneadh faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, 2007.

## Cosaint Sonraí

Le linn 2011 fuair agus dhéileáil an RSA le 1 hiarratas ar Rochtain Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Flít an RSA

Feidhmíonn an RSA flít feithiclí chun riachtanais oibriúcháin a stiúrthóireachtaí éagsúla a chomhlíonadh. I 2012 fuair an RSA 4 veain bhreise, a soláthraíodh tríd an NPS, chun a bhflít fhorfheidhmiúcháin a mhéadú go dtí 6 veain agus soláthar a dhéanamh i gcomhair leibhéal méadaithe seiceálacha comhlíontachta.

Le linn 2012, fuair an RSA 2 charr bhreise, a fuarthas le conradh íostarraingthe NPS, le húsáid mar chuid dá 'bhfeithiclí i bpáirt' lena na n-úsáid ag foireann an RSA atá bunaithe i gceanncheathrú chun taisteal ar ghnó oifigiúil. Féachtar sa tionscnamh sin le leibhéal na gcostas taistil a íoctar leis an bhfoireann sa chás go gcaithfidh siad taisteal ar ghnó oifigiúil a laghdú.

## Úsáid Fuinnimh

I mí Iúil 2012 cuireadh an RSA san áireamh faoi Chomhaontú Creata an NPS maidir le Soláthar Leictreachais don rialtas áitiúil do gach ceann dá 50 suíomh ar fud na tíre. Laghdóidh sé sin an costas ar an RSA maidir le soláthar leictreachais.

## Overview of Energy Usage i 2012

I 2012 d'ídigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (foirgneamh cheanncheathrú Bhéal an Átha) 460.68 MWh fuinneamh, a chuimsigh:

- 457.64 MWh leictreachas
- 3.049 MWh breoslaí iontaise

## Gníomhartha a rinneadh i 2012

**I 2012 d'fhéach an RSA le feabhas a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh trí:**

- Oideachas agus cur chun cinn Feasacht Fuinnimh don fhoireann bunaithe in oifigí;
- Foireann Ghlas a bhunú;
- Airteagail um fheasacht ar an gcomhshaol a ionchorprú lena gcuimsiú san iris inmheánach agus sna foilseacháin inmheánacha;
- Sprioc a leagan amach chun an t-ídiú foriomlán fuinnimh a laghdú (i bhfoirgnimh na ceanncheathrún) le 1% ar a laghad in aghaidh na bliana, ag glacadh 2012 mar bhonnlíne;
- A chinntiú go mbreathnaítear ar roghanna um úsáid atá coigilteach ar fhuinnimh/ísealchostas fuinnimh a cheannach maidir le gach trealamh agus feisteas leictreach;
- A chinntiú go ndéantar trealamh neamhriachtanach a mhúchadh ag deireadh gach lae oibre agus ag an deireadh seachtaine agus ag tréimhsí sínte dúnta oifige.

Ní féidir na coigiltis mar thoradh air sin a chainníochtú ach tá an tairbhe le fáil san fheasacht mhéadaithe ar fhuinneamh.

## Gníomhartha atá beartaithe le haghaidh 2013

I 2013 tá sé beartaithe ag an RSA tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh



- Tiomantas leanúnach d'fheachtas coigilte fuinnimh an OWP um Chumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú;
- Córas céimneach a chur i bhfeidhm maidir le héifeachtacht fuinnimh agus oibríochtaí an RSA a 'ghlasú';
- Oideachas agus cur chun cinn méadaithe maidir le Feasacht Fuinnimh don fhoireann go léir mar thoradh ar dheimhniú ISO 14001 a bhaint amach;
- Tionscnaimh atá ar bun cheana i bhfoirgnimh na ceanncheathrún a chur i bhfeidhm in ionaid tástála tiomána níos mó.

## Creidiúnú ISO:

I ndiaidh iniúchadh faireachais a rinne an NSAI i mí na Nollag, 2012, choinnigh an RSA a dheimhniú maidir leis na trí chaighdeán idirnáisiúnta seo a leanas:

**SO 9001:2008 (Córas Bainistíochta Cáilíochta)**

- ISO 14001:2004 (Córas Bainistíochta Comhshaoil)
- OHSAS 18001:2007 (Córas Bainistíochta na Sláinte agus na Sábháilteachta Ceirde)

maidir le seirbhísí a sholáthraíonn an RSA agus a tugadh dó

Bhain an RSA deimhniú amach i dtosach i ndiaidh iniúchadh NSAI i mí na Samhna, 2011 agus bhronn an Taoiseach, an tUasal Enda Kenny, T.D., na deimhnithe ar an RSA ag searmanas a tionóladh i mBéal an Átha an 27 Feabhra, 2012.

# Aguísín

**Sliocht As Ráitis Airgeadais An RSA**
**Le Haghaidh Na Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2012**


| | |
|---|---|
| 116 | Faisnéis Ghinearálta |
| 117 | Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Údaráis |
| 117 | Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais |
| 119 | Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta |
| 121 | An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais |
| 122 | Clár Comhardaithe |
| 123 | Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais |

## Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha<br>Co. Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Noel Brett - Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Simon Buckley – an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha<br>An Iníon Denise Barry – an Stiúrthóir Forfheidhmiúcháin<br>An tUasal Declan Naughton – an Stiúrthóir um Thástáil Tiomána<br>An tUasal Michael Rowland – an Stiúrthóir um |
| **Baill an Bhoird** | An tUasal Gay Byrne – Cathaoirleach<br>An Iníon Áine Cornally<br>An Iníon Myra Garrett<br>An tUasal Aaron MacHale<br>An tUasal Eddie Rock<br>An tUasal Ronan Melvin<br>An Iníon Áine Carroll<br>An tUasal Sean Finan |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann, Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2 |

**www.rsa.ie**

Aguisín

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Údaráis

In Alt 29 den Acht um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006, ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin cuntas a ullmhú agus i ndiaidh faomhadh a fháil ón mBord iad sin a chur isteach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh

**Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an údarás:**

- **Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;**
- **Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;**
- **Na cuntais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an tÚdarás i mbun gnó;**
- **Imeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.**

Tá na Príomhfheidhmeannach freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil, ina nochtar a staid airgeadais le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith agus ina gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart, go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath in am tráthúil. Agus éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais á breathnú, féachann an tÚdarás agus an Coiste Iniúchóireachta do cheanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

**Tá bearta déanta ag an Údarás lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:**

- **Freagrachtaí, údarás agus cuntasacht bainistíochta a shainiú go soiléir;**
- **Nósanna imeachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht agus ar chosaint sócmhainní;**
- **Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.**

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat tuairiscithe bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta lena n-áirítear;

- **Córas tuairiscithe airgeadais a úsáid go fairsing ar fud na hearnála poiblí;**
- **Creat bliantúil foirmiúil pleanála gnó agus buiséad;**
- **Athbhreithniú ag an mBord ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil.**

**Aguísín**

Maidir le 2012 agus ioncam ón Státchiste a aithníodh, d'aontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Leibhéal Seirbhíse maidir le soláthar seirbhísí ag an Údarás agus Meabhrán Tuisceana le haghaidh 2012, trínar rialaíodh tarraingt anuas ioncam an Státchiste lena chinntiú gur tarraingíodh anuas é de réir mar a bhí gá leis amháin.

Bíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais mar bhonn eolais ag monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

I 2012, rinneadh na hIniúchtaí Inmheánacha a leanas agus rinneadh iad a thuairisciú do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis;

- **Rinneadh iniúchadh ar Inniúlacht TFC i mí Feabhra 2012;**
- **Rinneadh Iniúchadh ar shocruithe um Acmhainní Daonna agus Pleanáil Chomharbais an Údaráis i mí Iúil 2012;**
- **Rinneadh Iniúchadh ar bheartas agus nósanna imeachta an Údaráis maidir le Cosaint Sonraí i mí Iúil 2012;**
- **Rinneadh Iniúchadh ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2012;**
- **Rinneadh Iniúchadh athleanúna ar na Socruithe um Rialachas Corparáideach san Údarás i mí Dheireadh Fómhair 2012;**
- **Rinneadh Iniúchadh athleanúna ar phróiseas um Bainistíocht Riosca an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair 2012.**

Chomh maith leis an obair seo, lean an tÚdarás dá obair i dtaca le riosca gnó oibriúcháin i 2012. D'athraigh an tÚdarás formáid agus struchtúr a Chlárlainne Riosca lena n-áirítear athrú a dhéanamh ar an gCatagóir reatha Riosca chun na rioscaí a dhéanamh níos ábhartha don Údarás agus chun dúbailt na rioscaí sa chlárlann a laghdú. Réimse eile a bhí ann ná rioscaí ar fud na heagraíochta a thabhairt isteach.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shraith doiciméid próiseas Rialaithe Airgeadais lena chinntiú go raibh siad suas chun dáta agus ábhartha i 2012. Chruthaigh an tÚdarás dhá bheartas airgeadais úra chomh maith i 2012 agus ba iad seo a leanas iad;

- **Beartas um Bainistíocht Calaoise**
- **Beartas um Pleanáil Buiséad agus Gnó**

Admhaím go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais i 2012.

Aguísín

## Statement of Accounting Policies

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:

**An Bunús le Cuntasaíocht**
Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú faoin modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin mar atá léirithe thíos, agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo faoi choinbhinsiúin an chostais stairiúil. Glactar leis na caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a éiríonn siad infheidhme. Cuireann an tÚdarás na ráitis airgeadais agus tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair de réir Alt 29 den Acht um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

**Deontas Stáit**
Léiríonn an Deontas Stáit sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na méideanna a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le linn na bliana.

**Ioncam Eile**
Léiríonn Ioncam eile ioncam a ghin an tÚdarás. De réir an Achta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 agus Ordú an Achta um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006 (Feidhmeanna a Thabhairt) – Ionstraim Reachtúil 488 de 2006, is iad na príomhghnéithe Táillí Tástála Tiomána, Tobhach na Tástála Náisiúnta Carranna, fáltais Tacagraf Digiteach agus méideanna eile a eascraíonn trí chláir agus trí fheachtais an Údaráis. Aithnítear táillí maidir le Tástáil Tacagraf Digiteach agus Tástálacha Teagascóir Tiomána Faofa ar bhonn fáltas airgid thirim.

Aithnítear gach ioncam lena n-áirítear Táillí i gcomhair Tástálacha Tiomána faoin modh fabhraithe cuntasaíochta.

**Sócmhainní Inláimhsithe**
Sonraítear sócmhainní seasta ag a gcostais stairiúla lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais de réir méid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe dá luach iarmharach, thar a saolréanna úsáideacha eacnamaíocha;

| | |
|---|---|
| Feabhsuithe ar Léasacht | 20 bliain |
| Daingneáin & Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Trealamh Sainiúil & Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhme | 3 bliana |

Aguísín

## Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta

**Cuntas Caipitil**
Is ionann iarmhéid an Chuntais Chaipitil agus luach gan imiúchadh an ioncaim a cuireadh i bhfeidhm chun críche caiteachais.

**Airgeadraí Eachtracha**
Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro le linn na tréimhse ar an ráta a bhíonn i réim lá an idirbhirt agus cuimsítear iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta an chláir chomhardaithe agus cuimsítear gnóthachain agus caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse.

**Pinsin na mBall Foirne**
Tá 161 ball foirne i scéim pinsean na státseirbhíse agus ní mheastar cuí é go n-áirítear na dliteanais phinsean le haghaidh na státseirbhíseach siúd i ráitis airgeadais an Údaráis. Tá ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfeidhm do na baill foirne eile go léir a thosaigh san Údarás trí chomórtais sheachtracha agus trí mhodhanna eile. Amhail 31 Nollaig 2012, bhí 169 ball foirne leis an stádas sin.

Déantar foráil in Alt 20 den Acht um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 i leith bunú Scéim Aoisliúntais ag an Údarás. Tá an scéim sin á feidhmiú ag an Údarás ar bhonn riaracháin ar feitheamh ar fhaomhadh ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Scéim sochair shainithe is ea an scéim a mhaoinítear ar bhonn bliantúil ar bhonn ‘íoc mar a úsáidtear’ ó airgead atá ar fáil di lena n-áirítear airgead a chur an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil.

Déantar dliteanais scéim pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh réamh-mheasta an aonaid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna dtuilleadh ag na fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne atá inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsean mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a fhuascailt.

Tá gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime léirithe sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Achtúireacha Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is ionann dliteanais phinsean agus luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsean iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le fáil ar ais i dtréimhse amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Aguísín

## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
## Le haghaidh na Bliana dar Críoch 31 Nollaig 2012

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas Stáit | 13,662,000 | 12,039,000 |
| | | |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | (2,019,463) | (849,751) |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh | 1,867,000 | 1,488,000 |
| Ioncam Eile | 29,791,229 | 27,169,280 |
| | **43,300,766** | **39,846,529** |
| | | |
| Costais Foirne | (17,511,328) | (17,275,026) |
| Comhairle Theicniúil | (1,241,205) | (600,917) |
| Costais Riaracháin | (3,462,944) | (4,041,418) |
| Costais na gClár | (15,830,788) | (13,603,507) |
| Costais Phinsean | (1,948,000) | (1,651,000) |
| Dímheas | (1,188,993) | (1,189,236) |
| | **(41,183,258)** | **(38,361,104)** |
| | | |
| **Barrachas le haghaidh na Bliana** | **2,117,508** | **1,485,425** |
| | | |
| **Iarmhéid amhail 1 Eanáir** | **16,413,885** | **14,928,460** |
| | | |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig** | **18,531,393** | **16,413,885** |

Aguisín

## Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2012

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 4,383,940 | 2,364,477 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 25,569,081 | 22,832,616 |
| Féichiúnaithe agus Ioncam | 334,057 | 785,679 |
| Stoc | — | 127,091 |
| Réamhíocaíochtaí | 203,495 | 188,015 |
| | **26,106,633** | **23,933,401** |
| | | |
| **Crediúnaithe (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (7,575,240) | (7,519,516) |
| **Glansócmhainní (Glandliteanais) Reatha** | **18,531,393** | **16,413,885** |
| | | |
| **Iomlán Sócmhainní roimh Phinsin** | **22,915,333** | **18,778,362** |
| | | |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsean | 30,496,000 | 21,600,000 |
| Dliteanais Phinsean | (30,496,000) | (21,600,000) |
| **Iomlán Glansócmhainní** | **22,915,333** | **18,778,362** |
| | | |
| **Ionadaithe ag** | | |
| **Cuntas Caipitil** | 4,383,940 | 2,364,477 |
| **Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais** | 18,531,393 | 16,413,885 |
| | **22,915,333** | **18,778,362** |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Le haghaidh na Bliana dar Críoch 31 Nollaig 2012

## Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 153,885 | 153,885 |
| Aoisliúntas | 15,907 | 15,907 |
| ÁSPC Fostaithe | 14,399 | 14,399 |
| **Iomlán** | **184,191** | **184,191** |

Níl níos mó teidlíochtaí pinsin ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ná atá sna gnáthchaighdeáin i samhail scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin fostaithe faoi shocrú iasachta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláine (FSS) a íocann a thuarastal. Íocadh na méideanna a nochtadh thuas leis an FSS mar aisíocaíocht tuarastail agus mar ranníocaíocht le costais aoisliúntais. Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht i 2011 nó i 2012.

## Díolaíochtaí na Stiúrthóirí

| **Díolaíochtaí na Stiúrthóirí** | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUasal Gay Byrne | 12,600 | 12,600 |
| **Board Members** | | |
| An Iníon Áine Cornally | 8,100 | 8,100 |
| An Iníon Myra Garrett | 8,100 | 8,100 |
| An tUasal Aaron McHale | 8,100 | 8,100 |
| An tUasal Thomas Kelly* | — | 5,701 |
| An Iníon Ann McGuinness* | — | 5,701 |
| An tUasal Tony McNamara* | — | 5,701 |
| An tUasal John O'Gorman* | — | 5,701 |
| An tUasal Paul Haran* | — | — |
| An tUasal Eddie Rock | 8,100 | 2,399 |
| An tUasal Ronan Melvin | 8,100 | 2,399 |
| An tUasal Sean Finan | 8,100 | 2,399 |
| An Iníon Áine Carroll | — | — |
| **Iomlán** | **61,200** | **66,901** |

An 13 Meán Fómhair 2011, d'éag téarma chéad Bhord an Údaráis. Bunaíodh Bord úr Údaráis ón 14 Meán Fómhair 2011. Is ionann ainmneacha Bhaill an Bhoird a luadh thuas (5) agus a bhfuil réiltín lena n-ainm agus baill nár athnuadh a mballraíocht ar an mBord an 14 Meán Fómhair agus ar cuireadh ceithre Bhall Boird úra ina n-ionad.

## Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
## Le haghaidh na Bliana dar Críoch 31 Nollaig 2012

D'íoc an tÚdarás na costais taistil agus liúntas cothaithe seo a leanas le Baill an Bhoird;

**Speansais Stiúrthóirí**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal | — | 5,661 |
| Liúntas Cothaithe | 57 | 1,495 |
| **Iomlán** | **57** | **7,156** |

I 2012, tionóladh aon déag (11) cruinniú Boird (2011, 9 gcruinniú Boird). De réir Alt 3.8 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 déanta miondealú sa tábla seo a leanas ar thinreamh gach Baill Bhoird i 2012.

**Taifead Tinrimh na Stiúrthóirí**

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | | |
| **An tUasal Gay Byrne** | **11** | **9** |
| | | |
| **Baill an Bhoird** | | |
| **An Iníon Áine Cornally** | **10** | **8** |
| **An Iníon Myra Garrett** | **11** | **8** |
| **An tUasal Aaron McHale** | **9** | **8** |
| **An tUasal Eddie Rock*** | **10** | **2** |
| **An tUasal Ronan Melvin*** | **11** | **2** |
| **An tUasal Sean Finan*** | **11** | **2** |
| **An Iníon Áine Carroll*** | **8** | **2** |

Thosaigh na Baill Bhoird siúd a bhfuil réiltín lena n-ainm mar bhaill úra de chuid an Bhoird ón 14 Meán Fómhair 2011.

# Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| AEBS | Ardchórais Choscánaithe Éigeandála |
| ADI | Teagascóir Tiomána Faofa |
| ADR | Iompar Earraí Contúirteacha |
| AGS | An Garda Síochána |
| ANPR | Córas Uathaitheanta Uimhirphlátaí |
| BAC | An Cion Alcóil san Fhuil |
| BV | Bureau Veritas |
| ICC | Ionad Cúram Custaiméirí |
| CoVIS | Córas Faisnéise um Fheithiclí Tráchtála |
| CSPE | Oideachas Sibhialta, Sóisialta agus Polaitiúil |
| CVR | Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála |
| CVT | Tástáil Feithiclí Tráchtála |
| DPS | Córas Pointí Míthuillteanais |
| CPC | Tiománaithe Deimhniú Inniúlacht Ghairmiúil an Tiománaí |
| RITS | An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt |
| EBS | Córas Coiscthe Leictreonach |
| ECWVTA | Cineálcheadú Feithicle na gComhphobal Eorpach |
| EDT | Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe |
| ESC | Córas Leictreonach Rialaithe Cobhsaíochta |
| CSIE | Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa |
| FAI | Cumann Peile na hÉireann |
| FERSI | Fóram Institiúidí Taighde Eorpacha um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| FTE | Coibhéisí Lánaimseartha |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| OF | Ollmheáchain Feithicle |
| HLD | Dearadh Ardleibhéal |
| HR | Acmhainní Daonna |
| HSA | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IBT | Bunoiliúint Tosaigh |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| INAB | Bord Naisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú |
| IRC | Comhairle an Chaidrimh Thionsclaíoch |
| IRFU | Cumann Rugbaí na hÉireann |
| IRTAD | An Bunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Thrácht agus Timpistí Bóthair |
| ITF | Fóram Iompair Idirnáisiúnta |
| LDW | Córas Rabhaidh Fágála Lána |
| MDM | Bainistíocht Gléasanna Móibíleacha |
| MOU | Meabhrán Tuisceana |
| MTO | Oifigí Mótarchánach |
| TNG | An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán |
| STNG | An tSeirbhís um Thástáil Náisiúnta Gluaisteán |
| NDLS | An tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiománaithe |
| NNC | Club gan Ainm |
| NRA | An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre |
| NSAI | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann |

**Acrainmneacha**

| | |
|---|---|
| NVDF | An Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe |
| ECFE | An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OPW | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| RAS | Freastalaí Cianrochtana |
| RHE | Forfheidhmiú um Tharluithe Bóthair |
| SPHE | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| SSC | Conraitheoir Seirbhísí Maoirseachta |
| TEC | Conraitheoir Eilimintí Teicniúla |
| TISPOL | Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta |
| TY | An Idirbhliain |
| USI | Aontas na Mac Léinn in Éirinn |
| VOSA | Vehicle Operator Standards Agency (RA) |
| WIMS | An Córas Meáigh-Faoi-Shiúl |

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Obair le Beatha a Shábháil

**Is mian leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as a dtacaíocht i 2012:**

A-CEART
Advance Pitstop
An Garda Síochána
Teagascóirí Tiomána Formheasta (TTFanna)
Automobile Association
BRÍ
Bus Éireann
Coach Tourism and Transport Council
An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Ospidéal Ollscoil Chorcaí
Coistí Cathrach i gCúram Leanaí
Cycling Ireland
Cycling.ie
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Clár TY)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus
Rialtais Áitiúil
An Roinn Comhshaoil (TÉ)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Iompair
DIAI
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath
BSL
Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
Fleet Magazine
Cumann Peile na hÉireann (FAI)
Scoileanna Glasa
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
IDAI
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU)
iRadio
Údaráis Áitiúla
An Bord Ríomhaire Rialtais Áitiúil
MEAS
Media
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
Met Eireann
Mid West Radio
Muintir na Tíre
Fóraim Náisiúnta Phobail
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

**Go raibh maith agaibh**

An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
No Names Club
O'Brien Press
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PARC
Responsible Young Drivers (YTD)
Reynolds Logistics Ltd
Oifigigh Shábháilteachta ar Bhóithre agus
Údaráis Áitiúla
Road Safety Together
Roscommon Herald
Rose of Tralee Festival
Setanta Insurance
Smarter Travel
Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
Coláistí Tríú Leibhéal
Tony Kealy's Baby Store
Topaz
Coláiste na Tríonóide
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Corcaigh
Volvo
Mercedes
Grúpaí Oibre

Ag Obair Chun Beatha Daoine A Shábháil


Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre

Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road,Ballina, Co. Mayo.
locall: 1890 50 60 80 fax: (096) 25 252 email: info@rsa.ie website: www.rsa.ie